Tuarascáil Bhliantúil 2001

An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil

Tuarascáil Bhliantúil 2001

© Rialtas na hÉireann 2002

Tá an doiciméad seo ar fáil i mBéarla freisin.

An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil,
Teach an Chustaim,
Baile Átha Cliath 1.

LóGhlao: 1890 20 20 21
Teil: (01) 888 2000
Facs: (01) 888 2888
láithreán gréasáin: http://www.environ.ie

Tuarascáil Bhliantúil 2001

Clár

		Lch
Misean agus Spriocanna Ardleibhéil		4
Focal ón Aire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil		5
Cuid 1	Ráiteas an Ard-Rúnaí	6
Cuid 2	Dul chun Cinn maidir leis an ***Ráiteas Straitéise 2001 - 2004***	8
	Comhshaol	9
	Bóithre	22
	Tithíocht	28
	Pleanáil	34
	Rialtas Áitiúil	38
	Ár gCumas Féin	41
	Ag Freastal ar ár gCustaiméirí	46
	Ag Obair leis na hÚdaráis Áitiúla	52
	Ag Obair le Comhlachtaí Eile	57
	Ag Obair leis an Earnáil Phríobháideach	59
Cuid 3	Aguisíní	63
	Aguisín 1 : Gníomhaíocht Reachtúil	64
	Aguisín 2 : Foilseacháin	74
	Aguisín 3 : Ráitis Airgeadais	76
	Aguisín 4 : Cairt Eagrúcháin	84
	Aguisín 5 : Suíomh Phríomh-Oifigí na Roinne	86
	Aguisín 6 : Gníomhaireachtaí	88

Misean

An fhorbairt inmharthana a chur chun cinn agus an cháilíocht saoil a fheabhsú trí chaomhnú comhshaoil, soláthar bonneagair, forbairt réigiúnach chothromaithe agus dea-rialtas áitiúil.

Spriocanna Ardleibhéil

Comhshaol ardchaighdeáin, nádúrtha agus tógtha, a chur chun cinn.

Tacú leis an bhforbairt eacnamaíoch agus shóisialta tríd an ról atá againn i soláthar bonneagair seirbhísí cosainte.

Dáileadh feabhsaithe spáis i gcúrsaí forbartha a chur chun cinn.

Rialtas éifeachtach áitiúil a chur chun cinn agus tacú leis.

Focal ón Aire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil

Cúis áthais dom glacadh le Tuarascáil Bhliantúil mo Roinne don bhliain 2001. Déanann an Tuarascáil seo, a ullmhaíodh de réir théarmaí an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997, cur síos ar an dul chun cinn a rinneadh sa bhliain 2001 maidir le ***Ráiteas Straitéise 2001-2004*** na Roinne a chur chun feidhme.

Rinne mo Roinnse lear mór reachtaíochta a achtú i rith na bliana 2001 – i mí Iúil, achtaíodh an tAcht Rialtais Áitiúil 2001, a rinne comhdhlúthú agus nuashonrú ar an reachtaíocht rialtais áitiúil, agus i mí Dheireadh Fómhair achtaíodh an tAcht Toghcháin (Leasú) 2001, a rinne socrú do réimse leathan ceisteanna, lena n-áirítear grianghraif a bheith á n-úsáid ar pháipéir ballóide. Ina theannta seo, rinne an Roinn an bonn reachtach a thógáil chun córas na bpointí pionóis agus an tobhach comhshaoil ar mhálaí plaisteacha siopadóireachta a thabhairt isteach.

Rinneadh dul chun cinn i rith na bliana maidir le pleananna chun vótáil agus comhaireamh leictreonach a thabhairt isteach agus rinneadh píolótú ina dhiaidh sin ar an gcóras i 3 dháilcheantar le linn olltoghchán 2002.

Rinneadh go leor comhchomhairliúcháin le mo Roinn i rith na bliana agus eisíodh roinnt mhaith doiciméad comhchomhairliúcháin phoiblí, ina measc ***An Straitéis Spáis Náisiúnta - Treoracha don Bhealach atá Romhainn***. Cuireadh struchtúir nua comhchomhairliúcháin i bhfeidhm le linn na bliana 2001 chun go mbeadh cumarsáid níos fearr á déanamh leis na húdaráis áitiúla.

Tugaim faoi deara, gur thug an Roinn faoi athchóirithe a chur i bhfeidhm i gcúrsaí rialtais áitiúil i mbliana, tar éis gur achtaíodh an tAcht Rialtais Áitiúil, san áit a mbíodh béim blianta roimhe seo ar phleanáil an chláir athnuachana rialtais phoiblí.

Le linn na bliana 2001, chuir mo Roinn chun cinn clár nuachóirithe na seirbhíse poiblí, a ndearnadh cur síos air sa ***Chlár um Rathúnas agus Cothroime***, agus go sonrach, foilsíodh an ***Ráiteas Straitéise 2001 - 2004*** agus an ***Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí*** i dtreo lár na bliana. Tugadh ***E-Public Services Strategy*** na Roinne chun críche i rith na bliana freisin agus, go deimhin, chuir an Roinn tús lena clár seachadta seirbhísí leictreonacha poiblí nuair a seoladh láithreán dátheangach gréasáin na tástála tiomána i mí Iúil na bliana 2001.

Is mór an dul chun cinn atá déanta ag mo Roinnse agus tá cur síos air sa Tuarascáil seo. Beidh dúshláin mhóra, agus deiseanna móra romhainn agus Ráiteas nua Straitéise á ullmhú againn. Tá mé ag tnúth leis an gcéad Ráiteas Straitéise eile agus leis an Ráiteas sin a chur chun tosaigh le tacaíocht mo Roinne.

Máirtín Ó Cuilinn, T.D.
Aire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil

Cuid 1 Ráiteas an Ard-Rúnaí

Foilsíodh ***Ráiteas Straitéise 2001 - 2004*** na Roinne i mí Iúil na bliana 2001. Leag sé seo amach spriocanna ardleibhéil na Roinne agus rinne sé sainmhíniú ar na cuspóirí agus ar na straitéisí a leanfaí chun go n-aimseofaí na spriocanna seo nó go rachfaí i bhfoisceacht a n-aimsithe. Seo í an chéad tuarascáil bhliantúil ar Ráiteas Straitéise agus ullmhaíodh í chun ceanglais reachtúla an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997 a shásamh.

Le linn na bliana 2001 rinne an Roinn an-dul chun cinn agus an sprioc ***comhshaol ardchaighdeáin, nádúrtha agus tógtha, a chur chun cinn*** á leanúint aici". Rinneadh clár na forbartha inmharthana a chur chun cinn, le n-áirítear gnéithe den Straitéis Náisiúnta um an Athrú Aeráide a chur chun feidhme, Pleananna um Bainistiú Dramhaíola a ghlacadh ag na húdaráis áitiúla agus an tobhach comhshaoil ar mhálaí plaisteacha a thabhairt isteach chun tacú le polasaithe na Roinne um bainistiú dramhaíola.

Agus an Roinn ag ***tacú leis an bhforbairt eacnamaíoch agus shóisialta tríd an ról atá againn i soláthar bonneagair seirbhísí cosainte***, choinnigh sí uirthi leis an gclár uaillmhianach infheistíochta in uisce, i ndramh-uisce, i mbainistiú dramhaíola, i mbóithre agus i mbonneagar tithíochta, a ndearnadh soláthar dó sa ***Phlean Forbartha Náisiúnta 2000 - 2006***. Ar na príomhthorthaí, bhí dul chun suntasach maidir le mórchuspóirí comhshaoil an Urban Waste Water Treoir a bhaint amach agus maidir le díriú ar shainfhadhb chaighdeán an uisce óil, fadhb atá fós ann i gceantair tuaithe. Beidh mórfhorbairtí polasaí a cuireadh chun cinn le linn bhliain na tuarascála seo mar bhonn faoin straitéis infheistíochta seo. Ina measc tá forbairt agus faomhadh ag an Rialtas ar thograí mionsonraithe do Bhille um Sheirbhísí Uisce a mbeadh athchóirithe móra rialacháin mar chuid de agus cur i bhfeidhm leanúnach an phrionsabail "íoc mar a thruaillítear" i leith soláthar seirbhísí uisce san earnáil neamhtheaghlaigh. Ba mhó ná ¤1.5 billiún an caiteachas i 2001ar chláir bóithre do bhóithre náisiúnta agus do bhóithre neamhnáisiúnta, rud a chuir feabhas suntasach ar bhonneagar na mbóithre. Ina theannta seo, bhí an t-aschur tithíochta sa bhliain 2001 níos airde ná mar a bhí riamh roimhe seo; tógadh 52,602 aonad agus sásamh riachtanais tithíochta sóisialta inacmhainne i gcás breis agus 11,000 teaghlach sa bhliain 2001.

Agus an Roinn ag féachaint lena sprioc ardleibhéil ***dáileadh feabhsaithe spáis i gcúrsaí forbartha a chur chun cinn***, ba mhór ab fhiú gur tugadh chun críche sa bhliain 2001 an t-athchóiriú mór a bhí á dhéanamh ar an gcód pleanála. Is comhartha de cheann de céimeanna deiridh phróiseas an athchóirithe rialachán iad na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt agus tá forálacha mionsonraithe iontu chun go mbeifear in ann éifeacht a thabhairt don Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000. Leanadh den fhorbairt chothromaithe réigiúnach i rith na bliana 2001 trí Straitéis Spáis Náisiúnta a ullmhú, rud a bhí i ngeall le bheith tugtha chun críche i ndeireadh na bliana 2001.

Rinneadh obair shuntasach ag féachaint leis an sprioc ardleibhéil ***Rialtas éifeachtach áitiúil a chur chun cinn agus tacú leis*** a bhaint amach Tá réimse leathan de thionscnaimh e-rialtais faoi lánseol ag leibhéal an rialtais áitiúil. Ina theannta seo, rinneadh dul chun cinn mór i rith na bliana i dtaobh fhorbairt agus chur i bhfeidhm an Chórais Nua Bainistíochta Airgeadais nua d'údaráis áitiúla. Is mór a chuirfidh an córas seo leis an gclár éifeachta go ginearálta agus cuirfidh sé faisnéis chuimsitheach, thábhachtach bhainistíochta ar fáil. Chuir an Ciste Rialtais Áitiúil ¤989 milliún ar fáil do húdaráis áitiúla sa bhliain 2001. Rinneadh dul chun cinn suntasach i struchtúir nua comhchomhairliúcháin le struchtúir áitiúla a bunaíodh sa bhliain 2001 chun gur fearr a bheifí in ann taithí a roinnt le rialtais áitiúla.

I gCuid 2 den Tuarascáil seo, déantar mionchur síos ar an dul chun cinn a rinneadh maidir leis na spriocanna a chuireamar romhainn a bhaint amach agus maidir le cur i bhfeidhm ár bpríomhstraitéisí mar a aithneodh sa ***Ráiteas Straitéise 2001 – 2004*** iad; agus i gcuid 3 tá roinnt aguisíní lena n-áirítear mionsonraí maidir lenár ngníomhaíochtaí reachtúla agus foilseacháin, mar aon lenár ráitis airgeadais.

Bhí an-siúl faoi chúrsaí maidir le polasaithe agus maidir le cláir na Roinne sa bhliain 2001 agus tá a shliocht seo ar an Tuarascáil Bhliantúil.

Bhí athchóiriú ó bhonn á dhéanamh ar an Roinn agus an Tuarascáil seo á cur i gcló – tá cúram na mbóithre náisiúnta leagtha anois ar an Roinn nua Iompair agus tá freagracht leagtha ar an Roinn

maidir le Dúchas, Sábháilteacht Núicléach agus Met Éireann. Beidh cúram faoi leith á dhéanamh i Ráiteas Straitéise nua na Roinne chun díriú ar na dúshláin a eascróidh as an ról méadaithe, athstruchtúrtha atá ag an Roinn.

Niall Callan
Ard-Rúnaí

Cuid 2 Dul chun Cinn maidir leis an *Ráiteas Straitéise 2001 - 2004*

Comhshaol

Cuspóir
Comhshaol nádúrtha ardchaighdeáin a chothú agus a chosaint agus lánpháirtiú cúrsaí comhshaoil i bpolasaithe eacnamaíocha agus earnála

Leanadh le hiarrachtaí i gcaitheamh na bliana 2001 comhshaol nádúrtha ardchaighdeáin a chothú agus a chosaint.

Tá lánpháirtiú cúrsaí comhshaoil i bpolasaithe eacnamaíocha agus earnála ar cheann de na príomhbhealaí ina dtugtar ar chothromaíocht idir an fhorbairt shóisialta agus eacnamaíoch agus cosaint an chomhshaoil ionas nach gcuirfidh gníomhaíochtaí an duine táirgiúlacht fhadtéarma na n-éiceachóras tacaíochta i mbaol.

Aithníodh sa ***Phlean Forbartha Náisiúnta 2000 - 2006*** (PFN) an tábhacht atá leis an mbonneagar comhshaoil maidir le patrúin inmharthana forbartha a chur chun cinn, a mhéid agus a bhain le héascú na forbartha sin a bhfuil gá léi, agus freisin chun aon tionchar diúltach a d'fhéadfadh sí a bheith aici ar an gcomhshaol a mhaolú. Tá sé riachtanach go gcuirfí bonneagar cuimsitheach uisce, dramh-uisce agus bainistíochta dramhaíola ar fáil má tá forbairt mhór eacnamaíoch le déanamh agus má táthar lena chinntiú nach mbeidh costas neamh-inghlactha comhshaoil ar an bhforbairt sin a d'fhéadfadh a bheith mar bhac ar an bhfás sa todhchaí. Rinne dul chun cinn maidir le soláthar an bhonneagair sin sa bhliain 2001.

Aithníodh sa ***Ráiteas Straitéise 2001 - 2004*** go bhfuil an feabhas atá le cur ar an mbainistíocht dramhaíola ar cheann de na dúshláin mhóra atá i gceist i bpolasaithe comhshaoil agus forbartha inmharthana in Éirinn. Tá níos mó agus níos mó dramhaíola á cruthú ag gach uile earnáil; ag teacht leis an bhfás eacnamaíoch agus leis na gréasáin mhéadaithe tomhaltais. Mar aitheantas ar an mbéim threisithe atá á leagan ar chosc, laghdú agus aisghabháil na dramhaíola a fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm go náisiúnta, rinne an Roinn breis acmhainní foirne a shannadh dá fheidhm bainistíochta dramhaíola sa bhliain 2001. Chuir an acmhainn bhreise seo ar chumas na Roinne luas a chur faoin dul chun cinn i réimsí éagsúla d'earnáil na bainistíochta dramhaíola sa bhliain 2001.

Tá dul chun cinn suntasach déanta agus tá mionchur síos anseo thíos ar na gníomhaíochtaí éagsúla ar tugadh fúthu agus na príomhstraitéisí a aithníodh i ***Ráiteas Straitéise 2001 - 2004*** á gcur i bhfeidhm chun tacú le haimsiú an chuspóra thuasluaite i gcaitheamh na bliana 2001.

Príomhstraitéisí
Polasaithe, cláir agus creat reachtach a sholáthar agus a chothabháil chun go ndéanfaí na meáin chomhshaoil a chosaint agus, i gcás inar gá sin, go ndéanfaí iad a fheabhsú, agus chun go ndéanfaí bainistíocht dramhaíola go sásúil.

Bhí tionchar ag cur i bhfeidhm na bpríomhpholasaithe straitéiseacha agus na mbeart straitéiseach a leagadh amach in ***Sustainable Development: A Strategy for Ireland*** ar fhorbairt agus ar sheachadadh polasaithe agus clár in earnáil chosaint an chomhshaoil agus na forbartha inmharthana i gcaitheamh na bliana 2001.

Cuireann an tAcht um Bainistiú Dramhaíola (Leasú) 2001 a achtaíodh i mí Iúil na bliana 2001, meicníocht ar fáil chun próiseas pleanála na **bainistíochta dramhaíola**, a bhí breis agus 4 bliana ar siúl, a thabhairt chun críche go sásúil. Chinntigh na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (An Dáta Forordaithe) 2001 go mbeadh pleananna réigiúnacha agus áitiúla bainistíochta dramhaíola glactha ag na húdaráis áitiúla uile faoi 14 Meán Fómhair 2001, agus go soláthrófaí ar an gcaoi sin creat nua do nuachóiriú ar sheirbhísí agus ar áiseanna. Cuireadh fógra chuig an gCoimisiún Eorpach maidir le glacadh na bpleananna uile a chomhlíon oibleagáidí faoi líon Treoracha.

Rinneadh Rialacháin sa bhliain 2001 chun **tobhach comhshaoil** de ¤0.15 a thabhairt isteach ar dhíol málaí plaisteacha siopadóireachta, le héifeacht ó mhí Márta 2002. Tar éis próisis fhoirmeálta chomhchomhairliúcháin ar an tobhach a bhí tograithe ar líonadh talún dramhaíola i dtreo dheireadh na bliana 2001, bhí aighneachtaí a bhí faighte ó réimse leathan de pháirtithe leasmhara á mbreithniú i

ndeireadh na bliana, rud a chuir leis an bhfaisnéis a bhí ann agus Rialacháin á n-ullmhú chun éifeacht a thabhairt don tobhach. Tá an tobhach á thabhairt isteach i dtosach ag ráta ¤15 an tonna sa bhliain 2002 agus spreagfaidh sé seo an dramhaíl a chur ar mhalairt slí ón líonadh talún.

Sa bhliain 2001, rinneadh dul chun cinn ar leibhéal AE maidir le caibidlíocht na Treorach beartaithe ar dhramhthrealamh leictreach agus ar dhramhaíl leictreonach. Cuireadh tús le hobair in Éirinn chun na treoracha a glacadh maidir le líonadh talún dramhaíola agus gluaisteáin dheireadh ré a aistriú agus a chur i bhfeidhm.

Rinneadh dul chun cinn freisin sa bliain 2001 maidir le ráiteas polasaí a dhréachtú ar Chosc agus ar Athchúrsáil Dramhaíola.

In Eanáir na bliana 2001, bunaíodh Foireann Idir-Rannach um an Athrú Aeráide, chun comhordú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na ***Straitéise Náisiúnta um an Athrú Aeráide***. Bhunaigh an Fhoireann roinnt foghrúpaí chun obair a dhéanamh i sainearnálacha lena n-áirítear an anailís eacnamaíoch, sonraí fardail, trádáil astaíochtaí agus comhaontuithe idirbheartaithe le lucht tionscail. Chomh maith leis seo, i rith na bliana, thug an fhoireann faoi chomhchomhairliúcháin forleathan maidir le socruithe i dtaobh chur i bhfeidhm.

Cuireadh tús sa bhliain 2001 le go leor beart chun astaíochtaí gáis cheaptha teasa a mhaolú, lena n-áirítear:

- doiciméid chomhchomhairliúcháin a eisiúint maidir le hathbhreithniú ar Chuid L de na Rialacháin Foirgníochta a bhaineann le caomhnú breosla agus fuinnimh; tá sé beartaithe caighdeáin a fheabhsú faoi 1 Iúil 2002 agus léiríonn na meastacháin go ndéanfaidh na caighdeáin nua na ceanglais maidir le spás agus téamh uisce a laghdú de idir 23% agus 33%, ag brath ar chineál agus ar mhéid na teaghaise, agus go ndéanfaidh siad astaíochtaí a laghdú go dtí oiread agus 300,000 tonna de choibhéis CO_2 in aghaidh na bliana faoin mbliain 2012 (tugtar sonraí breise faoi seo in Ag Obair leis an Earnáil Phríobháideach den Tuarascáil seo);
- Rialacháin nua a dhéanamh a cheanglaíonn go ndéanfaí lipéadú aonair ar gach carr paisinéirí a dhíoltar ar shlí a thabharfadh maidir le barainneacht bhreosla agus astaíochtaí CO_2; cuirfidh sé seo ar chumas lucht ceannaithe gluaisteán an t-athrú aeráide a chur san áireamh agus iad ag ceannach, agus beidh an fhéidearthacht ann barainneacht bhreosla flít a fheabhsú de 4% go 5% agus astaíochtaí a laghdú de 380,000 tonna CO_2 in aghaidh na bliana faoin mbliain 2010; agus
- feabhas suntasach a chur ar sholáthar saoráidí rothair i mBaile Átha Cliath agus 125 bus nua agus 156 bus ionadúil a sholáthar do Bhus Átha Cliath

Faoi Phrótacal Kyoto, féadfaidh tíortha trádáil astaíochtaí a dhéanamh chun a gcuid spriocanna a bhaint amach agus sa bhliain 2001 foilsíodh dréacht-Threoir maidir le Treoirscéim AE um thrádáil ón mbliain 2005 go dtí an bhliain 2007. Tabharfaidh scéim dá leithéid deis níos fearr do chuideachtaí lánpháirt a ghlacadh i lántrádáil idirnáisiúnta astaíochtaí ón mbliain 2008 ar aghaidh.

I gcaitheamh na bliana 2001 rinneadh sraith beart chun tacú le gníomhaíocht mhéadaithe na n-údarás áitiúil i ndáil le **bruscar** agus chun dlús a chur faoi chur i bhfeidhm an ***Phlean Gníomhaíochta don Bhruscar*** a foilsíodh i rith na bliana during the year. Ar na bearta seo bhí:

- Córas Náisiúnta Faireacháin ar Thruailliú ó Bhruscar a bhunú chun faireachán agus measúnacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí bainistíochta bruscair agus forghníomhaithe na n-údarás áitiúil lena n-áirítear cur chun cinn na ndea-chleachtas i measc na n-údarás áitiúil chun an bruscar a chosc agus a rialú; bhí tús curtha ag formhór na n-údarás áitiúil le cur i bhfeidhm an chórais faoi dheireadh na bliana 2001;
- tacaíocht airgeadais a thabhairt do thionscadal An Taisce, ***Glantachán Earraigh Náisiúnta 2001***; de bharr an tionscadail seo bhí breis agus 530,000 duine rannpháirteach i 5,500 imeacht, ag bailiú breis agus 24,000 tonna bruscair timpeall na tíre ón mbliain 1999 i leith;
- luach ¤614,555 de dheontais a thabhairt do na húdaráis áitiúla chun comh-mhaoiniú a dhéanamh ar thionscnaimh oideachais phoiblí agus feasachta poiblí in aghaidh an bhruscair; agus
- dúblú go ¤125 ar luach na fíneála ar an láthair le héifeacht ó mhí Eanáir 2002.

Mar a léirítear thíos, d'éirigh go maith ar bhonn leanúnach le gníomhaíochtaí na n-údarás áitiúil ag cur in aghaidh an bhruscair::

- tháinig méadú faoi thrí, agus tuilleadh, ón mbliain 1997 ar líon na maor bruscair atá fostaithe;

- tháinig méadú suntasach ón mbliain 1997 ar líon na n-ionchúiseamh bruscair agus ar líon na bhfíneálacha ar an láthair; agus
- tháinig méadú suntasach ó ¤25.4 milliún sa bhliain 1997 go caiteachas measta ¤48.25 milliún sa bhliain 2001 ar chaiteachas bliantúil na n-údarás áitiúil i leith glantacháin sráide agus seirbhísí maoir bruscair.







An cheannaireacht polasaí agus creat reachtach a sholáthar chun forbairt a dhéanamh ar chláir infheistíochta i mbonneagar uisce, dramh-uisce agus bainistíochta dramhaíola, agus maoirsiú a dhéanamh ar a gcur i bhfeidhm, agus tionscnaimh comhlántacha polasaithe a leanúint, lena n-áirítear an prionsabal "íoc mar a thruaillítear" a chur i bhfeidhm, chun freastal ar riachtanais chomhshaoil agus forbartha

Rinneadh buaicleibhéal infheistíochta ¤507 milliún i mbonneagar seirbhísí uisce sa bhliain 2001 lena n-áirítear ¤80 milliún breise a fuarthas trí bhíthin meastacháin fhorlíontaigh chun luas a choinneáil faoin gclár agus ¤213 milliún ón AE trí na cistí Comhtháthaithe agus Struchtúrtha. Bhí an leibhéal seo cistithe mar thaca faoi na hiarrachtaí leanúnacha a rinneadh ceanglais na dTreoracha um Chóireáil Dramh-Uisce Uirbigh agus na dTreoracha um Uisce Óil a shásamh agus soláthraíodh saoráidí uisce agus séarachais do riachtanais shóisialta agus eacnamaíocha freisin dá bharr.

Tá sé de bhua ag an gClár Infheistíochta 3 bliana Seirbhísí Uisce, a seoladh sa bhliain 2000 gur mhaolaigh sé an éiginnteacht a bhíodh ann roimhe seo de bharr chur chuige na haon bhliana amháin. Cuireann an Clár seo creat ar fáil anois chun mórscéimeanna uisce agus séarachais a thógáil, lena n-áirítear scéimeanna chun cóireáil thánaisteach, nó cóireáil níos fearr fós, a sholáthar sna ceirtleáin uile atá clúdaithe ag an Treoir um Chóireáil Dramh-Uisce Uirbigh agus a aithníonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) mar cheirtleáin atá gan chóireáil dramh-uisce, chun oibreacha a dhéanamh faoi na cláir caomhnaithe uisce agus faoi fhochláir eile, agus chun infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail theicniúla chun cur le costéifeacht na n-oibreacha atá á ndéanamh. Ina theannta seo, déanann an PFN soláthar do luach ¤1.7 billiún d'infheistíocht chun na scéimeanna dramh-uisce atá fágtha agus a éilítear faoin Treoir um Chóireáil Dramh-Uisce Uirbigh a thabhairt chun críche.

Tá dul chun cinn suntasach déanta i gcur i bhfeidhm an Chláir 3 bliana Infheistíochta i Seirbhísí Uisce agus i seachadadh tionscadal. Tá breis agus 180 scéim tugtha chun críche ó seoladh an Clár, agus 80 scéim críochnaithe i rith na bliana 2001 lena n-áirítear Príomh-Scéimeanna Siltín Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan, Scéimeanna Séarachais Mhainistir na Corann agus Bhaile Locha Riach; Scéim Uisce Mhuineacháin agus Scéim Uisce Shligigh agus a Phurlán. Ar na scéimeanna suntasacha atá á dtógáil tá Tionscadal Chuan Bhaile Átha Cliath, ar cuid de an gléasra cóireála dramh-uisce atá á thógáil ag an Rinn, an gléasra is mó atá á thógáil san AE i láthair na huaire, Scéimeanna Séarachais na Gaillimhe, Chorcaí, Luimnigh, Loch Garman agus Shoird agus Scéim Soláthair Uisce Loch Measca, Thuama agus Chora Chaitlín. As na 37 ceirtleán a d'aithin an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) mar cheirtleáin atá gan chóireáil dramh-uisce, déanfaidh na

scéimeanna atá tugtha chun críche, na scéimeanna atá faoi lánseol, nó na scéimeanna atá le tosú roimh dheireadh na bliana 2002, freastal ar riachtanais breis agus 97% díobh.

Tá an **Caomhnú** fíorthábhachtach maidir le inmharthanacht in úsáid acmhainní uisce. Mar mhalairt inmharthanach ar an soláthar caipitiúil bonneagair, is féidir toilleadh breise soláthair uisce a chur ar fáil tríd an sceitheadh uisce a rialú. Fógraíodh clár náisiúnta caomhnaithe uisce sa bhliain 2001, tar éis gur tugadh Staidéar Náisiúnta ar an Uisce chun críche. De bhíthin an chláir seo, a bhfuil geall le ¤370 milliún d'infheistíocht ag gabháil leis, beifear in ann leanúint den chistiú ar réimse tionscadal caomhnaithe uisce, lena n-áirítear staidéir sainchomhairleoirí, méadarú, mapáil, athinmheachán agus athchóiriú píolótach, sceitheadh uisce a bhrath, obair shubstainteach athinmheacháin agus eochairthionscadail cúnaimh theicniúil.

Tá céim an staidéir críochnaithe anois i gcás cuid mhaith de na 15 scéim caomhnaithe uisce atá ar siúl cheana féin in áiteanna ar nós: Baile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh, Port Láirge, Luimneach, Baile Átha Luain, agus Cluain Meala, agus tá tús curtha leis an obair fhisiciúil ar athinmheachán substaintiúil líonra. Tá laghdú suntasach á chur ar leibhéal an sceite uisce, go háirithe i réigiún Bhaile Átha Cliath, áit a raibh laghdú ó 42.5% den soláthar go dtí 28.7% den soláthar tagtha ar an líon uisce nach raibh cuntas ar bith air faoi dheireadh an chonartha deisithe sceitheanna. Deisíodh tuairim agus 19,000 sceith le linn thréimhse an chonartha sin. De bharr an chláir caomhnaithe, bhí ar chumas réigiún Bhaile Átha Cliath freastal ar an éileamh mór a bhí ar sholáthar breise uisce, ag baint úsáide as an mbonneagar soláthair atá ann cheana féin, agus ag an am céanna bhíothas in ann deireadh a chur leis an ísliú a thagadh istoíche ar bhrú an uisce agus a bhí ag cur isteach ar 150,000 duine.

Tá riachtanach sé go ndéanfaí córas cuimsitheach faireacháin/bainistíochta a fhorbairt má táthar le comhlánú a dhéanamh ar infheistíocht i **mbonneagar dramh-uisce**. Tá cur síos thíos, faoin bpríomhstraitéis ar chórais rialála agus faireacháin comhshaoil.

Tá infheistíocht chaipitiúil á soláthar freisin faoin PFN chun tacú le forbairt an bhonneagair athghabhála dramhaíola is gá i rith shaolré an Phlean.

Chomh maith leis an infheistíocht i mbonneagar seirbhísí uisce a bheith a cothabháil agus go deimhin, a méadú, rinneadh dul chun cinn freisin maidir leis an gcreat polasaí ar laistigh de a dhéanann na húdaráis áitiúla seirbhísí uisce a sheachadadh. Rinne an Roinn athbhreithniú mionsonraithe ar chreat iomlán reachtach na seirbhísí uisce. Mar atá sé faoi láthair, tá forálacha reachtúla ann ó réimhse achtachán atá againn ón 19ú Céad. Níl sé seo sásúil agus níl aon léiriú soiléir, i dteanga nua-aimseartha, laistigh d'aon chód amháin, de na rólanna éagsúla agus de na freagrachtaí éagsúla atá ag croílár soláthair agus bainistíochta seirbhísí uisce. Níl aon léiriú ach an oiread iontu ar choincheapa ar nós choincheap na forbartha inmharthana, a tháinig chun solais le blianta beaga anuas. Tar éis cinneadh a dhéanamh comhdhlúthú agus nuashonrú a dhéanamh ar an an gcreat, rinne an Rialtas forbairt agus faomhadh i mí Lúil na bliana 2001 ar thograí mionsonraithe reachtúla i leith Bille nua um Sheirbhísí Uisce. Chomh maith leis an gcomhdhlúthú agus leis an nuashonrú a dhéanann siad ar fhorálacha atá ann cheana féin, déanann na tograí seo socrú do struchtúir nua, nuálacha rialála agus institiúideacha lena n-áirítear córas ceadúnaithe a thabhairt isteach san earnáil phríobháideach (grúpscéimeanna den chuid is mó) agus bunú Údaráis Náisiúnta um Sheirbhísí Uisce chun cúram a dhéanamh de na feidhmeanna a chomhlíonann an Roinn faoi láthair i dtaca le seirbhísí uisce, agus forbairt a dhéanamh orthu. Rinneadh leathnú agus cur i bhfeidhm an pholasaí praghsála seirbhísí uisce a chur chun cinn freisin, rud a thug éifeacht bhreise do pholasaí an Rialtais maidir leis an bprionasabal "íoc mar a thruaillítear" a chur i bhfeidhm i leith soláthar seirbhísí uisce san earnáil neamhtheaghlaigh. Le linn 2001 tugadh tacaíocht bhreise agus treoir bhreise do na húdaráis áitiúla i gcur i bhfeidhm an pholasaí seo trí chiorcláin faisnéise a eisiúint, a chuir comhairle ar údaráis agus a thug cúnamh maidir le cur i bhfeidhm ginearálta polasaí, comhaontuithe, maidir le comhaontuithe eiseamláireacha a dhéanamh agus a thug treoir maidir le custaiméirí neamhtheaghlaigh agus forbairt leanúnach CIF (Córas Iomlán Faisnéise) um sheirbhísí uisce.

Bunaíodh **Ciste Comhshaoil** nua faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola (Leasú) 2001 agus déanfar an t-ioncam ó na tobhaigh atá beartaithe a chur ar mhálaí plaisteacha siopadóireachta agus ar líonadh talún dramhaíola a chur i dtreo an Chiste. Bainfear leas as an gCiste seo chun críoch éagsúil ar nós: cláir chun dramhaíl a chosc nó a laghdú, gníomhaíochtaí athghabhála dramhaíola a bhunú agus a

oibriú, bruscar a chosc, tionscadail freagrachta táirgeoirí, tionscadail comhpháirtíochta comhshaoil, agus feasacht chomhshaoil.

Cuireann polasaí agus reachtaíocht AE agus náisiúnta béim faoi leith ar an ngá atá le héifeacht a thabhairt don phrionsabal "**íoc mar a thruaillítear**" i ndáil le costais diúscairte dramhaíola. Tá sé de chumhacht ag údaráis áitiúil táillí a mhuirearú i leith seirbhísí a sholáthraíonn siad faoin Acht Rialtais Áitiúil (Forálacha Airgeadais) (Uimh. 2) 1883, arna leasú. Faoi Alt 22 den Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996, tá ceanglas dlíthiúil ar na húdaráis áitiúla, agus pleananna bainistithe dramhaíola á ndéanamh acu, féachaint don ghá atá le héifeacht a thabhairt don phrionsabal "íoc mar a thruaillítear".

Rinneadh dul chun cinn i dtaobh tacú le **tionscnaimh freagrachta táirgeoirí**. Bhí dlúthnasc idir an Roinn agus Repak agus Grúpa Táirgeoirí Scannáin Feirme na hÉireann (IFFPG) a bhfuil freagracht orthu maidir le hathghabháil, le pacáistiú agus le dramhaíl phlaisteach feirme faoi seach. Tá an Roinn i mbun caibidlíochta le Comhlachas Thionscal na mBonn in Éirinn i ndeireadh na bliana 2001, agus rinne an Comhlachas dréacht-thogra a thíolacadh maidir le thionscnamh freagrachta táirgeoirí i leith dramhbhoinn. Ina theannta seo, cuireadh tús le caibidlíocht le tionscal na nuachtán i dtreo dheireadh na bliana 2001 chun tionscnamh freagrachta táirgeoirí a fhorbairt sa bhliain 2002 i leith an nuachtpháipéir. Rinne na páirtithe leasmhara uile plé sa bhliain 2001 ar chóras bainistíochta d'fheithiclí deireadh ré, faoi théarmaí Threoir 2000/53/CE agus thángthas ar chomhaontú, i bprionsabal.

Bhunaigh an Roinn Tasc-Fhórsa i ndeireadh na bliana 2001 chun athbhreithniú a dhéanamh ar Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Pacáistiú) 1997 agus táthar ag súil go ndéanfar athchóiriú ar bhainistíocht dramhaíola pacáistithe tráchtála de bharr an athbhreithnithe seo. Chuir Tascfhórsa an Tionscail Fhoirgníochta um Dhramhaíl Foirgníochta agus Scartála (F & S) tuarascáil faoi bhráid an Aire i mí Meithimh 2001 maidir le clár Saorálach tionscail fhoirgníochta a fhorbairt chun spriocanna náisiúnta athghabhála dramhaíola F & S a bhaint amach. D'iarr an tAire ina dhiaidh sin go ndéanfaí an tuarascáil a chur chun feidhme mar ábhar práinne.

Neartaigh an Roinn an **creat reachtach um chosaint comhshaoil** ach go háirithe, trí réimse leathan Rialachán a dhéanamh sa bhliain 2001. Déanann na Rialacháin sin socrú do thrasuí, do chur chun feidhme agus do chomhlíonadh líon Treoracha AE. Tá sonraí maidir leis an ngníomhaíocht reachtúil i rith na bliana 2001 ar fáil in Aguisín 1. .

Córais rialaithe agus faireacháin comhshaoil éifeachtacha agus éifeachtúla a sholáthar agus a chothú trí ghníomhaíocht ag an Roinn, ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus ag údaráis áitiúla

Léiríonn tuarascáil tríbhliantúil na Gníomhaireachta um Chaomhnú Chomhshaoil; ***Water Quality in Ireland 1998 - 2000***, a foilsíodh i mí Eanáir na bliana 2002 go raibh **an caighdeán uisce** in Éirinn sásúil go leor le linn na tréimhse seo, go háirithe le hais tíortha eile san Eoraip. Den chéad uair ó tosaíodh ar na suirbhéanna náisiúnta sa bliain 1971, deirtear sa tuarascáil go bhfuil aisiompú ag tarlú maidir le caighdeán an uisce a bheith ag dul in olcas mar a bhí agus gur tuairiscíodh fad na gcainéal aibhneacha neamhthruaillithe a bheith ag dul chun síneadh agus méadú a bheith ag teacht ar achar dhromchla na loch neamhthruaillithe. Cuireann an tuarascáil béim freisin ar an bhfosfar mar phríomhchúis an truaillithe in Éirinn. Luann an tuarascáil an feabhas seo leis an réimse leathan de bhearta bainistithe abhantraí a cuireadh i bhfeidhm, go háirithe sna tionscadail mhóra a chuir an Roinn chun cinn, lena n-áirítear an infheistíocht a rinneadh in uasghrádú oibreacha cóireála séarachais. Bhí an chosúlacht ann i ndeireadh na bliana 2001, nach bhfuil caighdeán an uisce ag dul in olcas mar a bhí le 30 bliain anuas, de bharr dlúththionscnaimh polasaí, reachtaíochta agus infheistíochta. Bhí sé mar príomhchuspóir tosaíochta ag an Roinn i gcaitheamh na bliana 2001 feabhas a chur ar chaighdeán an uisce.

Faoi na Rialacháin um Chóireáil Dramh-Uisce Uirbigh 2001, ainmníodh 30 lear uisce mar **limistéir íogaire** agus is gá saoráidí laghdaithe cothaitheach a sholáthar iontu faoi dheireadh mhí na Bealtaine 2008. Tá 32 limistéar uirbeach ar fad ainmnithe, agus tá na saoráidí laghdaithe cothaitheach is gá cheana féin ag 11 díobh. Cuirfear a oiread dlúis is féidir leis na hoibreacha atá fós gan déanamh.

Ar iarratas ón Roinn, thug an GCC measúnacht ar stádas trófach inbhir agus chuanta na hÉireann chun críche i Márta na bliana 2001. Leagann an mheasúnacht seo amach bonn don mheasúnacht ar stádas trófach faoi Threoir 91/271/CEE ar Chóireáil Dramh-Uisce Uirbigh agus faoi Threoir 91/676/CEE maidir le Níotráití. Meastar sa mheasúnacht go bhfuil 13 de na huiscí taoide eotrófach agus go bhfuil 4 cinn eile de na huisce taoide a measadh a d'fhéadfadh a bheith eotrófach.

Cuireann measúnacht an GCC bonn ar fáil freisin d'ainmniú ceantar fairsing mar **chriosanna níotráitleochaileacha** do chur chuige 'críche uile' mar mhalairt air sin Tá tograí á bhforbairt anois le haghaidh Rialachán chun bonn reachtach a sholáthar le go gcuirfear caighdeáin bhunaithe cleachtas feirmeoireachta i bhfeidhm sna limistéir uile. Tabharfaidh siad seo éifeacht do líon Treoracha AE maidir le dramhaíl agus caighdeán uisce, lena n-áirítear an Treoir maidir le Níotráití, agus neartóidh siad agus tacóidh siad le bearta cosainte comhshaoil. I gcomhthéacs na Rialachán seo, d'fhéadfaí na srianta ar leathadh aoiligh bheostoic a shonraítear sa Treoir maidir le Níotráití a chur i bhfeidhm i ngach limistéar nó i limistéir faoi leith a bheadh ainmnithe mar chriosanna níotráitleochaileacha. Déanfar forálacha mionsonraithe na Rialachán a fhorbairt i gcomhairle leis na comhlachtaí feirmeoireachta agus le páirtithe leasmhara eile sa bhliain 2002. Rinne an Coimisiún Eorpach imeachtaí a thionscnamh in aghaidh na hÉireann i leith chur i bhfeidhm na Treorach maidir le Níotráití agus rinneadh achomharc na hÉireann a thaisceadh ina dhiaidh sin i Feabhra na bliana 2002.

Is léir ó thuarascálacha éagsúla nach fadhb in uiscí na hÉireann substaintí contúirteacha (seachas fosfar agus níotráití). Tá deimhniú air seo i dtuarascáil an GCC, ***A Survey of Dangerous Substances in Surface Freshwaters 1999 - 2000***, a foilsíodh i Márta na bliana 2001. Chun feidhm bhreise a thabhairt don Treoir maidir le Substaintí Contúirteacha (76/464/CEE) agus chun tacú le cur i bhfeidhm na Creat-Treorach Uisce (2000/60/CE), déanann na Rialacháin um Cháilíocht Uisce (Substaintí Contúirteacha) 2001 caighdeáin cáilíochta uisce in uiscí dhromchla a fhorordú i leith 14 substaint chontúirteach lena n-áirítear lotnaidicídí, tuaslagaithe agus miotail.

Ba í tuarascáil an GCC, ***Phosphorus Regulations National Implementation Report, 2001***, a foilsíodh i Meán Fómhair na bliana 2001 an dara tuarascáil ar chur i bhfeidhm na Rialacháin Fosfair. Léiríonn an tuarascáil seo go bhfuil réimse leathan de bhearta á gcur chun feidhme/á mbeartú ag údaráis áitiúla, bearta ar nós: forghníomhú, oideachas poiblí, fodhlíthe talmhaíochta agus suirbhéanna ar fheirmeacha. Shuigh an tuarascáil go sásaíonn an cháilíocht uisce ag 60% de na stáisiúin faireacháin abhann na Rialacháin Fosfair agus gur éirigh leis na locha uile cé is moite d'aon cheann amháin as 30 loch a stádas a choinneáil nó a fheabhsú.

Mar chuid den **straitéis abhantrachbhunaithe** in aghaidh an eotrófaithe in aibhneacha agus i locha, bunaíodh mórthionscadail abhantrachbhunaithe i leith Loch Deirgeirt, Loch Rí, agus Loch Léin (Cill Airne agus i leith Abhainn na Siúire, Abhainn na Bóinne agus Abhainn na Life chun córais faireacháin agus bainistíochta cáilíochta uisce a bhunú. Foilseofar na tuarascálacha deiridh i ndáil le Tionscadal na dtrí Abhainn (an tSiúir, an Bhóinn agus an Life) agus Tionscadal Loch Léin sa bhliain 2002.

Bunaíodh Grúpaí Comhordaithe fán gCreat-Treoir Uisce chun cur chun feidhme na Treorach, ar leibhéal náisiúnta, a chomhordú agus a chur chun cinn. Oifigigh sna Ranna cuí Rialtais, a ngníomhaireachtaí teicniúla gaolmhara agus údaráis áitiúla atá sa Ghrúpa seo. I mí na Samhna agus i mí na Nollag 2001, reáchtáladh seimineáir aon lae faisnéise agus sainchomhairle maidir leis an gCreat-Treoir Uisce d'oifigigh na n-údarás áitiúil agus do pháirtithe leasmhara eile.

Beidh ionchur mór ag bunú na dTionscadal Bainistithe Abhantraí ag údaráis áitiúla i gcur chun feidhme na Creat-Treorach Uisce agus i bhforbairt Tionscadal Bainistithe Abhantraí. Déanann tionscadail den sórt sin socrú maidir le cur chun feidhme beart éifeacht do bhainistiú feabhsaithe uisce agus ceadaíodh i bprionsabal iad don Oirthear, don Oir-Dheisceart, d'Abhainn na Sionainne agus don Iarthar. Beidh tacaíocht airgeadais ar ráta 100% á soláthar ag an Roinn i leith caiteachais a thabhóidh údaráis áitiúil i ndáil leis na tionscadail seo.

I 2001 leanadh le cainteanna leis na húdaráis chuí i dTuaisceart Éireann maidir leis an gCreat-Treoir Uisce a chur chun feidhme agus maidir le Dúichí Abhantraí trasteorann a tharraingt. Rinneadh dul chun cinn suntasach. Tháinig an Grúpa Oibre um Cháilíocht Uisce (GOCU), a bhfuil oifigigh ann ó thuaidh agus theas, le chéile ar ócáidí éagsúla i rith na bliana 2001 chun athbhreithniú a dhéanamh ar straitéisí bainistithe abhantraí in uiscí coitinne agus chun plé a dhéanamh ar na ceisteanna a eascróidh as cur chun feidhme na Creat-Treorach Uisce sa todhchaí. I mí Feabhra 2001, rinneadh

na sainchomhairleoirí Kirk McClure Morton, arna gcoimisiúnú ag an GOCU, nuashonrú ar obair a bhí déanta roimhe sin maidir le habhantraí na hÉirne agus an Fheabhail agus rinneadh siad tuairsciú agus moltaí maidir leis na riachtanais theicniúla a bhaineann leis an gCreat-Treoir Uisce a chur chun feidhme. Tá scrúdú á dhéanamh ar an tuarascáil seo ag an gGasra Comhairleach Teicniúil, a bunaíodh chun comhairle a chur ar an GOCU agus chun tacú leo. Thacaigh an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas le tacar prionsabal agus leis an gcur chuige ginearálta atá á ghlacadh ag an GOCU maidir leis na Dúichí Abhantraí Idirnáisiúnta a tharraingt i ndáil leis na huiscí trasteorann a éilítear faoin gCreat-Treoir Uisce. Déanann an GOCU tuairisciú ar bhonn leanúnach don Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas.

Rinne Comhairle Contae Uíbh Fhailí fodhlíthe sa bhliain 2001 faoin na hAchtanna um Thruailliú Uisce chun an truailliú ó ghníomhaíochtaí talmhaíochta a chomhrac. Tá go leor údarás eile ag déanamh breithniú gníomhach maidir le fodhlíthe a dhéanamh.

Léiríonn an tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach, ***European Commission Quality of Bathing Water (2000 Bathing Season)***, a foilsíodh i mBealtaine na bliana 2001, go bhfuil torthaí na hÉireann do **cháilíocht uisce snámha** ar na torthaí is fearr san Eoraip. 98% an ráta comhlíonta do luachanna sainordaitheacha do cháilíocht uisce snámha a bhí ann i gcriosanna cois cósta agus 100% i gcás criosanna fíoruisce.

Bliain rathúil eile a bhí sa bhliain 2001 i gcás Scéim na mBratach Gorm do Thránna. Slándáil ar an Trá an téama a bhí ann sa bhliain 2001 agus bronnadh bratach ghorm ar 75 trá agus ar 4 mhuiríne, méadú ar líon na mbratach a bronnadh an bhliain roimhe sin. Thug an Roinn luach ¤85,033 de chabhair deontais sa bhliain 2001 do riarthóirí na Scéime, an Taisce.

Dearbhaíonn tuarascáil an GCC, ***Drinking Water Quality for 2000***, a foilsíodh i Nollaig na bliana 2001 go raibh **cáilíocht an uisce óil** sa soláthar uisce poiblí go maith ar an iomlán sa bhliain 2000 agus go raibh ráta 94% ann i gcás chomhlíonadh na gcaighdeán forordaithe. Aithníonn an tuarascáil na heasnaimh maidir le cáilíocht uisce atá ag cur isteach ar ghrúpscéimeanna uisce, agus dírítear aird sa tuarascáil ar ghealltanas leanúnach an Rialtais tacaíocht a thabhairt don earnáil agus a chinntiú gur fearr a chruthófar san earnáil. I gcás fhadhb na cáilíochta, ach go háirithe, is scéimeanna a mhaoinítear go príobháideach agus a thugann uisce chuig 4% de thithe go náisiúnta is mó atá i gceist. I rith na bliana tháinig méadú 34% ar an meán, i gcomparáid le leibhéil 1991, ar fhaireachán ar ghrúpscéimeanna uisce maidir leis na paraiméadair uile agus méadú de 76% maidir le drólbhachaillíní faecacha. Táthar ag leanúint agus ag cur leis an iarracht mhór chun díriú ar easpaí cáilíochta in earnáil na ngrúpscéimeana. Tá gealltanas de luach ¤644 milliún (praghsanna reatha) de thacaíocht faoin PFN, do scéim barrfheabhsaithe deontais chun uasghrádú a dhéanamh ar scéimeanna agus chun saoráidí riachtanacha a sholáthar don chóireáil uisce agus don dí-aicídiú mar thaca faoin iarracht seo.

Léiríonn tuarascáil an GCC, ***Air Quality Monitoring - Annual Report 2000***, a foilsíodh i mí Eanáir 2002 go bhfuil **an cháilíocht aeir** in Éirinn fós go maith i gcoitinne agus go bhfuil na caighdeáin náisiúnta uile agus na caighdeáin AE uile á sásamh. Aithnítear, áfach, go mbeidh dúshlán ann na luachanna teorann a bheidh á leagan amach ag an AE d'ocsaídí nítrigine agus d'ábhar cáithníneach, a shásamh, mar a éileofar roimh 2005/2010, ach go háirithe i limistéir uirbeacha a bhfuil trácht trom iontu.

Tá an **gníomhaíocht dramhaíola** uile, le n-áirítear dramhaíl a iompar, a dhiúscairt agus a aisghabháil, á rialú ag reachtaíocht phríomha nó ag reachtaíocht thánaisteach. Tá freagracht go ginearálta ar gach údarás áitiúil maidir leis an reachtaíocht seo a chur i bhfeidhm Tugadh isteach reachtaíocht bhreise sa bhliain 2001.

Déanann na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead Bailiúcháin) 2001 socrú chun go gcaithfidh bailitheoirí tráchtála dramhaíola cead a fháil ón údarás iomchuí áitiúil sa limistéar inar mian leo dramhaíl a bhailiú. Leis an reachtaíocht seo, is fearr a bheifear in ann rialú a dhéanamh ar ghluaiseacht na dramhaíola agus ba cheart gur luachmhar a bheadh an reachtaíocht chun dumpáil neamhdhleathach dramhaíola a chomhrac.

Mar bheart láithreach, chun luas a chur faoi chur i bhfeidhm na Rialachán maidir le Pacáistiú, bunaíodh líonra d'oifigigh forfheidhmiúcháin ó údaráis áitiúla na mórlimistéar uirbeach (4 údarás áitiúil Bhaile Átha

Cliath, agus Comhairlí Contae Chorcaí, na Gaillimhe, Luimnigh agus Phort Láirge) i mí na Nollag 2001. Tá comhordú á dhéanamh ag an Roinn ar an líonra agus tugadh mioneolas do na hoifigigh iomchuí maidir leis na nósanna imeachta is gá a leanúint chun a chinntiú go ndéanfar na Rialacháin a fhordheidhmiú ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil.

Rinneadh athbhreithniú ar na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Plaistigh Feirme) chun an athchúrsaí mhéadaithe ar phlaistigh feirme a éascú trí thacú leis an gcur i bhfeidhm agus trína chinntiú go ndéanann na táirgeoirí agus na soláthróirí uile i ngnó na bplaisteach feirme a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh.

Tá an GCC freagrach as gníomhaíochtaí dramhaíola a cheadúnú. Bhí tús curtha leis an obair i ndeireadh na bliana 2001 chun reachtaíocht a dhréachtú a dhéanfaidh leasú ar an Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992 agus chun Treoir 96/61/CE ón AE ar chosc agus ar rialú comhtháite truaillithe a thraschur, agus tá sé i gceist é seo a fhoilsiú sa bhliain 2002.

Tá breis sonraí maidir le faireachán, ceadúnú agus gníomhaíochtaí comhshaoil eile na GCC foilsithe ina dTuarascáil Bhliantúil (féach Aguisín 6 leis na sonraí teagmhála a fháil).

Faisnéis ardchaighdeáin ar an gcomhshaol agus ar roghanna inmharthana saoil a chur á scaipeadh trí ENFO agus tionscnaimh eile feasachta a leanúint, agus rannpháirt ghníomhach a ghlacadh in obair AE / obair idirnáisiúnta níos forleithne, chun díriú ar fhadhbanna domhanda/réigiúnacha comhshaoil, agus comhoibriú a dhéanamh i gcreat na Comhairle Aireachta Thuaidh-Theas agus Comhairle na Breataine-na hÉireann, agus ullmhúchán a dhéanamh d'Uachtaránacht na hÉireann ar an AE sa bhliain 2004.

Leanadh leis an **bhfeachtas** náisiúnta **feasachta**, ***The Environment, It's Easy to Make a Difference,*** sa bhliain 2001. Rinneadh athbhreithniú ar an bhfeachtas i lár na bliana 2001, agus bhí cur chuige níos fócasaithe mar thoradh air seo don chuid dheiridh de 2001, nuair a díríodh go sainiúil ar na ***10 gCéim***. Lean na húdaráis áitiúla orthu ag cur an fheachtais chun cinn ar an leibhéal áitiúil. Cuireadh roinnt tionscnamh i bhfeidhm mar chuid den fheachtas i 2001 lena n-áirítear :

- seoladh tionscnamh ollmhargaíochta, inar díríodh ar nósanna siopadóireachta na dtomhaltóirí agus ar an tionchar timpeallacht a bhíonn ag na táirgí agus ar an bpacáistiú a cheannaíonn tomhaltóirí; chuaigh 3 cinn de na príomhshraitheanna ollmhargaíochta, Tesco, SuperValu agus Superquinn, i gcomhar leis an Roinn chun dul i bhfeidhm ar iompar siopadóireachta ar mhaithe leis an gcomhshaol;
- seoladh an láithreáin ghréasáin www.10steps.ie; seo láithreán gréasáin tiomanta ar a bhfuil an t-ábhar uile a foilsíodh sa tsraith ***10 gCéim;*** ceadaíonn an láithreán gréasáin don bhrabhsálaí cuairt a thabhairt ar theach fíorúil agus réimse tionchar timpeallachta a aithint i ngach seomra;
- taispeáint fógraí teilifíse ar an mála inathúsáidte siopadóireachta, ar róphacáistiú agus ar bhelaí chun srian a chur le líon na dturas gluaisteáin; agus
- cur chun cinn úsáid an éicealipéadaithe agus na feasachta ar an éicealipéadú.

I rith na bliana, lean ENFO ag soláthar rochtain éasca ar fhaisnéis maidir leis an gcomhshaol agus maidir le roghanna inmharthana saoil, i gcomhar le ***Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí 2001 – 2004.*** Ceapadh Oifigeach Dea-Sheirbhíse Custaiméirí chun a chinntiú go bhfuil dea-sheirbhís don chustaiméir go dlúth i seirbhísí uile ENFO. I rith na bliana 2001, thug breis agus 52,000 custaiméir cuairt ar ENFO, ionad ilseirbhíse na Roinne ina dtugtar faisnéis ar an gcomhshaol saor in aisce don chustaiméir, ag a n-ionad eolais 'buail isteach'. Ar na seirbhísí a sholáthair ENFO i gcaitheamh na bliana 2001 bhí :

- uasghrádú ar áitribh ENFO chun rochtain a sholáthar do lucht úsáidte cathaoireacha rotha agus do dhaoine ar bheagán éisteachta;
- réimse leathan bileog, leabhrán agus póstaer ENFO a chothú agus cur leis an réimse;
- infheistíocht mhór a dhéanamh i gCúinne na bPáistí, le bréagáin, leabhair, cluichí agus CDnna nua á gceannach; cuireadh Nuachtlitir na bPáistí amach chuig breis agus 4,000 páiste óg, saor in aisce, ceithre huaire i gcaitheamh na bliana;
- freagairt ar thuairim agus 450 iarratas poist, gutháin agus r-phoist ar eolas a fhaightear ar bhonn seachtainiúil, agus de réir na spriocanna atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí;
- Taispeántais Chamchuairte ENFO a thaispeáint i 100 ionad agus tuilleadh; tugadh físeáin ar théamaí comhshaoil ar iasacht do mhúinteoirí a lorg iad;

- 10 dtaispeántas a chur ar siúl ina n-ionad féin, go leor acu i gcomhar le heagraíochtaí neamhrialtais (ENR); clúdaíodh réimse leathan d'ábhair, lena n-áirítear an t-athrú ar an aeráid, topaicí ilghnéitheacha maidir leis an dúlra, an bhithéagsúlacht, an athchúrsíl, dea-chleachtas gnó agus feasacht ar an bhfuinneamh;
- pacáistí acmhainne do Mhúinteoirí ar an Aer/an Uisce a dháileadh ar an 450 Múinteoir a lorg iad;
- an leabharlann thagartha de leabhair agus d'irisí agus de bhunachair sonraí ar an gcomhshaol a chothú agus cur léi; bhí an leabharlann mar phointe fócais freisin d'fhoilseacháin ón GCC, ón nGníomhaireacht Comhshaoil Eorpach agus ó líonra Infoterra Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe;
- forbairt bhreise ar láithreán gréasáin ENFO, www.enfo.ie; tá taifed ar bhreis agus 180,000 cuairt ar an láithreán i 2001;
- láithreán gréasáin ***10 gCéim*** a choinneáil chomh maith le láithreán SASSIN, bunachar sonraí comhshaoil a bhfuil suibscríobh ag tíortha na hAfraice fo-Shaháraí dó;
- 5 Cheardlann Téamaithe a sholáthar do 170 rang scoile i rith na bliana chun tacú le Taispeántais ag ENFO;
- tacú le Líonra Oifigeach Oideachais Comhshaoil na nÚdarás Áitiúil mar chuid de sheirbhís fhorrochtana ENFO;
- ionadaíocht a dhéanamh ag cruinniú de líonra AE an Damháin Alla Ghlais a oibríonn chun ardán a chruthú do mhalartú tuairimí, eolais agus taithí i measc oifigeach eolais san Aontas Eorpach agus sna Tíortha Aontachais is iarrthóirí;
- léachtaí agus siúlóidí Talk and Trail a eagrú, ar chuir breis agus 100 grúpa scoile agus 2,500 dalta áiteanna in áirithe dóibh;
- faisnéis ar an gcomhshaol a sholáthar chun iompar freagrach comhshaoil a spreagadh i mbeasc páistí chun tacú leis an Straitéis Náisiúnta Leanaí;
- Cártaí Tuairimí a chur ar fáil do chustaiméir chun a dtuairim a fháil ar an tseirbhís atá á cur ar fáil ag ENFO.

Chomh maith leis an eolas a chur ar fáil is gá chun daoine a spreagadh chun cuimhneamh ar an tionchar atá ag a ngníomhartha ar an gcomhshaol, tá an Roinn ag déanamh ceannródaíochta lena mbeart i réimse an fheabhais chomhshaoil. I bPlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí ***2001 – 2004*** na Roinne, gheall an Roinn go ndéanfaidís na nósanna imeachta agus na próisis sin a chur chun feidhme agus a fheabhsú go leanúnach is gá chun caighdeán bainistithe comhshaoil **ISO 14001** a bhaint amach agus a choimeád. Rinneadh iarratas foirmeálta chuig an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann i rith na bliana 2001ar dheimhniú ar ISO 14001. Mar chuid den phróiseas seo, d'fhoilsigh an Roinn ráiteas polasaí iomchuí um chomhshaol inmheánach agus sainaithníodh na ceanglais reachtúla agus rialála iomchuí. Déanfaidh breis oibre forbairt na gníomhaíochta pleanála, rialaithe, faireacháin, ceartaithe agus na ngníomhaíochtaí iniúchta agus athbhreithnithe a chomhlíonann an polasaí agus a bheifear in ann a chur in oiriúint d'imthosca athraitheach a éascú. Beidh sé de thoradh ar chur chun feidhme rathúil an Chaighdeáin go mbeidh an Roinn in ann úsáid níos fearr a bhaint as acmhainní, airgead a shábháil go díreach i réimsí ar nós an tsoláthair páipéir agus táillí bailithe bruscair a théann leis, agus go hindíreach trí éileamh a spreagadh ar uastáirgí comhshaoil.

Tá breis sonraí maidir le dul chun cinn i gcur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí sa chuid Ag Freastal ar ár gCustaiméirí den Tuarascáil seo.

Tar éis dul i gcomhairle le Gníomhaireacht Soláthair an Rialtais (GSR) in Oifig na nOibreacha Poiblí, d'fhostaigh an GSR sainchomhairleoir chun comhairle a thabhairt maidir le sonraí na dtáirgí sin is fearr ó thaobh an chomhshaoil de, nó **'táirgí glasa'** chun go n-áireofaí iad sa chonradh atá tarraingthe síos maidir le Soláthairtí Oifige do Ranna Rialtais. Bhí réimse táirgí den sórt sin sa chonradh deiridh agus beidh mionsonraí le fáil orthu i gcatalóg Soláthairtí Oifie GSR. Tá polasaí glas soláthair glactha ag an Roinn, a dhéanann socrú go mbíonn éicealipéad/ráta Réalta Fuinnimh ag na PCnna uile a cheannóidh an Roinn; go mbíonn saoráidí cóipeála 2 thaobh ag na fótachóipeálaithe uile atá á n-úsáid chomh maith le modh spárála fuinnimh a spárálann fuinnimh nuair nach mbíonn siad á n-úsáid; cartúis tonóra athdhéanta uile atá sna cartúis fótachóipeála agus ceannaítear páipéar athchúrsáilte déanta 100% as dramhaíl iarthomhaltóra d'úsáid ghinearálta oifige. Tá socruithe á ndéanamh chun cur leis an réimse táirgí glasa a cheannaíonn an Roinn agus chun sonraíocht chomhshaoil na gceannachán glas a dhéantar faoi láthair a fheabhsú. Tá sonraí maidir le húsáid fuinnimh in oifigí na Roinn tugtha i gcuid Ár gCumas Féin den Tuarascáil seo.

In Eanáir 2001, bhí Seimineár Faisnéise do Chathaoirligh **Coistí um Beartas Straitéiseach Comhshaoil** sna húdaráis áitiúla. Ar cheisteanna polasaí agus ar mhalartú tuairimí idir na príomhoifigigh Roinne agus na Cathaoirligh a bhí príomhfhócas an tseimineáir. Ar na topaicí a bhí ar an gclár bhí bainistiú dramhaíola, cáilíocht uisce, seirbhísí uisce agus ghrúpscéimeanna uisce agus gníomhaíocht chomhshaoil áitiúil.

D'eagraigh an Roinn, i gcomhar leis an Roinn Fiontar Poiblí, le húdaráis áitiúla agus le hIonad Fuinnimh na hÉireann rannpháirt Rathúil 10 limistéar uirbeach sa **Lá Eorpach Saor ó Ghluaisteáin** ar 22 Meán Fómhair 2001. Tharraing an t-imeacht bliantúil seo aird an phobail ar an dochar is féidir le ró-iompar gluaisteán a dhéanamh trí bhrú tráchta agus trí astaíochtaí sa timpeallacht uirbeach, agus tharraing sé aird ar na roghanna malartacha atá ar fáil ag lucht taistil chun na hoibre chun cur leis an gcáilíocht saoil sna bailte agus sna cathracha.

I mí Iúil 2001, ag Séú Seisiún de Chomhdháil na bPáirtithe i g**Creat-Chomhaontú na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide** (CCNAAA), thángthas ar chomhaontú leathan polaitiúil maidir leis an leabhar rialacha Oibriúcháin do Phrótacal Kyoto i gcomhaontú Bonn. Bhí an tAire i gceannas ar thoscaireacht na hÉireann ag an Seachtú Seisiún de Chomhdháil na bPáirtithe i CCNAAA i mí na Samhna 2001, nuair a rinneadh forbairt bhreise ar Chomhaontú polaitiúil Bonn go ndearna as tacar cuimsitheach de chinntí le ceangailt dhlíthiúil, ar a ngairtear Comhaontuithe Marrakech. Tá an bealach réidh anois do dhainginiú agus do theacht i bhfeidhm an Phrótacail agus d'fhógair an tAire go bhfuil Éire faoi réir chun dul ar aghaidh leis an daingniú. Tá daingniú luath Phrótacal Kyoto ar cheann de phríomhthosaíochta polaitiúla an AE agus tá socruithe maidir lena dhaingniú tugtha chun cinn go mór anois agus na Ballstáit ag ullmhú do dhaingniú an Phótacail roimh mhí Meithimh 2002 chun go mbeifear in ann an Prótacal a chur chun feidhm faoin gCruinniú Mullaigh Domhanda ar Fhorbairt Inmharthana in Johannesburg i Meán Fómhair 2002.

Tháinig an **Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas**, a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta, le chéile trí huaire san Earnáil Comhshaoil i 2001 agus rinneadh dul chun cinn suntasach i gcur chun cinn clár subtaintiúil oibreacha maidir le réimse ceisteanna comhshaoil.

- D'ullmhaidh an tSeirbhís Comhshaoil agus Oidhreachta (SCO) i Roinn Comhshaoil Thuaisceart Éireann agus an GCC comhpháipéar maidir le Nua-Theicneolaíochtaí don Fhaireachán, a foilsíodh agus a cuireadh ar láithreáin ghréasáin na ngníomhaireachtaí lena mbaineann. Rinneadh scrúdú ar thrí réimse faireacháin – astaíochtaí san aer agus san uisce, cáilíocht agus deascadh aeir agus an dobharthimpeallacht. Ba é tátal an pháipéir go ndéantar formhór na ngníomhaíochtaí sa chéad dá réimse ag baint úsáide as modheolaíochtaí fadbhunaithe nach móide go dtiocfaidh aon athrú suntasach orthu go luath. Moladh réimse an dobharfhaireacháin mar réimse ina bhféadfaí comhoibriú a dhéanamh ar dtús ann, mar gheall ar an dul chun cinn teicneolaíoch atá déanta agus mar gheall ar an mbrú nua atá ann ó reachtaíocht, ar nós na Creat-Treorach Uisce. Tá obair bhreise sa réimse seo, a bhfuil sé d'aidhm aici bonn comhchuibhithe, comhréireach a fhorbairt chun faireachán a dhéanamh ar na modheolaíochtaí agus ar na córais aicmithe atá in úsáid, á cur chun cinn ag an gGasra Comhairleach Teicniúil ar cháilíocht uisce.
- Chomhaontaigh an Chomhairle gur cheart tograí a fhorbairt chun an athchúrsáil dramhaíola a spreagadh agus chun tacú léi. Leagadh an cúram ar ghrúpa stiúrtha oifigeach ón dá dhlínse comhchlár forbartha margaidh a fhorbairt d'ábhar inathchúrsáilte. Tá tograí do líonra pobail uile-oileánda athchúrsála á mbeartú chomh maith le comhthionscnamh Thuaidh-Theas chun imscrúdú ar dhéanamh ar réimsí sárchleachtais san Eoraip, áit ar cuireadh ar bun an athchúrsáil agus áit ar bunaíodh margaí d'ábhar athchúrsáilte, agus go ndearnadh amhlaidh go rathúil.
- Tá clár forbartha bunachair sonraí á chur chun cinn ag an SCO agus an GCC le n-áirítear forbairt láithreáin gréasáin chómhaoinithe idirghníomhaigh ar thionscadail reatha maidir le taighde ar an gcomhshaol, comhbhunachar sonraí chun taifead a dhéanamh ar fhaisnéis chomhshaoil agus soláthar faisnéise suas chun dáta maidir le clúdach talún ar bhonn uile-oileánda. Cuirfidh an clár seo rochtain ar fáil ar fhaisnéis roinnte, eascróidh sé forbairt polasaí agus cuirfidh sé le cumas comhoibrithe ar feadh chlár oibre an chomhshaoil. Beidh clár na dtionscadal taighde mar aon leis an gcéad mhodúl den bhunachar sonraí comhshaoil (a chlúdóidh faisnéis ar uisce) ar fáil, tríd an láithreán gréasáin, i dtús na bliana 2002. Tá sé i gceist go mbeadh faisnéis maidir le príomhréimse eile ar nós na dramhaíola, na bithéagsúlachta, an aeir agus an athruithe aeráide, sna modúil atá le teacht.
- D'aontaigh an Chomhairle socruithe chun staidéar cómhaoinithe scóipeála a dhéanamh ar phríomhthionchair timpeallachta na talmhaíochta, chun comhoibriú a fhorbairt ar phleanáil na

bainistíochta cothaitheach agus chun srianta a fhorbairt ar ghluaiseacht trasteorann sludach agus múirín chaite beacán. Cuirfear tús leis an staidéar in Eanáir na bliana 2002.

Polasaithe agus cláir a fhorbairt agus a chur chun feidhme, i gcomhar le Ranna agus le gníomhaireachtaí eile agus le rannpháirtíocht mhaith i bhforbairtí idirnáisiúnta gaolmhara, a bhfuil sé d'aidhm acu cúrsaí comhshaoil a lánpháirtiú i réimsí eacnamaíochta/fioscacha agus i réimsí eile polasaí, sa tionscal, san iompar, san fhuinneamh, sa turasóireacht agus sa talmhaíocht, ach go háirithe,

I rith na bliana 2001, dhírigh **Líonra Comhshaoil na Ranna Rialtais,** a chuireann fóram ar fáil chun díriú ar cheisteanna trasghearrtha comhshaoil, a chainteanna ar Straitéis Forbartha Inmharthana an AE, ar na hullmhúcháin do Chruinniú Mullaigh Domhanda 2002 ar Fhorbairt Inmharthana agus ar lánpháirtiú ceisteanna comhshaoil i réimsí polasaí eile.

Ar cheann de phríomhghníomhaíochtaí 2001 bhí cur chun feidhme breise creatpholasaí an Rialtais do phraghsáil seirbhísí uisce don earnáil neamhtheaghlaigh agus tá sonraí tugtha thuas faoin bpríomhstraitéis maidir le ceannródaíocht pholasaí agus an creat reachtach.

I mí Dheireadh Fómhair 2001, d'eisigh an Roinn páipéar comhairliúcháin maidir le cosc náisiúnta a d'fhéadfaí a chur ar ghual biotúmanach agus ar pheitchóc (fotháirge ón scagadh ola). Laghdódh cosc náisiúnta ar ghual biotúmanach an dochar a dhéanann truailliú toite do shláinte an duine agus chuirfeadh sé leis an gcáilíocht saoil i ngach réimse agus dá gcuirfí cosc náisiúnta ar pheitchóc ní bheadh an imní chéanna ar dhaoine maidir leis an méadú a d'fhéadfadh a bheith ann ar úsáid an pheitchóic de bharr an choisc ar an ngual. Fuarthas go leor freagairtí ar an bpáipéar comhairliúcháin agus tá siad seo á mbreithniú faoi láthair laistigh den Roinn.

Tá an Roinn ag tacú leis an athrú chuig breoslaí iompair atá níos glaine, agus ag teacht leis an gcur chuige seo, rinne an tAire Airgeadais difriú ar rátaí dleachta máil i bhfabhar an díosail ar bheagán sulfair i mBuiséad 2002. Méadaíodh an dleacht máil de ¤0.625 an lítear ar pheitreal agus ar dhíosal bóithre i mí na Nollag le ¤0.625 breise an lítear le tobhach ar dhíosal bóithre a bhfuil cion sulfair níos airde ná 50 páirt in aghaidh an mhilliúin ann i mí Márta 2002.

Ghlac an Coimisiún Eorpach leis an Treoir um Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta i mí Meithimh na bliana 2001 agus ní mór do na Ballstáit í a thraschur roimh mhí Iúil 2004. Déanann an Treoir socrú maidir le cúrsaí straitéiseacha comhshaoil a bhreithniú ag céim luath den phróiseas déanta cinntí, agus tá sé i gceist aici comhlánú a dhéanamh ar phróiseas na measúnachta tionchair timpeallachta, atá tionscadalbhunaithe. Neartaíonn an Treoir an lánpháirtiú comhshaoil thar réimse leathan earnálacha.

Cur chuige comhpháirtíochta i leith príomhcheisteanna comhshaoil agus inmharthanachta a chur chun cinn i measc na n-earnálacha eacnamaíocha, na gcomhpháirtithe sóisialta, agus na n-eagraíochta neamhrialtais trí *Comhar* agus trí thionscnaimh iniatacha eile ar nós Local Agenda 21

Tá an **Clár Uisce Tuaithe** á chur chun feidhme faoi chreat comhpháirtíochta ina bhfuil comhpháirtíocht idir Cónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce, na heagraíochtaí Tuaithe (Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann, Cumann Soláthóirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann, Bantracht na Tuaithe), na húdaráis áitiúla agus an Roinn. ¤61.2 milliún a caitheadh ar an gClár i 2001 agus bhí an caiteachas seo mar bhonn faoin dul chun cinn suntasach a rinneadh sna réimsí a luaitear thíos:

- Tugadh chun críche i Samhain na bliana 2001an faireachán a rinneadh ar na 800 foinsí amh-uisce atá á n-úsáid ag ghrúpscéimeanna príobháideacha uisce, arna choimisiúnú ag an gCoiste Náisiúnta um Fhaireachán ar Uisce Tuaithe. Cuireadh na torthaí amach chuig na scéimeanna rannpháirteacha uile agus táthar ag súil go mbeidh mórthuarascáil an Choiste ar fáil sa bhliain 2002.
- Faoi lár na bliana 2002, beidh tús curtha le clár cuimsitheach faireacháin ar ghrúpscéimeanna uisce óil do gach scéim a thagann faoi théarmaí tagartha na Rialachán um Uisce Óil. Clúdófar tuairim agus 1,500 grúpscéim. Déanfar faireachán uair sa ráithe ag baint úsáid as saotharlanna poiblí agus as saotharlanna príobháideacha araon.

- Go dáta, tá 4 thionscadal tugtha chun críche i Muineachán (1), sa Chabhán (1) agus i Maigh Eo (2) chun treoirthástáil a dhéanamh ar chur chuige nua i leith soláthairtí grúpscéimeanna uisce. Tá faireachán leanúnach á dhéanamh ar na tionscadail seo agus táthar le tuarascáil a eisiúint ar éifeachtúlacht na ngléasraí seo. Tá pleananna tugtha go maith chun cinn maidir leis na teicneolaíochtaí seo a sholáthar go forleathan do scéimeanna ar fud na tíre trí chonarthaí 'Dear, Tóg agus Oibrigh' (DTO).
- Tá treoirscéim dí-aicídithe faoi lánseol i gContae Ros Comáin faoi láthair a bhfuil suas le 21 grúpscéim phríobháideach páirteach inti. Rinneadh na saoráidí a sholáthar trí chonradh DTO amháin agus déanfaidh an conraitheoir a roghnaíodh na gléasraí seo a oibriú agus a chothabháil ar feadh tréimhse 20 bliain.
- Mar chur chuige malartach ar sholáthar gléasra lárnach íonghlanta uisce i scéimeanna beaga, tá tástáil á dhéanamh i gContae Ros Comáin ar roinnt córas íonghlanta uisce faoin doirteal agus il-tí. Tá 30 aonad suiteáilte agus faireachán déanta orthu thar thréimhse 12 mhí, agus cuid acu níos éifeachtaí ná a chéile. Cuirfear amach tuarascáil sa bhliain in 2002.
- Rinneadh dul chun cinn maidir le tionscadal DTO do dhearadh, do thógáil agus d'oibriú saoráide cóireála uisce chun freastal ar 4 ghrúpscéim uisce agus ar 1 scéim údaráis áitiúil ag Loch Bhaile na hUaimhe agus ag Fuaráin Pholl an Chait, Contae Ros Comáin.
- I gcomhpháirtíocht ar leith idir earnáil phríobháideach agus earnáil phoiblí an tsoláthair uisce i gContae Mhuineacháin, a bhfuil 3 ghléasra soláthair uisce Comhairle Contae agus 7 ngrúpscéim mhóra uisce rannpháirteach ann, cuirfear saoráidí dí-aicídithe agus cóireála uisce ar fáil faoi aon chonradh DTO amháin. déanfaidh an conraitheoir a roghnaíodh na gléasraí seo a oibriú agus a chothabháil ar feadh tréimhse 20 bliain. Táthar ag súil go dtosófar ar an tógáil i dtús na bliana 2002.
- Tá Pleananna Straitéise Uisce Tuaithe ullmhaithe ag na comhairlí contae uile. Tá na pleananna céadchéime, ina léirítear go ginearálta an chaoi a ndéanfar freastal ar limistéir tuaithe contae, tugtha chun críche agus tá glactha ag na Coistí Faireacháin Contae leo. Tá Treoir-Dhoiciméad aontaithe ag an gCoiste Náisiúnta um Fhaireachán ar Uisce Tuaithe maidir le hullmhú Staid II den phróiseas agus bainfear úsáid as agus tograí mionsonraithe á leagan amach d'uasghrádú na scéimeanna uile sa chontae atá faoi bhun caighdeáin shásúil.
- Tá Scéim Cinntitheachta Cáilíochta forbartha ag Cónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce i gcomhar leis an gCoiste Náisiúnta um Fhaireachán ar Uisce Tuaithe agus tá treoirthástáil á déanamh uirthi faoi láthair ag an gCónaidhm i ngrúpscéimeanna éagsúla ar fud na tíre.
- Tá Cairt um Chearta ullmhaithe ag an gCoiste Náisiúnta um Fhaireachán ar Uisce Tuaithe d'earnáil na ngrúpscéimeanna. Tá sé i gceist go nglacfadh na ghrúpscéimeanna uile an Chairt agus go ndéanfaidís í a chur chun feidhm mar chuid den mhóriarracht chun feabhas a chur ar an tseirbhís a chuirtear ar fáil dá gcomhaltaí.
- Ar mholadh ón gCoiste Náisiúnta um Fhaireachán ar Uisce Tuaithe, rinneadh forbairt ar threoirchlár chun tástáil a dhéanamh ar réimse córas bailithe agus cóireála nua ar scála beag, buaithe ar sholáthar DTO ag údaráis áitiúla. Tabharfar treoirthionscadail chun críche i 12 bhaile i 6 chontae.

I rith na bliana 2001, rinne ***Comhar* – An Chomhpháirtíocht Náisiúnta um Fhorbairt Inmharthana** breithniú ar roinnt ceisteanna náisiúnta agus moltaí ina dtaobh agus thosaigh siad ag obair ar thacar prionsabal don fhorbairt inmharthana. Tá breis sonraí maidir le gníomhaíochtaí Comhar foilsithe ina dTuarascáil Bhliantúil (féach Aguisín 6 leis na sonraí teagmhála a fháil).

Tá ionadaithe ar an gCoiste Comhordaithe Comhshaoil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta ó na hÚdaráis um Bainistiú Clár Oibriúcháin, ón gCoimisiún Eorpach, ó Chomhar, ó na Comhpháirtithe Sóisialta, ó na hENR agus ón GCC. Faoi láthair, tá an Coiste ag déanamh scrúdú ar chur i bhfeidhm leathnaithe an éicea-iniúchta roimh an athbhreithniú lártéarma ar an PFN i 2003.

Seoladh Pas II den Chlár Comhshaoil RTDI i mí Meithimh 2001. Lorg an Clár seo, atá á bhainistiú ag an GCC thar ceann na Roinne, tograí tionscadail laistigh de réimse leathan de réimsí tosaíochta, lena n-áirítear eacnamaíocht comhshaoil, idirghníomhaíocht shochthimpeallachta, bainistiú dramhaíola agus forbairt cumais. Bronnadh 9 gconradh. Seoladh an Clár Táirgeadh Níos Glaine/Níos Glaise i mí na Samhna 2001 agus tá sé á bhainistiú ag an Ionad um Theicneolaíocht Ghlan, Corcaigh.

I rith na bliana 2001, cuireadh tuarascáil faoi bhráid na hEagraíochta um Chomhar Eacnamaíochta agus Forbartha inar leagadh amach treoshuímh ghinearálta mar fhreagairt ar thuarascáil na

hEagraíochta um Chomhar Eacnamaíochta agus Forbartha report, ***Environmental Performance Review of Ireland*** (a foilsíodh i mí na Samhna 2000).

Leanadh le hobair an Ghasra um Cháin Ghlas i rith na bliana 2001, agus bhí sé de chuspóir ag an nGasra féachaint le bearta cánach a bheadh níos dírithe ar an gcomhshaol a chur á dtabhairt isteach de réir a chéile i mbuiséid sa todhchaí.

I mí Dheireadh Fómhair 2001 sheol an tAire treoirlíne athbhreithnithe maidir le Local Agenda 21, ***Towards Sustainable Local Communities***, mar éascaíocht agus mar chúnamh d'údaráis áitiúla agus iad ag cur na forbartha inmarthana chun cinn go háitiúil.

Chuir an Roinn maoiniú ar fáil don Ghrúpa Oibre um Dhramhaíl, arna chomhordú ag Earthwatch, chun ionchur na ENR i bpolasaithe bainistithe dramhaíola, ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, a éascú agus a fhorbairt D'fhoilsigh an Grúpa lámhleabhar d'údaráis áitiúla ar bhainistiú inmharthana dramhaíola agus scaipeadh ar na húdaráis áitiúla é in Aibreán na bliana 2001.

Sa bhliain 2001, rinneadh riaradh an Chiste Comhpháirtíochta Comhshaoil Áitiúil a chinneachadh ar chomhairlí contae agus buirge. ¤280,000 an leithroinnt cistithe a bhí ann don bhliain 2001 agus fuair gach údarás áitiúil leithroinnt íosta ¤6,350. Fuair 192 tionscadal áitiúil feasachta comhshaoil deontais ó ¤64 go ¤21,018.

I rith na bliana 2001, sholáthair an Roinn ¤131,000 do ENR a chuireann le cur chun cinn na feasachta agus na díospóireachta ar cheisteanna náisiúnta comhshaoil. Tá sé i gceist go gcuirfeadh an maoiniú seo le cumas na ENR trí oiliúint, roinnt scileanna agus trí thaighde ionas go gcabhrófar le forbairt na hearnála ina hiomláine agus go gcuirfear lena héifeacht agus í ag fónamh do chúrsaí polasaí comhshaoil, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach.

Thacaigh an Roinn freisin leis an iarratas a rinne na ENR ar mhaoiniú faoin bPáipéar Bán ar Chreat chun Tacú le Gníomhaíocht Shaorálach agus chun an Caidreamh idir an Stát agus an Earnáil Phobail agus Shaorálach a Fhorbairt.

Tá sonraí sna ***Environment Bulletins*** (Uimhreacha 49 to 51) maidir le forbairtí atá á ndéanamh i réimse na cosainte comhshaoil i rith na bliana 2001. Tá sonraí maidir le foilseacháin eile liostáilte in Aguisín 2.

Bóithre

Cuspóir
Foráil a dhéanamh, i gcomhthéacs cur chuige lánpháirtithe, inmharthana i leith an iompair, do ghluaiseacht shábháilte, éifeachtach daoine agus earraí de bhóthar

Tháinig feabhas suntasach i rith na bliana 2001 ar líonra na mbóithre náisiúnta agus neamhnáisiúnta de bharr na hinfheistíochta a rinneadh i mbonneagar na mbóithre. Leanadh leis an dul chun cinn i rith na bliana maidir le bearta a chur chun feidhme a chinnteodh go n-aimseofaí na spriocanna a leagadh amach i ***Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre 1998-***2002. Ba mhór an gaisce an bonn reachtach do chóras na bpointí pionóis a thabhairt isteach sa bhliain 2001.

Leagtar amach thíos sonraí maidir leis na gníomhaíochta éagsúla ar tugadh fúthu chun tacú leis na príomhstraitéisí a leagadh amach sa ***Ráiteas Straitéise 2001 – 2004***.

Príomhstraitéisí
Cláir feabhsaithe agus cothabhála bóithre náisiúnta agus neamhnáisiúnta a chur chun cinn, maoirsiú a dhéanamh ar a gcur chun feidhme tríd an Údarás um Bóithre Náisiúnta agus trí na húdaráis áitiúla agus tacú leis

Sa bhliain 2001 lean an Roinn ag déanamh cur chun feidhme an chreat polasaí d'fhorbairt an **líonra náisiúnta bóithre** go 2006, mar atá leagtha amach sa ***Phlean Forbartha Náisiúnta 2000 - 2006*** (PFN) agus sa ***Chlár Oibriúcháin um Bonneagar Eacnamaíoch agus Sóisalta***, a chur chun cinn, a fhaireachán agus a mhaoirsiú. I rith na bliana 2001, bhí méadú de thuairim agus 40% ar an aschur tógála bóithre le hais 2000, mar gheall ar scála an chláir bóithre náisiúnta, mar gheall ar éifeachtúlacht mhéadaithe conraitheoirí agus mar gheall ar dhálaí fabhracha d'oibríochtaí créfoirt. ¤958.65 milliún an caiteachas iomlán a bhí ag an Údarás um Bóithre Náisiúnta (ÚBN) i 2001 ar fheabhsú agus ar chothabháil bóithre náisiúnta. Tá cur síos thíos ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le seachadadh príomhthionscadal bóithre náisiúnta i rith na bliana 2001:

Tionscadail a d'oscail do thrácht i rith na bliana 2001

M1 Dún Léire- Dún Dealgan	N15 Clár - An Bearnas Mór	N24 Cros Uí Bhéara
M1/N2 Dún Léire – Baile Átha Fhirdhia	N20 Seach-Bhóthar na Linne Duibhe	N25 Seach-Bhóthar Choill Mhic Thomáisín
M50 Bealach Chros an Deiscirt	N20 Seach-Bhóthar Chromadh	N52 Nasc le Seach-Bhóthar an Aonaigh
N4 Droichead Mhic Néid– An Muileann gCearr	N20/21 Áth Dara – Luimneach	N56 Seach-Bhóthar Mhoin Séarlas
N4 Baile Shiobhán – Teorainn an Chontae	N21 Baile Mhic Cárthaigh to Cill Alaidh	

Mórscéimeanna a lean ar aghaidh /a thosaigh i rith na bliana 2001

Tollán Phort Bhaile Átha Cliath	N7 Bóthar Cuarach an Deiscirt (Pas 1)
M1 Halla an Leasáin- Baile Brigín,	N11 Gleann Dá Ghrua
M7 Seach-Bhóthar Chill Dara	N18 Cora Chaitlín
M50 Mótar Bhealach an Oir-Dheiscirt	

Lean clár Comhpháirtíochta Poiblí Príobháidí (CPP) bóithre an ÚBN ag déanamh an-dul chun cinn i rith na bliana 2001 agus chuir mórchuideachtaí tógála Éireannacha agus eachtracha suim mhór ann. Foilsíodh Ráitis Tionchair Timpeallachta, doiciméid fála talún agus doiciméid Scéime Dolaí do 4 scéim CPP i 2001. Tá breis sonraí maidir leis na gníomhaíochta ar thug an tÚBN fúthu ina dTuarascáil Bhliantúil (féach Aguisín 6 leis na sonraí teagmhála a fháil).

I mí na Nollag 2001, thángthas ar chomhaontú idir Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann agus an tÚBN maidir le talamh a fháil don chlár náisiúnta bóithre. Maidir leis an gcomhaontú seo, a rinneadh i gcomhthéacs gealltanais i dtaobh na hOrduithe Ceannaigh Éigeantaigh atá sa ***Chlár um Rathúnas agus Cothroime*** a chur chun feidhme go cothrom agus go héifeachtach, déanann sé socrú do rochtain níos luaithe agus níos sciobtha a bheith ag údaráis áitiúla ar thalamh chun bóithre a thógáil, agus do thacaíocht ón gcomhphobal feirmeoireacht maidir le rochtain agus maidir leis an gcomhaontú ina hiomláine.

I 2001, tugadh luach ¤400.9 milliún de dheontais d'údaráis áitiúla don **líonra bóithre neamhnáisiúnta**, lena n-áirítear an Scéim Feabhsúchán Áitiúil. Caitheadh suas le ¤545 milliún ar bhóithre neamhnáisiúnta i rith na bliana 2001, agus féinacmhainní measta na n-údarás áitiúil á gcur san áireamh. Déanann an PFN foráil do chaiteachas ¤2.430 billiún ar bhóithre neamhnáisiúnta i rith na tréimhse 2000 go 2006. Faoin PFN, measadh gur ¤1.04 billiún an caiteachas deontais a dhéanfaí i rith na tréimhse 2000 go 2002. Rachaidh an sprioc-chaiteachas ¤1.184 billiún sa tréimhse seo thar an tsuim a leagadh amach sa Phlean.



Leanadh leis an dul chun cinn maidir leis an gClár 10 mbliana Athchóirithe Bóithre Náisiúnta agus rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le bóithre réigiúnacha agus bóithre áitiúla a athchóiriú - 5,173 scéim agus cuireadh feabhas ar 4,422 km de bhóithre neamhnáisiúnta. Tá breis agus 31,864 scéim bóithre tugtha chun críche agus 51,569 km de bhóithre ag baint tairbhe as na scéimeanna ó seoladh an Clár, i lár na bliana 1995, go dtí deireadh na bliana 2001, rud is ionann agus feabhas ar 59.2% den líonra bóithre réigiúnacha agus tuaithe ó 1995. .

Ar an dul chun cinn seachas sin a rinneadh i 2001 i réimse na mbóithre neamhnáisiúnta bhí:

- 253 tionscadal, luach ¤65.132 milliún ar fad a maoiníodh faoin Scéim Deontais Sainfheabhsúcháin atá cómhaoinithe ag an AE. ;
- gur caitheadh geall le ¤2 milliún ar an Scéim um Fheabhsúcháin Íoschostas Sábháilteachta agus go ndearnadh oibreacha i mbreis agus 200 ionad go deireadh 2001;
- go ndearnadh ¤10.157 milliún a leithroinnt don Scéim Feabhsúchán Áitiúil, rud a chuir ar chumas na n-údarás áitiúil 875 scéim a thabhairt chun críche, feabhas a chur ar bhreis agus 904.4 km de bhóithre neamhphoiblí agus tairbhe a dhéanamh do 3,723 tairbhí;
- gur íocadh ¤6.6 milliún le Comhairle Chathrach Bhaile Átha Cliath i leith Scéimeanna Bainistithe Tráchta agus gur íocadh ¤1.63 milliún le 4 Údarás Uirbeach faoi Scéim Réigiúnach um Bainistithe Tráchta; agus
- gur bhain 14 údarás áitiúil tairbhe as an ¤30.59 milliún a caitheadh ar dheontais um bóithre neamhnáisiúnta chun tacú leis an tithíocht agus le forbairtí gaolmhara eile.

Rinne an Grúpa Oibre ar an Éifeachtúlacht, a bunaíodh sa bhliain 1999, maoirsiú ar eisiúint doiciméad dea-chleachtais – ***Depth of Overlay on Rural Non-National Roads***, ***Rehabilitation of Roads over Peat*** and ***Road Markings*** – chuig na húdaráis áitiúla sa bhliain 2001

Feidhmiú mar údarás bainistithe don Chlár Oibriúcháin um Bonneagar Eacnamaíoch agus Sóisalta

Rinneadh dul chun cinn maith maidir leis an ***gClár Oibriúcháin um Bonneagar Eacnamaíoch agus Sóisalta*** a chur chun feidhme. Léiríonn figiúirí Sealadacha aschuir gur shroich an infheistíocht iomlán a rinneadh faoin gClar i rith na bliana 2001 ¤3.5 billiún, tuairim agus 3% chun cinn ar an méid a ndearnadh foráil dó sa Chlár. Thug an Coimisiún Eorpach ¤102 milliún i gcabhair ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa i leith na ngnéithe sin den chlár atá á gcómhaoiniú ag an AE (.i. bóithre náisiúnta, iompar poiblí agus bonneagar comhshaoil).

Lánpháirtiú cúrsaí forbartha inmharthana i bpolasaí bóithre i gcoitinne a chur chun cinn agus réitigh mhaithe a chur chun tosaigh ar riachtanais iompair uirbigh

D'fhéach Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath (OIBÁC) agus na húdaráis áitiúil lena chinntiú go ndéanfaí lánpháirtiú níos fearr ar úsáid talún agus ar phleanáil iompair ionas go laghdaítear an gá le taisteal agus go ndéantar soláthar an iompair phoiblí a éascú.

Tá straitéisí pleanála, úsáidte talún agus iompair curtha ar bun chun réiteach a fháil ar riachtanais iompair uirbigh agus is gearr go mbeidh na straitéisí sin tugtha chun críche i roinnt cathracha réigiúnacha agus i lárionaid eile lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

Leanadh leis an obair i 2001 chun creat a fhorbairt d'fheabhsúcháin cháilíochtúla ar **sheirbhísí tacsaí**, lena n-áirítear an próiseas comhairliúcháin a fógraíodh i 2000. Ullmhaíodh páipéar comhairliúcháin agus tugadh chun críche é i ndeireadh na bliana 2001 agus é i gceist é a fhoilsiú i dtosach na bliana 2002. Tugadh treoir agus comhairle d'údaráis cheadúnaithe áitiúla, do sholáthróirí seirbhíse, agus don phobal i gcoitinne, i rith na bliana 2001 de bharr thabhairt isteach an chórais nua ceadúnaithe tacsaithe i Samhain na bliana 2000, agus de bharr na rialachán um fheithiclí seibhíse poiblí go ginearálta.

I rith na bliana 2001, rinneadh athbhreithniú ar an bpolasaí maidir le rochtain ar lánaí bus i gcomhairle leis an nGarda Síochána, le OIBÁC agus le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Tar éis breithniú a dhéanamh ar na tuairimí éagsúla a cuireadh in iúl, beartaíodh nár cheart aon athrú a chur ar na forálacha atá ann cheana maidir le rochtain ar lánaí bus.

Rinne na húdaráis áitiúla agus OIBÁC dul chun cinn maith i réimse leathan réimsí. Rinneadh ¤33.458 milliún a sholáthar don OIBÁC chun bearta bainistithe tráchta a mhaoiniú, méadú 4% ar dheontas 2000 Ar na bearta sin tá:

- gur tugadh 9 mBuschonair Tosaíochta (BT) chun críche i limistéar Bhaile Átha Cliath, agus tá obair ar bun maidir le 3 cinn eile; tá nósanna taistil chun na hoibre athraithe ag na BTnna agus tá a dhá oiread daoine á n-iompar anois ar na BTnna atá i bhfad ann (Mullach Íde, Leamhcán, agus an N11) agus atá ar na lánaí ginearálta tráchta;
- go ndearnadh forbairt ar 160 km de bhealaí rothair dhá threo agus gur cuireadh 2,500 spás loctha ar fáil;
- go ndearnadh polasaí rialaithe loctha a chur i bhfeidhm, rud a chabhraigh leis an sruth tráchta agus a chuir laghdú ar an locadh neamhdhlithiúil
- go ndearnadh cillíní tráchta comhshaoil, scéimeanna ceansaithe tráchta agus tionscadail feabhsaithe sráide a chur chun feidhme ar bhonn forleathan ar fud na cathrach agus ar fud Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath; agus
- go bhfuil infheistíocht á déanamh ar bhonn leanúnach i ríomhchórais rialaithe comharthaí tráchta agus i gcórais faisnéise taistil agus loctha.

Léiríonn na bearta seo go bhfuil níos mó i gceist le freastal ar riachtanais soghluaisteachta ná an bonneagar fisiciúil agus an rothra a sholáthar. Teastaíonn siad seo, gan amhras, ach caithfear iad a sholáthar i gcomhthéacs cur chuige chomhtháite i leith riachtanas iompair lena n-áirítear bainistiú feabhsaithe tráchta, lánpháirtiú níos fearr in úsáid talún agus pleanáil iompair, bainistiú ar an éileamh iompair agus dea-shocruithe institiúideacha.

Faireachán agus maoirsiú a dhéanamh ar chur chun feidhme Straitéise uasdhátaithe Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath (OIBÁC) agus socruithe nua instiúideacha a chur chun cinn chun na críche seo.

Rinne an páipéar comhairliúcháin, ***New Institutional Arrangements for Land Use and Transport in the Greater Dublin Area***, a foilsíodh in Aibreán 2001 moladh maidir le bunú Údaráis proposed the establishment of a Strategic Land Use and Transportation Authority. The functions of the proposed Authority include the preparation of an integrated long-term land use and transportation strategy for the Greater Dublin Area the incorporation of the functions of the Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath and Strategic Planning Guidelines Steering Group.

Tugadh an próiseas comhairliúcháin chun críche i ndeireadh mhí Iúil 2001 agus i gcoitinne thacaigh aighneachtaí leis na tograí. I 2001 bunaíodh Grúpa Stiúrtha, a raibh an Roinn i gceannas air agus a raibh ionadaithe air ón Roinn Fiontar Poiblí agus ón Roinn Airgeadais, chun an reachtaíocht a chur chun cinn a theastaigh chun go mbunófaí an tÚdarás. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le dréachtú Príomhranna Billí i rith 2001.

Faireachán agus maoirsiú a dhéanamh ar chur chun feidhme Straitéis an Rialtais *Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 1998 - 2002*

Tugann ***The Third Progress Report on "The Road to Safety",*** a foilsíodh i mí Iúil 2001, sracléiriú ar chur chun feidhme na bpolasaithe agus na mbeart tacaíochta i ***Straitéis*** an Rialtais ***um Shábháilteacht ar Bhóithre 1998 –*** 2002. Agus uasdátú á dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh maidir leis na príomhspriocanna agus leis na spriocanna tacaíochta, tugtar faoi deara sa tuarascáil go ndearnadh forbairtí dearfacha agus forbairtí diúltacha maidir le sábháilteacht ar bhóithre i rith thréimhse an athbhreithnithe.

- Lean líon na ndíobhálacha tromchúiseacha ag dul i laghad i 2000 le laghdú 24.8% ar líon na ndíobhálacha tromchúiseacha, laghdú a sháraíonn bunsprioc na Straitéise - laghdú 20% ar líon na ndíobhálacha tromchúiseacha.
- Tháinig méadú de 2 go dtí 415 ar líon na mbásanna ar bhóithre;; léiríonn figiúirí sealadacha do 2001, áfach, ag 411 bás, go bhfuil laghdú 1% ar fhigiúirí 2000 agus go bhfuil laghdú foriomlán 13% tagtha ar líon na mbásanna le hais na bhfigiúirí do 1997 (472 bás).
- Rinne an Garda Síochána 10,433 cion maidir le tiomáint ar meisce a bhrath i 2000; léiríonn figiúirí sealadacha do 2001 go ndearnadh breis agus 12,800 brath i leith an chionta seo, rud is ionann agus méadú 23% ar leibhéil 2000.
- Bhí suas le 92% de na samplaí fola agus fuail agus 82% de na samplaí anála a ndearna an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre anailísiú orthu i 2000 níos airde ná an teorainn alcóil don tiomáint; bhí 61% de thorthaí na samplaí fola agus fuail agus 33% de thorthaí na samplaí anála breis agus dhá oiread chomh hard leis an teorainn.
- D'eisigh an Garda Síochána breis agus 345,000 fíneáil ar an láthair do róluas i 2001, méadú ar líon na bhfineálacha den sórt sin.
- Eisíodh beagnach 60,000 fíneáil ar an láthair i 2000 as gan crios tarrthála a chaitheamh, agus léiríonn sonraí sealadacha gur eisíodh breis agus 64,000 fíneáil i 2001 don chion seo, rud a léiríonn méadú de bheagnach 7% ar leibhéil 2000.
- Rinne An Chomhairle Sábháilteachta Náisiúnta Tionscadal Acmhainne Idirbhliana a fhorbairt i meánscoileanna ar Shábháilteacht ar Bhóithre; rinneadh treoirthástáil ar an acmhainn seo i 20 meánscoil ar fud na tíre agus seoladh i Meán Fómhair 2001.

I Márta 2001, foilsíodh an Bille um Thrácht ar Bhóithre 2001, a dhéanann socrú maidir le córas pointí pionóis a thabhairt isteach. Achtaíodh an Bille seo i mí Márta 2002. Tá riaradh an chórais seo ag brath ar bhunachar sonraí lárnach de thiománaithe a bheith ar fáil. Leanadh le forbairt an bhunachair shonraí seo, an Comhad Náisiúnta Feithiclí agus Tiománaithe, i rith 2001 agus rinneadh na leasuithe ba ghá chun pointí pionóis a thaifead agus chun an córas a riaradh. Tá sonraí breise ar fáil maidir leis an mbunachar sonraí seo sa chuid sin den Tuarascáil seo "Ag Oibriú le hÚdaráis Áitiúla"

Maoirsiú a dhéanamh ar sholáthar córais éifeachtaigh tástála ród-acmhainneachta d'fheithiclí

I rith 2001, lean na scéimeanna éagsúla tástála ród-acmhainneachta ar na flíteanna náisiúnta feithiclí paisinéirí agus earraí, arna maoirsiú ag an Roinn, ag cur le feabhsú ar shábháilteacht ar bhóithre agus ar an gcosaint chomhaoil.

Ba é 2001 an dara bliain de **thástáil gluaisteán** in Éirinn agus is gluaisteáin a cláraíodh den chéad uair idir 1992 agus 1996 a bhí i gceist. Cé gur chuir gníomhaíocht tionscail ag an tSeirbhís um Thástáil Náisiúnta Gluasteán Teo. (STNG) srian ar thástáil ar feadh tréimhse áirithe le linn na bliana, rinneadh tástáil ar 378,467 gluaisteán san iomlán roimh dheireadh 2001 – méadú 75,267 gluaisteán ar fhigiúr 2000. 94% an pasráta foriomlán a bhí ann don bhliain agus fuair 62% de ghluaisteáin pas ar an gcéad iarracht agus 32% de ghluaisteáin tar éis atastálacha a dhéanamh.

I rith 2001, ba é an tosaíocht ba mhó a bhí ann comhdhlúthú a dhéanamh ar thabhairt isteach rathúil na tástála ród-acmhainneachta do ghluaisteáin agus tógáil air, ag féachaint le seirbhís ardcháilíochta, a bhfuil leibhéal ard tacaíochta ón bpobal aici, a ghlacadh agus a bhuanú. Ba chéim mhór chun cinn i dtreo an chuspóra seo a bhí i gceapadh Conraitheora Seirbhísí Maoirsithe fadtéarma chun cabhrú leis an Roinn faireachán agus maoirsiú a dhéanamh ar an STNG i gcomhlíonadh a feidhmeanna. Tá dea-sheirbhís do chustaiméirí mar riachtanas lárnach ag an STNG agus chuige seo thug an chuideachta isteach bearta chun feabhas a chur ar na nósanna imeachta um ghearáin agus achomhairc. Bunaithe ar shuirbhéanna a rinne an Conraitheoir Seirbhísí Maoirsithe, ba ráta 84.5% a tomhaiseadh do 2001 do shásamh custaiméara le seirbhís STNG.

Rinneadh freagracht maidir le measúnacht ar oiriúnacht feithiclí mar mhionfheithiclí seirbhíse poiblí agus tástáil bhliantúil ród-acmhainneachta na bhfeithiclí seo a aistriú ón nGarda Síochán chuig STNG le héifeacht ón 1 Iúil 2001. Mar chuid de chur chun feidhme céimnithe na TNG, athraíodh stádas cuid de na cúiseanna teipthe sa tástáil ón gcatagóir "teip comhairle" chuig an gcatagóir "teip diúltú" leis na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (An Tástáil Náisiúnta Gluaisteán) (Uimh. 3) 2001. Is é an éifeacht atá aige seo, nach foláir nithe áirithe, a d'fhágtaí roimhe seo faoi úinéir an ghluaisteáin a leigheas, a dheisiú sular féidir deimhniú TNG a eisiúint i leith an ghluaisteáin. Rinneadh táillí athbhreithnithe don TNG a chur chun feidhme i Feabhra 2001 leis na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (An Tástáil Náisiúnta Gluaisteán) 2001.

Tugadh isteach ríomhchóras nua faisnéise bainistíochta don tástáil ar fheithiclí tráchtála i 2001. Déanfaidh an córas seo fónamh do thástálaithe údaraithe nuair a bheidh tástálacha á gcur acu agus taifid á mbainistiú acu; cabhróidh sé freisin le húdaráis áitiúil agus leis an Roinn a bhfeidhmeanna maoirseachta a chomhlíonadh.

Tugadh éifeacht do chur chun feidhme na gcaighdeán sainordaitheach is deireanaí ón EU maidir le feithiclí atá ag dul i seirbhís, le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gluaisteáin Phaisinéirí do Dhul i Seirbhís), 2001; ní mór anois comhréireachta le Treoracha sonraithe ón AE a chur isteach le hiarratais chuig na Coimisinéirí Ioncaim ar chlárú feithiclí nua.

Oibríocht córais tástála tiománaithe chóir, éifeachtaigh a chinntiú

Chuir PricewaterhouseCoopers críoch lena n-athbreithniú ar oibríochta **na seirbhíse tástála tiománaithe** i rith 2001. Bheartaigh an Rialtas, tar éis dóibh an tuarascáil agus na moltaí a bhí inti a bhreithniú, gníomhaireacht earnála poiblí a bhunú chun an ghníomhaireacht tástála tiománaithe a sheachadadh. I ndeireadh 2001, bhí obair ar bun chun cinneadh an Rialtais a chur chun feidhme agus bhí an cur chun feidhme á bhrú ar aghaidh ar bhonn comhpháirtíochta leis na páirtithe leasmhara ar fad.

De réir the ***Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí 2001 – 2004***, tá an Roinn tiomanta ar a chinntiú go ndéantar tástálacha tiomána a sheoladh ar bhealach comhréireach atá caoithiúil ag custaiméirí. Chuige seo rinneadh forbairt i rith 2001 ar chlár cuimsitheach oiliúna, ina bhfuil athchúrsaí oiliúna do Thástálaithe Tiománaithe. Cuireadh oiliúint thosaigh ar na teagascóirí i 2001 agus cuireadh tús leis an gclár oiliúna, lena n-áirítear modúl ar an gcúram custaiméara.

Tá sé ar cheann de phríomhspriocanna an Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí, tráthanna feithimh ar thástálacha tiomána a laghdú go náisiúnta chuig 10 seachtaine ar an meán. Rinneadh dul chun cinn suntasach sa bhliain 2001 maidir leis an sprioc seo a aimsiú. 14 seachtaine a bhí i gceist leis an meántráth feithimh i ndeireadh an bliana. Laghdaigh líon na ndaoine ar an liosta feithimh ó 72,500 duine i dtús na bliana go dtí at 51,000 duine i ndeireadh na bliana Rinneadh tástáil ar 172,300 iarratasóir i rith na bliana; pasráta 55.4% a bhí i gceist. Nuair a chuirtear san áireamh daoine nach bhfreastalaíonn ar choinní nó daoine nach ndéantar an tástáil orthu ar chúiseanna éagsúla, baineadh suas le 200,000 iarratasóir ar thástáil de na liostaí feithimh i rith na bliana. Tharla sé seo ainneoin go bhfuil méadú ag teacht ar líon na ndaoine atá ag cur isteach ar an tástáil. Fuarthas buaicleibhéal 181,000 iarratas ar thástáil tiomána i 2001, méadú 7% ar an lion duine a bhí i gceist an bhliain roimhe sin. Cuireadh leis an acmhainn tástála freisin le hearcú 13 Tástálaí Tiománaithe bhreise ar conradh. Faoi láthair tá 119 Tástálaí Tiománaithe i mbun tástálacha agus tá sé d'acmhainn acu breis agus 210,000 tástáil chaighdeánacha (gluaisteáin) a dhéanamh. Cuireann sé seo san áireamh cur chun feidhme comhaontaithe a rinneadh go laghdófaí de thástáil amháin in aghaidh an lae líon na dtástálacha atá á ndéanamh ag gach Tástálaí Tiománaithe

Mar chuid de ***R-Straitéis Seibhísí Poiblí*** na Roinne, agus mar atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí, seoladh láithreán gréasáin dátheangach nua don tástáil tiománaithe, www.tastailtiomana.ie (www.drivingtest.ie) i mí Iúil 2001. Cuireann an láithreán seo ar chumas iarratasóirí iarratas ar-líne a dhéanamh ar thástáil tiomána agus tá faisnéis ar an láithreán maidir leis an tástáil. Tugadh breis agus 500,000 cuairt ar an láithreán gréasáin i 2001. Furathas 2,600 iarratas ar-líne ar an tástáil tiomána idir lár mhí Iúil agus deireadh 2001. Tá tuairim agus 70 iarratas ar-líne á ndéanamh in aghaidh an lae faoi láthair agus is méadú atá a líon. Maidir leis an aiseolas a fhaightear ón láithreán, is fadhbanna túslaethanta a bhformhór – deacrachtaí maidir le rochtain a fháil ar an láithreán, teachtaireachtaí earráide agus an fhoirm iarratais á comhlánú agus fíorú cártaí creidmheasa chun íocaíocht a dhéanamh. Táthar ag díriú ar na fadhbanna seo agus tá iarrachtaí leanúnacha á ndéanamh chun na deacrachtaí atá ag na custaiméirí a réiteach. Le soláthar na seirbhíse ar-líne seo do chustaiméirí, tá an Roinn in ann seirbhís do chustaiméirí atá ar chaighdeán níos airde fós ná an caighdeán a bhí á thuar sa Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí; tá iarratais á bhfáil agus táillí á bpróiseáil ar an bpointe, tá laghdú ag teacht ar líon na n-iarratas neamhiomlán, agus laghdú ar líon na dtástálacha atá á gcur ar ceal, agus laghdú dá réir sin ar na tráthanna feithimh ar thástálacha. Ina theannta seo, tugann an láithreán faisnéis bhreise don chustaiméir ar nós ceisteanna a chuirtear go minic, coinníollacha tástála tiomána, léarscáileanna a thaispeánann suíomh na n-ionad tástála agus seoltaí na n-ionad sin agus tugann sé deis don chustaiméirí súil a chaitheamh ar na tráthanna feithimh. Tá sracléiriú ar na sonraí breise maidir leis an tseirbhís atá á soláthar do chustaiméirí ar fáil sa chuid 'Ag Freastal ar ár gCustaiméir' den Tuarascáil seo.

I mí an Mheithimh 2001, tugadh isteach tástáil teoirice tiomána ríomhbhunaithe atá caoithiúil ag úsáideoirí d'iarratasóirí céad-uaire ar cheadúnais shealadacha i leith na gcatagóirí uile ceadúnais. Spreagfaidh an tástáil teoirice tiomána tuiscint níos doimhne agus níos struchtúrtha ar fhaisnéis agus ar iompar i measc nuathiománaithe a chabhróidh leo a bheith níos sábhailte mar thiománaithe. Tá tástáil teoirice tiomána á seoladh ag líonra náisiúnta 41 ionad. Bhí an tástáil teoirice tiomána déanta ag suas le 45,000 iarratasóir faoi dheireadh 2001. Rinneadh forbairt sa bhliain 2001 ar láithreán gréasáin don tseirbhís tástála teoirice tiomána, www.dtts.ie, agus tugtar faisnéis iomlán maidir leis an tseirbhís chomh maith le foirm iarratais is féidir a íoschóipeáil.

Tithíocht

Cuspóir
A chur ar chumas gach líon tí teaghais a bheith ar fáil dóibh ar phraghas réasúnta ar chaighdeán maith, a bhíonn oiriúnach dá riachtanais, i dtimpeallacht mhaith agus, chomh fada agus is indéanta sin, ag an tionacht dá rogha féin.

Tugann an beartas tithíochta aghaidh ar gach earnáil den mhargadh tithíochta cé go dtugtar aird ar leith ar freastal ar riachtanais tithíochta sóisialta. Rinneadh dul chun cinn as cuimse in 2001 agus tugtar imlíne thíos ar mhionsonraí na ngníomhaíochtaí éagsúla ar tugadh fúthu i bhfeidhmiú na príomhstraitéisí a leagtar amach sa ***Ráiteas Straitéise 2001 – 2004*** chun tacú le baint amach an chuspóra thuasluaite.

Príomhstraitéisí
Maoirseacht agus cothabháil a dhéanamh ar mhargadh éifeachtach tithíochta

Rinneadh dul chun cinn as cuimse in 2001 chun an soláthar tithíochta a mhéadú agus maolú a dhéanamh ar bhoilsciú phraghas tithe trí fheidhmiú raon bearta lena n-áirítear iad sin a leagtar amach in ***Gníomh ar Thithíocht***, a foilsiú i Meitheamh 2000. Tugadh isteach roinnt bearta cánachais san Acht Airgeadais 2001 agus é mar aidhm acu borradh a chur faoin soláthar cóiríochta ar cíos. Tugadh isteach tuilleadh beart i mBuiséad 2002 lena n-áirítear laghdú de 9% ar an ráta comhréidh dleacht stampála ionas go n-íocann infheisteoirí i maoin chónaitheach nua agus dara láimhe na rátaí céanna dleacht stampála a bhaineann le húinéirí-áitritheoirí nach den chéad uair iad a cheannaíonn maoin dara láimhe. Fónóidh na coigeartuithe seo chomh maith chun an soláthar cóiríochta ar cíos a mhéadú, bacainní ar ghníomhaíocht sa mhargadh dara láimhe a thabhairt chun deiridh agus an córas a shimpliú.

In 2001 facthas an maolú is suntasaí ar phraghas tithe le blianta beaga anuas le méaduithe ar an meán de thart ar 1% go dtí 2% ag deireadh na bliana i gcomparáid leis an tréimhse chéanna an bhliain roimhe sin. Mhéadaigh praghsanna tithe 0.6% go dtí ¤181,171 do thithe nua agus 1.4% go dtí ¤201,613 do thithe dara láimhe ar bhonn náisiúnta sa tréimhse ráithe na Nollag 2000 go dtí ráithe na Nollag 2001. Mhéadaigh praghsanna tithe i mBaile Átha Cliath sa tréimhse chéanna 0.9% go dtí ¤236,041 do thithe nua agus 2.3% go dtí ¤262,133 do thithe dara láimhe. Tríd an mbliain 2001 a chur i gcomparáid le 2000, bhí méadú de 8.1% agus 8.2% ar mheánphraghsanna tithe do thithe nua agus do thithe dara láimhe go náisiúnta agus méadú de 9.6% agus 8.8% do thithe nua agus do thithe dara láimhe i mBaile Átha Cliath. Ba é 2001 an seachtú bliain d'aschur buaice tithíochta ag 52,602 aonad, suas 5.6% ar 2000. Is 16,498 aonad an t-aschur i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, an leibhéal is airde a baineadh amach riamh. Is ceannaitheoirí den chéad uair a bhíonn i gceist anois leis an sciar is mó den mhargadh, le hiarratais do dheontais tithe nua suas 7.3% in 2001.

Soláthar, i gcomhpháirtíocht le Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí stáit, údaráis áitiúla agus an tionscal tógála, a dhéanamh ar an gcreat oibre reachtaíochta, fisceach agus rialála chun leibhéal agus raon leordhóthanach aschur tithíochta a éascú chun freastal a dhéanamh ar éileamh.

Faoi Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, thug gach údarás áitiúil a straitéisí tithíochta chun críche faoi dheireadh Iúil 2001. Sainaithníonn na straitéisí seo riachtanais foriomlána tithíochta gach earnáil den phobal sa limistéar údarás áitiúil agus soláthraíonn pleananna maidir leis an gcaoi a bhfuil freastal le déanamh ar na riachtanais sin. Faoi dheireadh 2001, bhí a straitéisí curtha isteach ina bpleananna forbartha acu trí éagsúlacht.

Forálann Bille na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) (Uimh. 2) 2001, a foilsíodh i mí na Nollag 2001, d'ardú i dteorainn iasachta na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe chuig ¤6 billiún, staid reachtúil don Scéim Tithíochta ar Phraghas Réasúnta na nÚdarás Áitiúil, níos mó solúbthachta i riaradh na scéime deontais do thithe nua, agus tugann sé an chumhacht don Aire cabhair airgeadais a thabhairt do chomhlachtaí áirithe a bhíonn páirteach i soláthar comhairle agus taighde i leith gnóthaí tithíochta. Achtaíodh an Bille in Aibreán 2002.

Lean an **Fóram Tithíochta** ar a n-áirítear ionadaithe ó Philéir na gCeardchumann, na bhFostóirí, na Feirmeoireachta, an Phobail agus Comhlachtaí Dheonacha agus Ranna Rialtais iomchuí, ag monatóireacht ar na forbairtí maidir le soláthar agus acmhainn ceannaigh tithíochta agus cur le forbairt bhreise ag an Roinn ar fhreagraí beartas i leith ceisteanna tithíochta a shainaithnítear sa ***Chlár um Rathúnas agus Cothroime***.

Bacainní a aithint go háirithe i réimsí soláthair bonneagair, úsáid talún cónaithí agus acmhainneacht foirgníochta ar sholáthar leordhóthanach tithíochta a chur ar fáil, bearta a fhorbairt chun na bacainní sin a threascairt agus feidhmiú éifeachtach agus tráthúil na mbeart sin a éascú agus a chomhordú.

I mí Feabhra 2001, thug an Coiste Seasta Iompair Phoiblí a thuarascáil ar lánpháirtiú **iompair phoiblí** le forbairt nua tithíochta i mBaile Átha Cliath. Tháinig an anailís ar an tátal go mbeidh acmhainneacht leordhóthanach ann chun na riachtanais teilgthe tithíochta i Réigiún Baile Átha Cliath a chomhlíonadh go dtí 2006 ar an mbonn go gcuirfear na tionscadail i bhfeidhm faoin ***bPlean Forbartha Náisiúnta 200 – 2006*** agus i Straitéis Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath, ***Ardán d'Athrú***.

I Meitheamh 2001, faoi Chuid IX den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, ainmníodh 3 láithreán (Leamhcán, an Uaimh agus Baile Bhlainséir) mar **Shaincheantair Forbartha Straitéisí** ag clúdach isteach agus amach le 12,000 aonad tithíochta d'fhorbairt chónaitheach. Tá Grúpaí Stiúrtha curtha ar bun ag na húdaráis áitiúla chun bainistiú a dhéanamh ar fhorbairt na saincheantair sin, scéimeanna pleanála a fhorbairt agus déileáil le haon cheist nó bacainní a bhféadfaí teacht trasna orthu i rith forbairt na láithreán.

Tugadh isteach an **Tionscnamh Talún Seirbhísithe** (TTS) chun an soláthar talún seirbhísithe do thithíocht a mhéadú. Thug maoiniú breise don TTS in 2001 an infheistíocht iomlán san Tionscnamh chuig ¤173 milliún. Cabhróidh an leibhéal méadaithe pleanála straitéisí do bhonneagar seirbhísí uisce a bhforáiltear dó sa Bhille Seirbhísí Uisce chun na bacainní ar sholáthar tihíochta a íoslaghdú. Cuireann an t-iniúchadh náisiúnta seirbhísí fuíolluisce a tosaíodh le gairid agus staidéar uisce 1999 taca faoi straitéis forbartha amach anseo. Baineadh dul chun cinn breise amach i rith na bliana 2001 i mbogadh ar aghaidh scéimeanna TTS. Faoi dheireadh 2001 bhí 264 scéim ar an iomlán ceadaithe. Bhí thart ar leath na dtionscadal sin, ag déanamh seirbhíse ar bheagnach 80,000 láithreán, á dtógáil nó críochnaithe faoi dheireadh mhí na Nollag. I measc na scéimeanna suntasacha a críochnaíodh i rith na bliana bhí Scéim Séarachas **Marlinstown** (3,266 láithreán), Co. na hIarmhí; Scéim Séarachais Ghleann na hAbhann Thír Oileáin (1,262 láitheán), Co. na Gaillimhe; Príomhdhraenáil Bhóthar Bhaile an tSaoir (1,215 láithreán), Dún Laoghaire; Soláthar Uisce Chaisleán an Treoigh (1,139 láithreán), Co. Luimnigh; Stáisiún caidéalaithe Bhaile an Chaisleáin/Chill Droichid (1,200 láithreán), Co. Chill Dara; agus Scéim feabhsúcháin séarachais Abhainn an Ghlaisín (1,000 láithreán), Co. Chorcaí. Tá formhór na scéimeanna atá fanta ar an sceideal le bheith i mbun tógála in 2002 agus tosóidh obair ar an iarmhéid in 2003.

Thug an Roinn faoin tríú suirbhé náisiúnta ar infhaighteacht talamh seirbhísithe atá leagtha amach do thógáil. Léirigh torthaí an tsuirbhé go bhfuil an soláthar féideartha talamh tithíochta go náisiúnta leordhóthanach chun freastal ar an éileamh tithíochta tríd is tríd go dtí 2007. Ag deireadh mhí Mheitheamh 2001, bhí isteach agus amach le 5,400 acra de thalamh seirbhísithe leagtha amach, le toradh measta de 91,400 aonad tithíochta, ag Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath, cé go raibh 3,400 acra de thalamh seirbhísithe leagtha amach, le toradh measta de thart ar 30,000 aonad, ar fáil i Réigiún an Lár-Oirthir, agus bhí dóthain talún seirbhísithe leagtha amach ar fáil do thoradh de thart ar 16,700 aonad i nGaillimh, 14,100 aonad i Luimneach agus 7,300 aonad i bPort Láirge faoi seach.

Chuir an Fhoireann Tras-Rannach ar Thithíocht, atá faoi chathaoirleacht agus faoi sheirbhísiú na Roinne, agus a thuairiscíonn don Choiste Comh-Aireachta ar Thithíocht, a tríú tuarascáil isteach ag tabhairt mionsonraí ar an dul chun cinn ar fheidhmiú bhearta an Rialtais chun soláthar tithíochta a mhéadú i Nollaig 2001.

Úinéireacht tithe a éascú don líon is airde is féidir de líonta tí ar mian leo tithe a bheith acu agus atá ina n-acmhainn trí raon cuí bearta airgeadais agus bearta eile.

Bhí roinnt scéimeanna ar fáil in 2001 do líonta tí chun úinéireacht tithe a éascú. Tá mionsonraí faoi na scéimeanna sin i rith na bliana 2001 ar fáil thíos.

- Ceannaíodh 1,411 teaghais faoin **Scéim Ceannaigh Tionóntaí;** rinneadh 3,298 iarratas ar cheannach agus ceadaíodh 2,842 díol.

- Ceannaíodh 1,611 teaghais faoin **Scéim Comhúinéireachta**, sin ardú 35% ó 2000.

- Críochnaíodh 272 teaghais faoin **Scéim Tithíochta Inacmhainne** faoi dheireadh 2001, bhí 4,168 á bpleanáil agus 1,177 á dtógáil.

- Géilleadh 132 teach faoin **Scéim Liúntas Morgáiste.**

- Fuarthas 11,003 iarratas faoi **Scéim Deontas na dTithe Nua,** sin ardú 7.3% ar 2000; íocadh 10,172 deontas, sin ardú 1.8% ar 2000. Leag An Plean Gnímh Seirbhís Custaiméirí ***2001 - 2004*** tráthchlár mion amach do phróiseáil Dheontais Tithe Nua. In 2001 baineadh amach na spriocanna atá sa Phlean i gcás 85% de na hiarratais ar dheontais do thithe nua agus bhí na spriocanna á n-athbhreithniú ag deireadh na bliana. Lean an fhorbairt agus an tástáil ar an gcóras ríomhaire chun tacú leis an Scéim Deontas Tithe Nua i i rith na bliana 2001. Tá tuilleadh sonraí faoin tseirbhís a thugtar do chustaiméirí leagtha amach in ár dtuarascáil Ag Freastal ar Ár gCuid Custaiméirí.

Aschur Tithíochta Sóisialta agus Inacmhainne a leathnú chun Freastal ar Riachtanais

In 2001 ba é an caiteachas in 2001 ar an gclár tithíochta áitiúil lena n-áirítear caiteachas ag údaráis áitiúla ó na gcuid fáltas caipitil inmheánacha ná ¤671 milliún ar ionann agus ardú ¤251 milliún nó 59.8% ar fhigiúirí aschur 2000. Faoin gclár seo thosaigh 7,100 aonad agus críocnaíodh breis is 5,000 le linn na bliana agus bhí obair ar bun ar bhreis is 7,000 aonad ag deireadh 2001. Léirigh an dul chun cinn in 2001 an tslí a bhfuil éirithe le húdaráis áitiúla dlús a chur faoina gcláir chun freastal níos tapúla a dhéanamh ar an éileamh atá ann cheana féin. Ag deireadh 20021 ag lárphointe an chláir ilbhliantúil bhí beagnach 50% de sprioc a bhí ag an gclár de 25,000 tosú tithíochta bainte amach.

Soláthraíodh maoiniú caipitil de ¤143.48 milliún in 2001 don chlár tithíochta saorálaí, ardú 44% ar 2000 nuair ab ionann an caiteachas agus ¤99.04 milliún. Rinne an mheitheal oibre ar thithíocht shaorálach agus chomhoibritheach a bunaíodh i 2000 roinnt moltaí chun feabhas a chur ar théarmaí na scéimeanna tithíochta saorálaí; cuireadh na moltaí sin i bhfeidhm agus rinne siad leas don aschur. In 2001 cheadaigh an Roinn 1,102 aonad cóiríochta faoin Scéim Cúnaimh Caipitil agus bhí 23% acu sin dírithe go sonrach ar dhaoine míchumasaithe. Soláthraíodh 554 aonad agus bhí obair ar bun ar 918 aonad eile ag deireadh na bliana. Bhí caiteachas suas le breis is ¤54 milliún i gceist leis an scéim in 2001. Bhain an earnáil tithíochta saorálaí buaicphointe aschuir amach in 2001 nuair a soláthraíodh 1,253 aonad tithíochta sóisialta le cúnamh ó rannícoa airgeadais ón Roinn faoi na scéimeanna Cúnamh Caipitil agus Fordheontas Cíosa. Bhí an leibhéal aschuir sin ag teacht le sprioc PFN don earnáil agus b'ionann é agus ardú 31% ar an leibhéal aschuir a baineadh amach in 2000. Chomh maith leis sin bhí obair ar bun ar 1,884 aonad eile cóiríochta ag deireadh 2001 faoin gclár.

A chinntiú go n-aithnítear agus go ndírítear go cuí ar riachtanais speisialta tithíochta ghrúpa leochailleacha lena n-áirítear daoine scothaosta, daoine míchumasaithe, daoine gan dídean agus lucht siúil

Mar a éilítear sa ***Integrated Strategy on Homelessness,*** arna fhoilsiú in 2000 bhí Pleananna Gnímh á bhfeidhmiú i gcathracha Bhaile Átha Cliath Chorcaí, Luimnigh agus i gCeatharlach, sa Chabhán, sa Chlár, i gCill Chainnigh, i Luimneach, i Lú, in Uíbh Failí, Tuaisceart Thiobraid Árann, san Iarmhí, i Loch Garman agus i gCill Mhaintáin faoi dheireadh 2001.

Bhí Pleananna Gnímh do chathracha na Gaillimhe agus Phort Láirge agus do na contaetha eile go maith chun cinn agus súil na cinn nach bhfuil críochnaithe a bheith réidh go luath in 2002.

Ceapadh Stiúrthóir d'Easpa Dídine do Cheantar Bhaile Átha Cliaith chun dul i gceannas ar ghníomhaireacht Easpa Dídine chun freagra comhordaithe ar easpa dídine i mBaile Átha Cliath a chur ar fáil agus chun Plean Gnímh do mhórcheantar Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm. Tar éis mholtaí ***Integrated Strategy on Homelessness,*** d'ullmhaigh grúpa tras-ranna Straitéis Choscthach ar Easpa Dídine, ar na mbunú faoi stiúir Choiste Rialtais ar Uilechuimsitheacht Shóisialta agus bhí ionadaithe ar an ngrúpa ó roinnt Ranna Rialtais agus FÁS i rith na bliana 2001.

In 2001 thug an Roinn ¤98 milliún ar ais d'Údaráis Áitiúla as caiteachas a thabhaigh siad i gcás cóiríocht a chur ar fáil do dhaoine gan dídean agus do lucht lorgtha tearmainn nach raibh aon dídean acu.

Lean an Roinn i gcomhar leis an gCoiste Comhairleach Cóiríochta Lucht Siúil Náisiúnta ag déanamh monatóireachta ar fheidhmiú chláir chóiríochta áitiúla 5 bliana don Lucht Siúil. In Aibreán 2001 d'eisigh an Roinn ***Guidelines for the Operation of Local Traveller Accommodation Consultative Committees*** chuig Údaráis Áitiúla. Dhírigh na treoirlínte ar cheisteanna mar roghnú ionadaithe an Lucht Siúil, cumarsáid agus oiliúint, modhanna oibríochta agus seoladh cruinnithe.

Caitheadh ¤23.67 milliún ar chóiríocht a sholáthar go sonrach don Lucht Siúil (grúpthithíocht agus ionaid stada) in 2001. Tugadh chun críche obair ar 13 ionad stad in 2001 a sholáthair 54 caladh nua agus rinneadh athfhorbairt/athchóiriú ar 23 caladh nua. Bhí 13 scéim eile ar bun ag deireadh na bliana chun 60 caladh nua agus 42 caladh eile a athfhorbairt. Tugadh chun críche tógáil 11 scéim grúpthithíochta a sholáthair 83 teach nua agus rinneadh athchóiriú ar 22 teach eile. Bhí 8 scéim grúpthithíochta ar bun faoi dheireadh 2001 agus soláthróidh sin 38 teach nua.

Íocadh ar ais iomlán ¤2.13 milliún le húdaráis áitiúla in 2001 as caiteachas ar bhainistíocht agus ar chothabháil ionaid stada. Lean an Roinn ag feidhmiú scéim tionscnamh piolóta chun comhshocruithe comhpháirtíochta do bhainistiú suíomh idir an Lucht Siúil agus údaráis áitiúla a fheidhmiú chun feabhas a chur ar chóiríocht an Lucht Siúil go ginearálta.

In 2001 thug an Roinn ¤22,855 ar ais d'údaráis áitiúla do dheontais a híocadh le Lucht Siúil chun cuidiú leo teach a cheannach/a thógáil agus ¤62,824 i leith dheontas cheannach chéad uair carbháin.

D'íoc an Roinn ¤1.83 milliún le húdaráis áitiúla i leith 90% de phá agus costaisí Oibrithe Sóisialta a fhostaíonn údaráis áitiúla agus a bhíonn ag obair leis an Lucht Siúil.

In 2001, aisíocadh 1,700 le húdaráis áitiúla maidir le **Deontas Deisiúchán Riachtanach** a d'íoc údaráis áitiúla agus 4,636 aisíoca le húdaráis áitiúla i leith Deontais Dhaoine Míchumasaithe. Síneadh an Scéim Deontas Daoine Míchumasaithe in 2001 chun tithe nua a cheannófaí nó a thógfaí a chur in oiriúint do riachtanais duine míchumasaithe. I Nollaig 2001 rinneadh Na Rialacháin Tithíochta (Deontais um Daoine Míchumasaithe agus Deisiúcháin Riachtanacha) 2001 a chomhdhlúthaíonn Rialacháin roimhe sin agus a thugann cothrom le dáta iad ó thaobh na Scéimeanna.

Faoin **Scéim Cúnamh Speisialta Tithíochta don Aosach** cuireadh feabhsúchán ar 5,237 teach ar chostas ¤10.9 milliún in 2001.

Sholáthair an Grúpa Oibre Náisiúnta Frith-Bhochtaine ar Thithíocht agus ar Chóiríocht, ar a n-áirítear ionadaithe ó Ranna Rialtais cuí, An Ghníomhaireacht Comhraic Bochtaine, údaráis áitiúla, an earnáil Tithíocht Shaorálach agus an Pobal Fostóirí, Ceardchumann, Feirmeoirí agus Pobail agus Piléir Shaorálach tuarascáil in Iúil 2001. Bhreithnigh an Grúpa Stiúrtha ar a raibh gníomhaireachtaí statúideacha agus na páirtnéirí sóisialta cáipéis creat oibre, ina raibh torthaí na nGrúpaí Oibre as 6 earnáil a bunaíodh mar chuid den athbhreithniú ar an Straitéis Náisiúnta Frith-Bhochtaine le cur faoi bhráid an Rialtais.

Creat oibre a fhorbairt agus a chothabháil d'earnáil cíosa phríobháideach éifeachtach mar chuid riachtanach den chóras tithíochta agus an earnáil a éascú chun freastal ar raon níos leithne riachtanais tithíochta.

Ag teacht as moltaí an Choimisiúin ar an Earnáil Chónaitheach Cíosa Phríobháideach, fógraíodh moltaí an Rialtais do leasú mór ar an earnáil cíosa phríobháideach in Eanáir 2001. Tá reachtaíocht á hullmhú chun soláthar a dhéanamh do na leasuithe a bhaineann le réimsí cinnteacht tionóntacht, cíosanna, tréimhsí fógra céimnithe, oibleagáidí tionóntaí agus réiteach díospóidí ag Bord Tionóntaí Cónaitheach Príobháideach. I nDeireadh Fómhair 2001 bunaíodh an Bord Tionóntaí Cónaitheach Príobháideach ar bhonn ad hoc go dtí go mbeadh an reachtaíocht rite. Bhí bearta sonracha chun an brú ar an earnáil phríobháideach cíosa agus chun ardú i soláthar cóiríochta cíosa i mBuiséad 2002 lena n-áirítear asbhainteach ús morgáiste ar ús ar iasachtaí ar infheistíocht i maoin chónaitheach cíosa a thabhairt isteach.

I rith na bliana 2001, cláraíodh 29,456 teach agus 16,971 tiarna talún faoi Rialacháin Tithíochta (Tithe ar Cíos a Chlárú) 1996. Rinne údaráis áitiúla 2,704 cigireacht i leith clárú, 3,685 cigireacht maidir le caighdeán cóiríochta agus 2,326 cigireacht maidir le soláthar leabhar cíosa.

In 2001, fuair an Binse Cíosa 43 iarratas maidir le cinneadh cíosa agus d'eisigh cinní maidir le 45 tionóntacht. Tá tuilleadh sonraí faoi na gníomhaíochtaí ar thug an Binse Cíosa fúthu ar fáil ina dTuarascáil Bhliantúil (féach Aguisín 6 leis leis na sonraí teagmhála a fháil).

Lean an Grúpa Pleanála a bunaíodh in 2000 ag forbairt moltaí do chomhshocruithe cúnta cíosa nua i rith na bliana 2001. Chuidigh an obair a rinne an Grúpa ar bhonn chur chuigí soláthar bhunaithe do chúnamh cíosa ag imirt tionchair ar fhorbairt moltaí do Chlár Chomhpháirtíochta Poiblí Príobháidí maidir le tithíocht cíos phoiblí/phríobháideach.

In mBuiséad 2002 fógraíodh roinnt leasuithe ar Scéim Alt 50 a spreagann soláthar chóiríocht mac léinn lena n-áirítear síneadh ar an spriocam don scéim go 30 Meán Fómhair 2005. Bunaithe ar shuirbhé a rinneadh i 2001 measadh go bhfuil 3,131 spás leapa críochbhunaithe faoi Scéimeanna Alt 50 agus go bhfuil obair ar 14,355 spás leapa eile ar bun.

Bearta cuí a fhorbairt agus tacú leo chun caomhnú agus feabhsú ar an stoc tithíochta a chinntiú, idir phoiblí agus phríobháideach le béim faoi leith ar riachtanais líonta tí ar ioncam íseal agus ar eastáit údarás áitiúil atá imithe i léig

Maidir le bainistiú agus cothabháil stoc tithíochta údarás áitiúil chaith údarás áitiúil breis is ¤184 milliún in 2000 agus ¤198 milliún in 2001 as a gcuid acmhainní féin ar bhainistiú agus chothabháil a gcuid teaghaisí.

Lean mórchlár athghinte údarás áitiúil lena n-áirítear athfhorbairt Bhaile Mhunna agus roinnt coimpléacs mór árasán i lár chathair Bhaile Átha Cliath in 2001. Baineadh pointe tábhachtach amach i mBaile Munna nuair a tugadh ar láimh na chéad tithe nua do na tionóntaí nua in 2001. Bhí suas le 500 teach á dtógáil i mBaile Munna ag deireadh 2001. Bhí dul chun cinn á dhéanamh freisin ar athghineadh na n-árásán i lár chathair Bhaile Átha Cliath le 48 árasán nua críochnaithe ar 3 scéim. Chomh maith leis sin bhí 160 teaghais nua á dtógáil ag deireadh 2001.

Lean an **Scéim Oibreacha Feabhais** in 2001 agus leithroinneadh ¤26.1 milliún chuig údaráis áitiúla . Bhí obair ar bun in 52 eastát ar fud na tíre agus tugadh oibreachas feabhais chun críche in thart ar 500 teaghais faoin Scéim.

Fuair 108 líon tí cúnamh ó údáráis áitiúil faoin **Oibreacha Feabhsúcháin** in áit **Scéim Tithíochta Údaráis Áitiúil in** 2001.

D'íoc an Roinn 171 **Deontas Tuíodóireachta** in 2001 chun cuidiú le deisiú agus cothabháil cloigne tithe traidisiúnta.

Ceadaíodh iomlán de 39 tionscadal d'iomlán ¤1.4 milliún beagnach agus lenar bhain 19 údarás áitiúil, Respond agus an Ghluaiseacht Lucht Siúil faoin **Scéim Deontas Tionscnamh Bainistiochta**

Tithíochta. Bhain an chuid is mó de na tionscnaimh le tionscnaimh foirne lena n-áirítear Oifigigh Liaison Tionóntaí, Oifigigh Bainistíochta Eastát, Oifigigh Liaison Pobail agus oifigigh speisialtóireachta a bhí ag déileáil le hiompar frithshóisialta.

Lean an tAonad Tithíochta a bunaíodh in 1998 ag tacú agus ag éascú obair An Ghréasáin Réigiúnaigh um Chleachtóirí Tithíochta Údarás Áitiúil ar a bhfuil ionadaithe ó fhoireann riaracháin agus theicniúil araon i réimse na tithíochta. Soláthraíonn na gréasáin sin fóram le plé a dhéanamh faoi cheisteanna áitiúla i réigiúin éagsúla agus faoi fhorbairtí polasaí náisiúnta reatha i dtithíocht. In 2001, d'fhoilsigh an tAonad Tithíochta trí shraithe threoirlínte deachleachtais - ***Rent Assessment***, ***Collection, Accounting and Arrears Control***; ***Managing Voids***; and ***Managing in Partnership: Enabling Tenant Participation in Housing Estate Management***.

Lean an Roinn a bheith rannpháirteach ar Fhoireann Straitéis Drugaí Náisiúnta Idir-Ranna. Foilsíodh The ***National Drugs Strategy 2001 - 2008*** i mBealtaine 2001.

Choimisiúnaigh an Roinn an ESRI chun tabhairt faoi Shuirbhé ar Bhail Tithe go Náisiúnta. Is é aidhm fhoriomlán an tsuirbhé measúnú a dhéanamh ar bail reatha an stoc náisiúnta tithíochta agus an dul chun cinn ón suirbhé deiridh in 1990 a mheas. Cuideoidh an suirbhé sin le polasaí a dhéanamh i réimsí a bhaineann le caomhnú augs feabhsú ar an stoc tithíochta náisiúnta. Meastar go mbeidh an suirbhé críochnaithe in 2002.

Pleanáil

Cuspóir
Creat polasaí agus reachtach a sholáthar a éascaíonn patrúin fhorbartha de réir na bprionsabal a bhaineann le pleanáil cheart agus forbairt inmharthana, forbairt réigiúnach chothrom, caomhnú na timpeallachta tógtha agus nádúrtha agus athnuachan uirbeach agus sráidbhaile

Rinneadh athbhreithniú ar an gcód pleanála agus tugadh cothrom le dáta é ar mhaithe le héiteas forbartha inmharthana a thabhairt isteach sa chóras pleanála Éireannach, le cur le héifeachtacht an chórais agus lena chinntiú go mbeidh cur chuige straitéiseach ann i leith pleanála úsáidte talún in Éirinn. Ba chéim thábhachtach chun cinn é don Roinn an leasú seo a bheith curtha i gcrích aici i 2001.

Ba é an aidhm a bhí le Straitéis Spáis Náisiúnta a réiteach creat pleanála leathan d'fhorbairt spáis ar fud na tíre go ceann 20 bliain a dhéanamh as polasaí an Rialtais faoi fhorbairt réigiúnach chothrom. Leanadh den obair a bhain le bailchríoch a chur ar an Straitéis i 2001.

Tá dul chun cinn suntasach déanta agus tugtar breac-chuntas thíos ar shonraí na ngníomhaíochtaí éagsúla ar tugadh fúthu i gcaitheamh na bliana 2001 agus na príomhstraitéisí a aithníodh i ***Ráiteas Straitéise 2001-2004*** á gcur chun feidhme.

Príomhstraitéisí
Straitéis Spáis Náisiúnta a fhorbairt, agus tacú lena cur chun feidhme ar bhonn comhaontaithe idir an speictream is leithne leasa

Foilsíodh páipéar comhairliúcháin poiblí, ***An Straitéis Spáis Náisiúnta – Treoracha don Bhealach atá Romhainn*** i Meán Fómhair 2001 mar áis le mionchoigeartú a dhéanamh ar an gcur chuige i leith na Straitéise Spáis Náisiúnta agus i leith na bpolasaithe sonracha a bhí le bheith ina gcuid di. Ina dhiaidh sin reachtáladh sraith de chruinnithe comhairliúcháin ar bhonn réigiúnach agus náisiúnta, ar tháinig 254 aighneacht astu. Cé go raibh sé i gceist go gcríochnódh an tréimhse chomhchomhairliúcháin a bhain leis an bpáipéar comhairliúcháin an 31 Deireadh Fómhair, lean an Roinn de bheith ag glacadh le haighneachtaí i rith Shamhain 2001. Tugadh breis agus 17,000 cuairt ar láithreán gréasáin na Straitéise Spáis Náisiúnta, www.irishspatialstrategy.ie a seoladh in éineacht leis an bpáipéar comhairliúcháin, idir Meán Fómhair agus Nollaig 2001.

Bhí sé i gceist i dtús báire go gcríochnófaí an Straitéis Spáis Náisiúnta faoi dheireadh 2001, ach b'éigean síneadh a chur leis an sceideal seo isteach i 2002 de bharr na comhchomhairle poiblí ar cuireadh fad léi. Bhí obair a bhain le críochnú agus le slánú na Straitéise ag leanúint ar aghaidh ag deireadh 2001.

Creat polasaí agus reachtach cothrom le dáta a choimeád le héascú a dhéanamh ar chóras pleanála cothrom, éifeachtach agus feidhmiúil a mbeadh a fheidhmiú trédhearcach agus inrochtana

Ba iad na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 an chuid dheiridh den athleasú mór a rinneadh ar an gcód pleanála mar atá leagtha síos san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000. Tá na forálacha sonracha atá riachtanach leis an Acht seo a fheidhmiú inchorpraithe sna Rialacháin sin a cumadh lena chinntiú go mbeadh próiseas stiúrtha forbartha éifeachtach agus sruthlíneach ann chun an córas stiúrtha pleanála a dhéanamh níos cairdiúla d'údaráis áitiúla, do chleachtóirí agus do chomhaltaí den phobal.

Rinneadh athruithe ar na nósanna imeachta a bhain le **hiarratais phleanála** a phróiseáil lena chinntiú go ndéanfaí an líon iarratas a bhí ag méadú a phróiseáil chomh héifeachtach agus ab fhéidir. Mar aon leis na teorainneacha ama nua le hiarratais phleanála a mheas a leagadh amach san Acht, táthar tar

éis na riachtanais a bhaineann lena mbíonn in iarratais phleanála a theannadh agus ní dhéanfaidh údaráis phleanála iarratais neamhiomlána a mheas níos mó.

Le rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas stiúrtha forbartha a chosaint, tá béim curtha ar chinntiú go bhfuil an córas trédhearcach agus cairdiúil agus tá riachtanais nua ann maidir le fógraí suímh agus nuachtán; tréimhse shocraithe do dhaoine le haighneachtaí a dhéanamh nó le breithniú a dhéanamh ar iarratais phleanála; agus riachtanas ar údaráis phleanála admháil a thabhairt ar aighneachtaí, iad a chur san áireamh agus aon duine a rinne aighneacht a choinneáil ar an eolas faoi thoradh an iarratais. Tá na dualgais seo ar údaráis phleanála riachtanach le cearta daoine aonair achomharc a dhéanamh chuig an mBord Pleanála ar chinní pleanála a chosaint.

In Aibreán 2001, rinneadh na Rialacháin fán Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (Ócáidí Lasmuigh a Cheadúnú) 2001. Leagann Cuid XVI den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 síos, nuair a chuirtear san áireamh iad leis na Rialacháin sin, córas nua ceadúnaithe le **hócáidí lasmuigh** a chur ar siúl.

I rith na bliana 2001, lean an Roinn uirthi ag cabhrú le húdaráis phleanála agus leis an mBord Pleanála maidir lena leibhéil agus lena n-acmhainní foirne. Fuarthas amach i suirbhé a rinne an Roinn ar na húdaráis phleanála is mó (comhairlí cathrach agus contae araon), go raibh méadú tagtha san uimhir iomlán foirne a bhí ag obair sna ranna pleanála ó 895 i Meán Fómhair 1999 go 1,284 i nDeireadh Fómhair 2001.

Cuireadh acmhainní suntasacha breise airgeadais agus foirne ar fáil don Bhord Pleanála i rith na bliana 2001 lena chur ar a chumas achomhairc a phróiseáil níos tapúla agus na feidhmeanna nua a haistríodh chuige de réir na bhforálacha san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 a chur i gcrích. Tá breac-chuntas tugtha ar shonraí eile ghníomhaíochtaí an Bhoird Phleanála ina dTuarascáil Bhliantúil (féach Aguisín 6 leis na sonraí teagmhála a fháil).

Leanadh de chomhchainteanna leis an gCoimisiún Eorpach i gcaitheamh na bliana 2001 faoi bhearta le haghaidh a thabhairt ar rialú ó Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa i Meán Fómhair 1999 maidir le **measúnacht tionchair timpeallachta** a chur i bhfeidhm i gcás foraoisithe agus eastóscadh móna. Tugadh feidhm reachtúil don phacáiste beart a aontaíodh leis an gCoimisiún trí na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt) 2001 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) (Leasú) 2001 a cumadh i mí na Nollag 2001. Ba é comhéifeacht an dá Rialachán gur baineadh foraoisiú tosaigh as an gcóras stiúrtha pleanála, agus ag an am céanna bunaíodh córais toilithe reachtúil a thug an tAire Mara agus Acmhainní Nádúrtha isteach. Ina theannta seo, tugadh isteach leasuithe ar an Acht Fiadhúlra (Leasú) 2000 agus ar Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnáthóga Nádúrtha) 1997 rud a thug deis measúnú tionchair timpeallachta a dhéanamh ar eastóscadh móna i gCeantair Gnáthóg Nádúrtha agus i gCeantair Speisialta Caomhnaithe, faoi seach, áit a bhféadfadh éifeachtaí suntasacha a bheith ag tionscnamh faoin tairseach pleanála de 10-heactár ar an timpeallacht.

Tá réimse caidhpeanna spáis urláir agus critéir stiúrtha pleanála a bhaineann le cineálacha forbairte miondíola éagsúla sna ***Treoracha um Pleanáil Miondíola***, a eisíodh chuig údaráis phleanála in Eanáir 2001. Tá na Treoirlínte ann lena chinntiú go mbeadh an fhorbairt a dhéanfaí sa todhchaí ar an earnáil mhiondíola in Éirinn de réir na bprionsabal forbartha inmharthana agus ag an am céanna go n-éascódh sé earnáil mhiondíola inchomórtais a bheadh chun leasa an tomhaltóra.

Foilsíodh ***Guidelines for Planning Authorities on Childcare Facilities*** i mí Iúil 2001. Tá sé mar aidhm ag na Treoirlínte a chinntiú go mbeidh leanúnachas sa chur chuige ar fud na tíre maidir le plé le hiarratais phleanála do shaoráidí cúraim leanaí.

Seoladh dréacht de na ***Architectural Heritage Protection Guidelines for Planning Authorities*** le cur ar chumas an phobail breathnú orthu i mí na Nollag 2001 le cabhrú le húdaráis phleanála reachtaíocht ar chosaint na hoidhreachta ailtireachta a chur chun feidhme.

Leanadh freisin i rith na bliana den obair ar réiteach dréachta comhchomhairleoireachta poiblí de ***Guidelines for Planning Authorities on Development Plans*** agus bhí an-chuid oibre déanta air ag deireadh 2001.

Lean an Roinn de bheith ag tacú agus ag éascú chur chun feidhme an Bhinse Fiosrúcháin maidir le Cúrsaí Áirithe Pleanála. Chosain an Binse Fiosrúcháin ¤5.907 milliún i 2001, rud a chiallaigh gurb é an costas iomlán ag deireadh 2001 beagnach ¤18.5 milliún.

I rith na bliana 2001, íocadh ¤4.9 milliún le húdaráis áitiúla le deontais a chur ar fáil le cabhrú le húinéirí agus le háitritheoirí oibreacha caomhnaithe a dhéanamh ar fhoirgnimh faoi úinéireacht phríobháideach a bhfuil tábhacht ailtireachta leo faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 agus atá faoi chosaint ag an Acht sin.

Tugtar breac-chuntas ar shonraí na gníomhaíochta reachtaí i réimse na pleanála in Aguisín 1.

Cláir shonraithe agus iomlánaithe athnuachana sráidbhailte/bailte/uirbeacha, atá dírithe ar athnuachan inmharthana sóisialta agus eacnamaíoch na gceantar sin, a fhorbairt agus a chothabháil i gcomhar le húdaráis áitiúla, leis na Ranna, leis na gníomhairí agus le leasa iomchuí eile

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le hathnuachan uirbeach i 2001. Bhí formhór na n-údarás áitiúil tar éis pleananna straitéiseacha a chur isteach faoin gClár Athnuachana Uirbí agus Sráidbhailte taobh istigh den scála ama comhaontaithe agus tá tionscnaimh tosaithe in go leor áiteanna ar fud na tíre chomh maith.

Faoin **mbeart caomhnaithe ailtireachta**, fuarthas 94 iarratas san iomlán agus ceadaíodh maoiniú do 39 tionscnamh. Caitheadh ¤3.9 milliún san iomlán ar an gclár i 2001.

I rith na bliana 2001, lean 5 cathair agus 38 baile ag baint tairbhe as an **Scéim Athnuachana Uirbí** 1999. Síneadh an spriocdháta le haghaidh faoisimh chánach faoin scéim go dtí an 31 Nollaig 2004 i mBuiséad 2002.

Is é an **Scéim Athnuachana Bailte** an scéim athnuachana dreasachtaí cánach is leithne a cuireadh ar siúl riamh sa tír seo agus bhain 100 baile ar fud na tíre leas as an scéim. I dtosach báire ní raibh na dreasachtaí cánach ar fáil ach d'fhorbairtí cónaithe. Cuireadh na dreasachtaí tráchtála don scéim seo, a raibh formheas Choimisiún na hEorpa riachtanach dóibh, i bhfeidhm in Aibreán 2001 agus síneadh dáta deiridh na scéime go dtí 31 Nollaig 2003.

I 2001, cuireadh dreasachtaí **Alt 23 d'infheisteoirí cónaitheacha** le suímh áirithe a bhí ainmnithe d'fhaoiseamh úinéirí-áititheoirí cónaithe faoi na scéimeanna Athnuachana Bailte agus Uirbí. Chuir an beart seo le bearta eile a fógraíodh i mBuiséad 2002 a raibh sé mar aidhm acu treise a chur leis an soláthar tithíochta, go háirithe i gcás soláthar cóiríochta cíosa agus spreagfaidh sé na tionscnaimh thógála le tosú níos luaithe faoin dá scéim. San iomlán, síneadh an dreasacht infheisteora chónaitheacha chuig 1,785 suíomh san iomlán, a mbainfidh 1,125 suíomh díobh sin le forbairt tógála nua.

I 2001, ainmníodh 13,000 méadar sráide d'fhaoiseamh cánach faoin **Scéim Maireachtáil Os Cionn an tSiopa** sna 5 chathair is mó sa tír – Baile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge. Ní bhaineann an pacáiste dreasachta a ceadaíodh don scéim sin ach le foirgnimh mhiondíola amháin agus leanfaidh an scéim ar aghaidh go dtí 31 Nollaig 2004.

Rinne an AE/Státchiste maoiniú ar an gClár Athnuachana Uirbí agus Sráidbhailte, a seoladh i 2001 agus atá ina chuid de na ***Cláir Oibriúcháin Réigiúnacha 2000-2006***. Is é an aidhm atá aige tacaíocht airgid a sholáthar d'idirghabhála éagsúla le cathracha, bailte agus sráidbhailte a uasghrádú agus le hiad a dhéanamh níos tarraingtí mar áiteanna maireachtála agus oibre agus le forbairt eacnamaíoch agus sóisialta a spreagadh iontu. Faoin gClár seo, cuirfear tacaíocht ar fáil do cheanta(i)r faoi leith i gcathracha Chorcaí, na Gaillimhe, Luimnigh agus Phort Láirge a bhfuil gá acu le hathnuachan eacnamaíoch sóisialta agus fisiciúil. Cuirfear tacaíocht ar fáil le bailte agus ceantair sráidbhaile ar gá athnuachan a dhéanamh orthu a uasghrádú ar fud na tíre; tá maoiniú curtha ar fáil d'údaráis áitiúla agus d'fhorais ar nós Civic Trust le foirgnimh phoiblí a bhfuil an-tábhacht ailtireachta agus oidhreachta leo a uasghrádú; agus cuirfear tacaíocht ar fáil le hathnuachan a dhéanamh ar cheantar faoi leith de

chuid Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath a bhfuil gá aige le hathnuachan eacnamaíoch shóisialta agus fhisiciúil.

Faoi **Thionscnamh na mBaile agus na Sráidbhailte Tuaithe**, a cuireadh i bhfeidhm i 1999 le forbairt a chur chun cinn i gceantair tuaithe agus le cur in aghaidh bhánú na tuaithe, tá 72 scéim ceadaithe agus tá 8 gcinn críochnaithe ina measc scéimeanna séarachais i Loch Gabhna, sa Ráth Mór, Lurgan Buí, Feadamair, Turlach, Baile an Tobair agus Ballingare. Tá 30 scéim eile fós faoi lán seoil nó táthar ar tí tosú á dtógáil i 2002.

Bhí cainteanna ar siúl i gcaitheamh na bliana 2001 faoin gClár AE don tSíocháin agus don Athmhuintearas i dTuaisceart Éireann agus i Réigiún Teorann na hÉireann. Tá freagracht ar an Roinn seo, i gcomhar le Tascfhórsaí Chomhairlí Contae na Sé Chontae ar an teorainn, maidir le straitéisí forbartha agus athnuachana atá bunaithe go háitiúil. Cuireadh bearta i bhfeidhm le tacú le hinfheistíocht ó údaráis áitiúla i bhforbairtí bonneagair trí thacú le fiontair phobail atá dírithe ar cheantair a léiríonn gur acu is mó atá agá leis de bharr na “dtrioblóidí”, agus le tacú le fiontair tuaithe agus sráidbhaile a nascann straitéisí timpeallachta, eacnamaíocha agus sóisialta; beidh ¤20 milliún ar fáil thar shaolré an Chláir do bhearta den sórt sin.

In Eanáir 2001, cheadaigh an tAire, ag brath ar mhionathruithe, an scéim phleanála d’Imchuach na Mórchanálach, a chuir Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath faoina mbráid. Tá radharc ag formhór an cheantair ar Abhainn na Life, ar Iamchuacha na gCanálacha nó ar Abhainn na Dothra agus is é an ceantar is mó é a chlúdaíonn Alt 25 den scéim phleanála ó rinneadh forbairt ar na Dugthailte i lár na 1980í. Tá tuilleadh eolais faoi na gníomhaíochtaí a Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath sa bhreac-chuntas ina dTuarascáil Bhliantúil (féach Aguisín 6 le haghaidh tuilleadh sonraí).

Tar éis d’Éirinn bheith rannpháirteach i Seisiún Speisialta de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe ar an gClár Oibre um Ghnáthoga i Meitheamh 2001, gairmeadh Coiste Náisiúnta Gnáthóg le Tuarascáil Náisiúnta ar Ghnáthóga a ullmhú d’Éirinn. Rinneadh an tuarascáil a dhréachtadh de réir threoirlínte tuairiscithe na Náisiún Aontaithe agus rinne sí athbhreithniú ar an dul chun cinn suntasach a bhí déanta in Éirinn ó bhí Comhdháil Gnáthóg 1996 ann maidir le foscadh, cuimsiú sóisialta, bainistiú timpeallachta, forbairt eacnamaíoch, rialú agus comhoibriú idirnáisiúnta.

Cuireadh 720 iarratas isteach ar Chomórtas na mBailte Slachtmhara 2001, agus arís eile, bhí coimhlint ghéar idir bailte agus sráidbhailte ó cheann ceann na tíre. Ardaíodh caighdeán an Chomórtais, mar a léirigh an t-ardú ar na marcanna, agus an leibhéal méadaithe rannpháirtíochta i 2001. Rinneadh forbairt ar phróifíl phoiblí an chomórtais trí chumhdach cuimsitheach sna meáin ag an leibhéal náisiúnta agus áitiúil agus trí fheachtas fógraíochta teilifíse. Tharraing agus choinnigh an comórtas réimse leathan urraíochta idir phríobháideach agus phoiblí agus lean air ag fáil aiseolas dearfach agus tacaíochta ó choistí, ó fhorais agus ó urraí eile. Tugadh aitheantas d’obair chrua na gcoistí sa réimse leathan duaiseanna a bronnadh i 2001 nuair a tugadh amach an duaischiste is mó riamh ina raibh breis agus ¤123,000, mar aon le trófaithe, boinn agus teastais. Ainmníodh Cathair na Mart, Contae Mhaigh Eo, mar phríomhbhuaiteoir náisiúnta an Chomórtais.

I rith na bliana 2001, bhí 15 sráidbhaile agus baile páirteach sa chomóras bliantúil trasteorann **Ireland's Best Kept Town Competition.** Ba é Baile an Chaisleáin, Co. Laoise a bhuaigh an comórtas.

I gcomórtas **Entente Florale na hEorpa**, bronnadh stádas boinn óir ar **Leithghlinn an Droichid**, Co. Cheatharlach agus bronnadh stádas boinn airgid ar Chill Airne, Co. Chiarraí.

Rialtas Áitiúil

Cuspóir
Ranníocaíocht rialtais áitiúil d'fhorbairt phobail go ginearálta agus do chuimsiú sóisialta a neartú agus a leathnú trí dhea-struchtúir déanta polasaí taobh istigh de chreat dlíthiúil nua-aimseartha agus de dhíolúine dhaonlathach fheabhsaithe

Cuireann an tAcht um Rialtas Áitiúil 2001, a cuireadh i bhfeidhm i mí Iúil 2001, creatlach dlíthiúil comhtháite agus nua-aimseartha ar fáil leis an réimse leathan fiontar atá ar siúl a choinneáil ar siúl mar chuid de chlár athnuachana rialtais áitiúil an Rialtais.

Lean na Coistí um Polasaí Straitéiseach agus na Boird Forbartha Cathrach agus Contae orthu i 2001 ag tairiscint bealaí nua le gnó a dhéanamh ar bhealach níos iomlánaí, trí thógáil ar éiteas comhpháirtíochta áitiúla ar mhaithe le straitéisí gnó agus déanta polasaí níos cuimsithí.

Tugtar breac-chuntas thíos ar shonraí na ngníomhaíochtaí éagsúla ar tugadh fúthu i rith na bliana 2001 i gcur chun feidhme na bpríomhstraitéisí a aithníodh sa ***Ráiteas Straitéise 2001 - 2004*** leis an aidhm thuasluaite a bhaint amach.

Príomhstraitéisí
Sainordú daonlathach agus ról polasaí ball tofa a neartú le hionchur éifeachtach ó leasa áitiúla trí struchtúir déanta polasaí agus comhpháirtíochta nua

Tá bunú Coistí um Polasaí Straitéiseach (CPSnna) i ngach comhairle chontae agus chathrach tar éis cur le ról déanta polasaí na mball tofa. Cuireadh moill ar bhunú an ghréasáin iomláin CPS i 2001 de bharr fadhbanna caidrimh thionsclaígh in údaráis áitiúla áirithe. Tá réiteach faighte orthu seo anois agus cé gurb é an toradh atá ar an moill sin go bhfuil CPSnna áirithe níos faide chun cinn ná cinn eile, tá siad ag feidhmiú anois i ngach ceann de na comhairlí cathrach agus contae. Tá rannpháirtithe na ngrúpaí rannacha áitiúla páirteach sna CPSnna ar fad gualainn ar ghualainn le comhaltaí tofa. I gcomhar leis na heagraíochtaí ionadaíocha údarás áitiúil, cuireadh ollchlár traenála agus oideachais ar bun i 2001 le cabhrú leis na comhaltaí tofa ina rólanna déanta polasaí sna CPSnna. Glactar leis go bhfuil rath na CPSnna ag brath ar oiliúint éifeachtach a bheith curtha ar na comhaltaí. Mar aon le traenáil chomhairleoirí tairgíodh cabhair do líon áirithe grúpaí rannacha dá riachtanais traenála i 2001.

Cuireann suirbhé le monatóireacht a dhéanamh ar bhunú agus ar rannpháirtíocht na CPSnna, a rinneadh i 2001, in iúl go bhfuil na ballraíochtaí sna CPSnna ag foghlaim le bheith ag oibriú faoi na réimeanna nua agus le socruithe oiriúnacha cumarsáide agus gréasánaithe a chur ar bun le comhaltaí eile, idir chomhaltaí tofa agus chomhaltaí den phobal.

Lean Boird Fhorbartha Chathrach agus Chomhairle, ar a mbíonn ionadaithe ón rialtas áitiúil, ón fhorbairt áitiúil, páirtnéirí sóisialta agus gníomhaireachtaí stáit, dá gcuid oibre i 2001 le straitéisí meán- go fadtéarmacha a fhorbairt ar mhaithe le forbairt chultúrtha, shóisialta agus eacnamaíoch a gcontaetha/gcathracha. Táthar ag súil go bhfoilseofar na straitéisí sin i 2002.

I rith na bliana 2001, lean Comhthionólacha Réigiúnacha na Teorann, an Láir Tíre agus an Iarthair agus Comhthionólacha Réigiúnacha an Deiscirt agus an Oirthir, ar a raibh comhaltaí ó údaráis áitiúla agus réigiúnacha, le bainistiú a gClár Oibriúcháin Réigiúnach Operational faoin ***bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006.***

I 2001, cuireadh pacáiste tacaíochta ar fáil do thoscaireacht na hÉireann chuig Coiste na Réigiún agus cuireadh tús le socruithe maidir le hainmniúchán toscaireachta nua Éireannaí do thréimhse 2001-2006.

Bhí an Roinn, mar aon le páirtithe leasmhara éagsúla eile, rannpháirteach i staidéar faoin daonlathas áitiúil in Éirinn a rinne Comhdháil Údaráis Áitiúla agus Réigiúnacha na hEorpa. D'fhoilsigh Comhairle na hEorpa, a bhfuil freagracht orthu i leith na Comhdhála, an tuarascáil i 2001.

Táthar ag cur na bhforálacha éagsúla san Acht Rialtais Áitiúil i bhfeidhm de réir a chéile mar chuid de chlár struchtúrtha cur chun feidhme. Thosaigh an próiseas seo, a bhfuil, inter alia, ullmhú na Rialachán agus na nOrduithe éagsúla mar aon le ciorcláin agus nótaí treorach d'údaráis áitiúla mar chuid de, i nDeireadh Fómhair 2001 agus faoi 1 Eanáir 2002 bhí thart ar dhá thrian de na forálacha i bhfeidhm. Táthar ag leanúint de chur chun feidhme an Achta go leanúnach agus tá soláthair bhreise curtha i bhfeidhm ó shin. Cuirfear na forálacha atá fágtha i bhfeidhm ar bhonn tuilleadh Orduithe agus Rialachán a dhéanfar an bhliain seo chugainn. Tugtar breac-chuntas ar shonraí na gníomhaíochta reachtúla i rith na bliana 2001 in Aguisín 1.

An bonn pobail agus tábhacht rialtais áitiúil a neartú le hionchur fhírinneach i leith seirbhísí poiblí eile a sholáthraítear go háitiúil

Ceadaíonn rannpháirtíocht ionadaithe as an bpobal agus as na hearnálacha feirmeoireachta, ceardchumainn, gnó, deonacha agus pobail sna CPSnna mar aon leis na comhaltaí tofa rannpháirtíocht dhíreach an phobail i bhfoirmliú polasaí na comhairle contae/cathrach.

Leanadh den obair i rith na bliana le Seirbhís Phíolótach Feighlí Pobail i 5 údarás áitiúil a roghnaíodh. Beidh fócas láidir pobail ag na feighlithe agus iad ag cruthú láithreacht shorochtana fheiceálach údaráis áitiúil. Beidh cumhachtaí leathana acu maidir le cur i bhfeidhm na gcód éagsúil a bhfuil na húdaráis áitiúla freagrach astu. Seolfar na cláir phíolótacha go luath i 2002 agus leanfaidh siad go deireadh 2004 nuair a dhéanfar measúnú iomlán orthu lena shocrú cé acu ar cheart an tseirbhís a leathnú ar fud na tíre nó nár cheart.

An córas toghchánaíochta a fheabhsú agus a chur chun cinn

Ní mór freastal ar shocruithe vótála cairdiúla agus sorochtana má tá córas cruinn cláraithe vótóirí le bheith ann. Bíonn ról tábhachtach ag an gcóras rialtais áitiúil sna socruithe a bhaineann le heagrú toghchán. Déanann Acht na dToghchán (Leasú) 2001 foráil le haghaidh beart nua éagsúl, ina measc, úsáid grianghraf agus suaitheantas páirtithe ar pháipéir bhalóide, ionad vótála a bheith ar oscailt níos luaithe agus vótáil chompánaigh do dhaoine a bhfuil fadhbanna litearthachta acu; tugann an tAcht aghaidh freisin ar na bacanna ar chlárú vótála agus cuidíonn sé le rannpháirtíocht vótóirí a spreagadh.

I rith na bliana 2001, cuireadh bailchríoch ar an tástáil ar an inneall vótála agus ar an mbogearra cuntais agus bainistíochta toghcháin, le vótáil agus cuntas leictreonach a éascú. Baineadh úsáid go píolótach as an gcóras i 3 toghcheantar in olltoghchán 2002.

Tosaíodh ar fheachtais phoiblíochta i 2001 le clárú vótóirí a chur chun cinn, a raibh clár nuálaíoch meán ar líne, póstaer agus Teilifíse mar chuid díobh.

Tugadh aghaidh chomh maith ar rannpháirtíocht vótóirí ar an leibhéal reachtach le hAcht an Reifrinn 2001 a chuireann ar chumas Coimisiún Reifrinn sa todhchaí eolas faoi mholtaí reifrinn a chur chun cinn agus saoránaigh a spreagadh chun vótála.

Ina theannta seo, reáchtáileadh 3 reifreann an 7 Meitheamh 2001 faoi Phionós an Bháis a Thoirmeasc, faoin gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta agus faoi Chonradh Nice.

Claonadh rialtais áitiúil i dtreo seirbhís chustaiméara d'ardchaighdeán a neartú

I 2001, d'ullmhaigh údaráis áitiúla Pleananna Gnímh Custaiméara mar dhlúthchuid dá bPleananna Corparáideacha ilbhliantúla. Sa chuid is mó de na cásanna cuireadh an Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí ar fáil mar dhoiciméad ar leith. Iarradh ar údaráis áitiúla dul i gcomhchomhairle faoi réiteach na bPleananna taobh istigh agus taobh amuigh, agus go háirithe leasa an dreama ón taobh amuigh ar a SPC a léiriú, sa dóigh go mbeadh na Pleananna ag tabhairt léiriú beacht ar riachtanais chustaiméirí. Déanfar spriocanna bliantúla i bPleananna Oibriúcháin bliantúla na n-údarás áitiúil d'aidhmeanna na bPleananna agus cuirfear tuarascálacha bliantúla dul chun cinn ar fáil do na comhaltaí tofa.

Táthar ag déanamh anailíse ar Thuarascálacha Bliantúla 2000 gach údarás áitiúil, a foilsíodh i 2001, lena fháil amach cén raon agus cén caighdeán a bhí ag le gníomhú tuairiscithe na n-údarás áitiúil i gcomparáid leis an 21 táscaire. Tabharfar aghaidh ar aon neartú sa phróiseas a mbeidh gá leis.

I 2001, tugadh ¤12.06 milliún do 8 n-údarás áitiúil i bhfoirm cúnaimh dheontais i leith chlár na n-ionad ilseirbhísí. Ciallaíonn sé sin gurb é an t-iomlán a thug an Roinn ó 1998 ¤26.5 milliún agus rinneadh é seo a roinnt ar 16 údarás áitiúil. Tá 14 ionad ilseirbhísí. ar oscailt ar fud na tíre agus táthar ag súil le dul chun cinn suntasach i 11 ionad eile i 2002.

Ár gCumas Féin

Cuspóir
Tacú le foireann na Roinne an tairbhe is mó a bhaint as a rannpháirtíocht féin i mbaint amach spriocanna agus aidhmeanna na Roinne agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gcur chuige straitéiseach i leith bhainistíocht na Roinne

Rinneadh dul chun cinn maith i rith na bliana 2001 trí réimse tacaí forbartha agus traenála a sholáthar don fhoireann, ina measc traenáil do thabhairt isteach Chóras Bainistithe agus Forbartha Feidhmíochta. Rinneadh dul chun cinn maidir le forbairt Straitéise Acmhainní Daonna (AD) faoi chúram an Choiste Chomhpháirtíochta. Rinneadh tuilleadh forbartha fós ar an gcur chuige straitéiseach i leith bhainistíocht na roinne taobh istigh de chomhthéacs an Tionscnaimh um Bainistíocht Straitéiseach agus le Ráiteas Straitéise nua, rinneadh athbhreithniú ar shocruithe Pleanála Gnó agus an ceangal idir iad sin agus bainistíocht fheidhmithe ag leibhéal an duine aonair a chur ar fáil.

Tugadh céim mhór chun tosaigh chomh maith i bhfeabhsú agus i leathnú an bhonneagair eolais agus chumarsáide agus na seirbhísí atá ar fáil d'fhoireann na Roinne. I measc na mórfhorbairtí a cuireadh i gcrích bhí cóiriú ar bhonnegar stórála agus gréasáin, inlíon na Roinne, agus an comhad lárnach Feithicile agus Tiománaí agus an chéad chéim de chóras nua Deontas do Thithe a chur i bhfeidhm.

Tugtar breac-chuntas thíos ar shonraí na ngníomhaíochtaí éagsúla a rinneadh i gcur chun feidhme na bpríomhstraitéisí a aithníodh sa ***Ráiteas Straitéise 2001 - 2004***.
.

Príomhstraitéisí
Iarracht a dhéanamh a chinntiú go bhfreagraíonn acmhainní foirne do riachtanais oibríochtúla na Roinne

Cuireadh béim mhór i 2001 ar fhoireann a aimsiú ar an mbealach ab éifeachtaí ag cur san áireamh go rabhthas ag athrú na timpeallachta taobh amuigh agus taobh istigh. Reáchtáileadh 7 comórtas oscailte i 2001 go díreach nó i gcomhar le Coimisiún na Státseirbhíse le haghaidh foireann chléireachais, theicniúil agus ghairmiúil a earcú. Le linn na bliana cuireadh deiseanna ar fáil d'fhoireann na Roinne le folúntais theicniúla agus riaracháin a líonadh trí líon comórtas taobh istigh. I 2001, earcaíodh 139 duine nua chun na Roinne agus tugadh ardú céime do líon suntasach daoine chomh maith.

Le haitheantas a thabhairt don athrú atá ag teacht ar an timpeallacht oibre agus le cabhrú le fostaithe cothromaíocht a aimsiú idir a gcuid oibre agus freagrachtaí eile taobh amuigh den áit oibre, chuir an Roinn an Scéim Téarma i bhfeidhm. Cuireann an Scéim seo am saor ar fáil le linn mhíonna an tsamhraidh le ligean don fhoireann a bhfreagrachtaí tuismitheoireachta agus eile a láimhseáil. Ina theannta seo leathnaíodh bandaí an chórais fleiscama ó 8:30 r.n. go 6:30 i.n. to 8:00 r.n. go 7:00 i.n. le scóip níos mó a sholáthar don fhoireann le bainistiú a dhéanamh ar a n-uaireanta oibre.

Thug an Roinn gealltanas go soláthródh sí timpeallacht oibre dhearfach don fhoireann ar fad saor ó aon chiapadh, aon chiapadh gnéis, nó aon bhullaíocht. Cuireadh traenáil ar 3 oifigeach de chuid na Roinne mar oifigigh fhiosrúcháin i rith na bliana 2001. D'fhreastail an tOifigeach Pearsanra ar na cúrsaí traenála ábhartha chomh maith.

Leanúint d'fhorbairt agus de chur chun feidhme straitéise cuimsithí bainistíochta acmhainní daonna agus béim ar leith ar bhearta le tacú leis an fhoireann, le hiad a fhorbairt agus a choinneáil trí aghaidh a thabhairt ar a riachtanais agus ar a mianta, agus trí chur chun feidhme an Chórais Bainistithe agus Forbartha Feidhmíochta

Bhí an bhéim go príomha i 2001 ar chun chun feidhme an Córas Bainistithe agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) lárnaigh a bhfuil 5 lá éigeantach traenála ann do gach ball den fhoireann. Cheap an Roinn Saville and Holdsworth Teo. leis an gcúrsa traenála a chur ar fáil a thosaigh ar bhonn céimeanna i mí Aibreáin. Ag deireadh 2001 bhí cuma ar an scéal go mbeadh an clár traenála

críochnaithe ag gach duine d'fhoireann 970 duine na Roinne faoi dheireadh 2002. Caitheadh 2,492 lá oibre foirne san iomlán ar thraenáil CBFF i rith na bliana 2001, cuireadh 90 cúrsa ar fáil agus bhí beagnach 70% den fhoireann rannpháirteach i gcéimeanna éagsúla an phróisis.

Traenáil CBFF i 2001	***Céim 1 Próifíliú Róil (2 lá)***	***Céim 2 Athbhreithniú Eatramhach (2 lá)***	***Céim 3 Athbhreithniú Bliantúil (1 lá)***
Uimh. Cúrsaí	39	25	26
Uimh. Foirne a Traenáladh	648	408	380

Athraíodh fócas na foirne tionscadail agus bhainistíocht na Roinne ag deireadh 2001 i dtreo chur chun feidhme an chórais agus monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar an gcóras.

Cé gur taca tábhachtach struchtúrtha do Straitéis AD na Roinne é cur chun feidhme an CBFF, leagadh bunchloch thábhachtach eile go mall i 2001, agus bhí an Straitéis le bheith críochnaithe i dtús 2002. Ba é an rud ba shuntasaí gur choinnigh an Roinn Comhairleoirí KPMG le hiniúchadh ar fheidhm an AD a chur i gcrích, an áit as ar eascair an Straitéis AD deiridh.

Is gné thábhachtach den CBFF í forbairt foirne agus trína meán táthar ag cur chuige nua i leith aithint riachtanas forbartha agus traenála i bhfeidhm, agus tá fostaithe agus bainisteoirí ag cur na riachtanas sin san áireamh i gcodarsnacht riachtanais ról reatha an fhostaí agus a fhorbairt ghairme. B'ionann an caiteachas ar thraenáil agus ar fhorbairt i 2001 agus 3.21% den rolla pá, rud a léiríonn go ndearnadh dul chun cinn maith i dtreo sprioc an Chláir um Rathúnas agus Cothroime, 4% den rolla pá faoi 2003. Cuireadh clár cuimsitheach cúrsaí agus tacaí ar fáil d'fhoireann na Roinne i rith na bliana mar a léirítear sa tábla thíos.

Ceantar Cláir Traenála agus Forbartha	% den Bhuiséad	Uimh. Foirne Leasmhara
Cúrsaí Forbartha agus Sainscileanna I measc na gCúrsaí, tá Cumarsáid; Bainistiú Struis; Iniúchadh agus Cuntasaíocht; Pleanáil agus Forbairt; Teagascóir Tástálaí Tiomána; Forbairt ÚAO/AO; Seirbhís Chustaiméara; Garchabhair Saothair	26%	441
Traenáil **TFC**	12%	477
Traenáil **CBFF** – mionsonraí thuas	33%	648
Comhdhálacha agus Seimineáir	12%	147
Aisíoc Táillí do chúrsaí oideachais ar thug an fhoireann fúthu ina gcuid ama féin I measc na gcúrsaí ar tugadh aisíocaíochtaí dóibh bhí Riarachán Poiblí (leibhéil Dioplóime, Céime agus Máistreachta) Máistreachtaí i Riarachán Gnó, Céim i mBainistiú Poiblí, Máistreacht i mBainistíocht agus is bPleanáil Straitéiseach, Céim i mBainistíocht Acmhainní Daonna, Staidéir Dlí, Cuntasaíocht, Scileanna Teanga (Spáinnis agus Iodáilis), ECDL agus cúrsaí ríomhaireachta eile.	7%	66
Aisíoc Táillí i leith ballraíochta i bhForais Ghairmiúla Ina measc Association of Chartered Certified Accountants, Chartered Institute of Management Accountants, Chartered Institute of Public Finance and Accountancy, Chartered Institution of Water and Environmental Management, Institution of Engineers of Ireland, Irish Planning Institute, Royal Institute of the Architects of Ireland, Society of Chartered Surveyors agus an Royal Institute of Chartered Surveyors.	6%	84
Bróisiúr Eolais, Trealamh Traenála agus Ábhair Ábhartha	4%	Foireann iomlán

Soláthar seirbhísí tacaíochta cuimsitheacha agus éifeachtacha a chothabháil agus a fheabhsú don fhoireann ina measc cóiríocht agus teicneolaíocht eolais agus chumarsáide

Tugadh faoi líon áirithe forbairtí i 2001 lena chinntiú go mbeadh rochtain ag an bhfoireann ar sheirbhísí eolais agus cumarsáide sábháilte, seasta agus éifeachtacha. San áireamh anseo bhí cur i gcrích uasghrádú mór ar ghréasán agus ar bhonneagar stórála na Roinne, a bhfuil sé léirithe go bhfuil feabhas mór air ó thaobh feidhmithe agus seastachta de.

Tá teacht ag an bhfoireann ar fad i bpríomhoifigí na Roinne i mBaile Átha Cliath, i mBéal an Átha, agus sa tSionainn ar na seirbhísí bunúsacha cumarsáide agus eolais (ICT) ar nós guthán, ríomhaire pearsanta (PC), r-phost agus an inlíon. Cinntíonn an clár athnuachana ríomhairí pearsanta go mbíonn rochtain ag an bhfoireann ar threalamh nua-aimseartha d'ardchaighdeán. Tá feabhas suntasach tagtha ar fheidhmiú agus ar sheastacht an ghréasáin ó rinneadh uasghrádú ar an bhonneagar agus déanfar seo a shlat-tomhas i 2002. San áit a dtarlóidh fabhtanna, cinntíonn an Deasc Cúnaimh ICT go réitítear iad go tapa. Bhí beagán neamhsheasmhachta ag baint leis an tseirbhís r-phoist i rith na bliana ach ba cheart go réiteofaí seo i 2002 trí chóras nua a chur i bhfeidhm.

Caitheann líon mór d'fhoireann na Roinne tréimhsí fada ama amuigh as an oifig agus go deimhin tá cuid den fhoireann lonnaithe taobh amuigh de na príomhoifigí. De ghnáth ní dhéantar freastal chomh maith céanna ar an bhfoireann sin ó thaobh rochtana ar sheirbhísí ICT agus déanfar iarracht aghaidh a thabhairt air seo i 2002 trí thionscnamh cianrochtana a thabharfaidh rochtain don fhoireann sin ar na seirbhísí a theastaíonn uathu le tacú lena gcuid oibre.

Is próiseas leanúnach, ar ndóigh, é cothabháil agus feabhsú chóiríocht na Roinne agus soláthar seirbhísí tacaíochta eile. Ach tugadh faoi dhá thionscnamh mhóra cóiríochta oifige i 2001. Bhain an chéad cheann le hoifigí Bhéal an Átha, áit ar ghá sreangú sonraí agus cumhachta nua a shuiteáil le cur le héascaíocht na foirne freastal ar riachtanais ghnó na Roinne a bhíonn á láimhseáil ón láthair sin. Tapaíodh an deis mar chuid den obair sin le hoifigí a athchóiriú agus le cuid de na fadhbanna cóiríochta a tháinig chun cinn a leigheas. Oibreacha athchóirithe ar oifigí na Roinne i dTeach Findlater a bhí i gceist sa dara tionscnamh. Is éard a bhí i gceist anseo athchóiriú iomlán ar an dara hurlár le foireann na Roinne, a bhí lonnaithe ar an gcéad urlár san fhoirgneamh céanna a thógáil. Rinneadh obair mhór phéinteála chomh maith i dTeach an Chustaim i rith na bliana.

Leanadh le bearta le húsáid fhuinnimh in oifigí na Roinne a laghdú i rith na bliana 2001. Cuireadh sraith fógraí foirne leis an bhfoireann a spreagadh le fuinneamh a chaomhnú trí shoilse agus scáileáin ríomhairí pearsanta a chasadh de chucu ar fad ar r-phost agus mar chuid den traenáil a cuireadh ar chomhaltaí nua foirne bhí tíos glas agus comhairle faoi fhuinneamh a shábháil san oifig. Tugtar sonraí maidir le dul chun cinn polasaí soláthair ghlais na Roinne agus maidir le cur i bhfeidhm an ISO 14001 sa chuid den Tuarascáil seo a bhaineann leis an gComhshaol. Tugtar léiriú thíos ar mhionsonraí tomhaltais fuinnimh, agus ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin (CO_2) in oifigí na Roinne.

Úsáid Fuinnimh agus Astaíochtaí Dé-ocsaíde Carbóin (CO_2) - 2001



Straitéis chuimsitheach don chumarsáid inmheánach agus do roinnt na faisnéise a chur chun feidhme

Tar éis Iniúchadh Chomhairligh Wright ar an gCumarsáid Inmheánach a bheith foilsithe in 2000, féachadh le tabhairt faoin gcéad chéim de Straitéis Chumarsáide na Roinne go luath sa bhliain 2001. Mar chuid de, féachadh le rochtain na foirne ar theicneolaíocht na faisnéise a fheabhsú, faoi mar a léiríodh thuas. Bunaíodh Grúpa Oibre freisin chun an chumarsáid neamhfhoirmiúil agus an chumarsáid idir na rannóga a scrúdú, agus ceapadh roinnt Comhordaitheoirí Cumarsáide i ngach Rannóg ar leith agus é mar fhreagracht orthu a gcuid comhghleacaithe a choinneáil ar an eolas maidir le forbairtí cumarsáide. De thoradh anailís ar iombualadh na hoibre a rinneadh le linn traenáil CBFF i 2001 beidh beartais eile ann i leith chumarsáid inmheánach sa Roinn agus déanfar binsemharcáil orthu siúd i gcoinne Iniúchadh 2000 ar an gCumarsáid Inmheánach mar bhonn eolais don fhorbairt ar an gcumarsáid inmheánach amach anseo.

I gcaitheamh na bliana foilsíodh 3 eagrán de ***Partnership News***, iris foirne inmheánach a mbíonn tóir uirthi. Lean Coiste Phairtnéireachta na Roinne dá chuid oibre in 2001, agus tháinig siad le chéile 5 huaire i gcaitheamh na bliana. Bíonn idir bhainistíocht, fhoireann agus cheardchumainn páirteach sa choiste seanbhunaithe sin. Tacaíonn sé le clár athraithe na Roinne agus bíonn sé i gcomhairle leis an bhfoireann go díreach agus go hindíreach trí roinnt dá chuid foghrúpaí.

Córas airgeadais agus faisnéis bhainistíochta méadaithe a fhorbairt

Léiríonn na figiúirí sealadacha do 2001 go raibh glantoradh breis is ¤3 bhilliún ag an Roinn. Tá sonraí ráitis airgeadais na Roinne leagtha amach in Aguisín 3.

Sa bhliain 2001, leanadh den obair ar an tionscadal Creata Faisnéise Bainistíochta, a bhí ceaptha cuidiú leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann druidim i dtreo státseirbhíse ina mbeadh béim níos láidre ar thorthaí agus ar chur i gcrích. Fostaíodh Comhairligh Bhainistíochta Deloitte & Touche chun cuidiú leis an Roinn anailís ghnó a dhéanamh agus athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis

airgeadais, chun moltaí a dhéanamh ar shlite ina bhféadfaí dul chun cinn a dhéanamh i roinnt eochairlimistéar agus chun moltaí a dhéanamh faoi phleananna cur chun feidhme. Bhí comhairliú forleathan inmheánach ar fud na Roinne ag baint leis an obair sin, agus foilsíodh tuarascáil arna chríochnú in Iúil 2001.

Tá an tuarascáil sin ag éascú nua-aoisiú na gcóras airgeadais agus na bpróiseas airgeadais ar fud na Roinne. Cuideoidh na próisis nua-aoisithe sin leis an úsáid is inniúla agus is éifeachtaí a dhéanamh d'acmhainní na Roinne agus tacóidh siad leis an athbhreithniú leanúnach ar luach airgid sa Roinn. Cuireadh síneadh le conradh na gcomhairleach in Iúil 2001 chun na sruthanna faisnéise idir an Roinn agus áisinteachtaí na Roinne a scrúdú, i gcomhthéacs forbairt Chóras Faisnéise Bainistíochta, a sholáthródh faisnéis thráthúil iomlán chuí a thacódh le pleanáil, cinntiú agus rialú.

Athbhreithniú leanúnach ar chláir chaiteachais chun an méid atáthar ag cloí le spriocanna a leagan amach agus mar bhonn le hathordú tosaíochtaí.

Bhíothas ag leanúint den obair, i ndeireadh 2001, ar athbhreithnithe caiteachais ar scéimeanna áirithe soláthair uisce agus fuíoll uisce agus ar thithíocht dheonach.

D'fhéach an Roinn, in 2001, le deimhniú a sholáthar tríd an AE/ an tAonad um Iniúchadh Inmheánach gurbh ann do chórais rialaithe laistigh den Roinn, agus go raibh siad sásúil éifeachtach, go háirithe maidir le hoibríochtaí cómhaoinithe an AE de. Rinneadh 7 n-iniúchadh i gcaitheamh na bliana: bhain gach iniúchadh díobh go háirithe le hoibríochtaí comhaoinithe an AE agus le tionscadail a ndearnadh comhaoiniú orthu ón ERDF nó ón gCiste Comhtháiteachais; bhain iniúchadh amháin leis an gCiste Rialtais Áitiúil.

Tuilleadh forbartha ar dhearcadh i leith pleanáil gnó mar bhonn leis an leithdháileadh cuí ar acmhainní do thosaíochtaí a chinntiú agus chun cuidiú le cumas agus solúbthacht eagrúcháin a fheabhsú

Rinneadh athbhreithniú ar struchtúr na bPleananna Gnó do 2002 le go gcuirfí R***áiteas Straitéise 2001–2004*** agus ***Plean Gníomhaíochta Seirbhíse do Chustaiméirí 2001- 2004*** san áireamh, agus le go mbeadh na Pleananna Gnó agus CBFF ag teacht le chéile. Forálann an struchtúr nua, dá réir sin, go bhfeicfear gnéithe éagsúla an Ráitis Straitéise agus an Phlean Gníomhaíochta Seirbhíse do Chustaiméirí ag oibriú agus á n-imeascadh in obair gach Aonaid Ghnó sa Roinn, agus in obair gach duine sa Roinn de réir mar is cuí. Ina theannta sin, bunaíodh próiseas athbhreithnithe ar chur chun feidhme Phleananna gnó 2002 a fhorálann go dtig leis an mbainistíocht shinsireach machnamh agus tuairisciú ar phointí suntasacha brú, ar éilimh gan choinne agus ar theorannú acmhainní. Cuideoidh an próiseas athbhreithnithe sin le Coiste Comhairleach Bhainistíocht na Roinne díriú go straitéiseach ar leithdháileadh agus ar athdháileadh acmhainní ar fud na Roinne, chun leagan amach na Roinne a aithint ar shaincheisteanna a bhaineann le breis agus Rannóg amháin sa Roinn, agus chun ulllmhú do na cruinnithe athbhreithnithe leathbhliantúla leis an Aire agus an Taoiseach ar chur chun feidhme an Ráitis Straitéise.

Ag Freastal ar ár gCustaiméirí

Cuspóir
Seirbhís chustaiméirí a sholáthar ar leibhéal an-ard lena gcuirtear riachtanais agus ionchais athraitheacha i gcuntas

I mí Lúnasa 2001, d'fhoilsigh an Roinn Plean Gnímh Custaiméirí nua lenar clúdaíodh an tréimhse 2001 go 2004. Tá mionléiriú sa phlean ar an gcur chuige i leith seirbhís ardcháilíochta a sholáthar dóibh siúd a bhíonn i mbun gnó leis an Roinn trí ghlacadh le Prionsabail Seirbhísí Ardcháilíochta don Chustaiméir, ar seirbhísí iad a d'fhormheas an Rialtas i 2000. Foilsíodh roinnt doiciméad leis an bPlean, lena n-áirítear Cártaí Tuairimíochta, bileoga Nóis Imeachta Gearán Custaiméirí, Eolaithe Foirne agus Póstaeir.

Tá mionléiriú thíos ar na gníomhaíochtaí a rinneadh i dtaca le cur chun feidhme na n-eochairstraitéisí a leagtar amach sa Ráiteas Straitéise 2001-2004.

Príomhstraitéisí
Cur chun Feidhme an Phlean Gnímh Seirbhíse Custaiméirí 2001-2004

Leanadh de Sheirbhís Custaiméirí Cáilíochta a dhaingniú i gcultúr na Roinne i rith na bliana 2001 le nochtadh an Chórais Bainistithe agus Forbartha Feidhmíochta don fhoireann ar fad. Roghnú na hinniúlachta seirbhíse custaiméirí mar chroí-inniúlacht iompraíochta don fhoireann ar fad, chuir sé sin le tuilleadh feasachta ar an bplean a éascú agus ar a thábhacht i gcomhthéacs Tionscnaimh Bainistíochta Straitéisí agus d'éascaigh sé a chomhtháthú le gnéithe eile d'obair na Roinne. Rinne athstruchtúrú na bPleananna Gnó do 2002 na naisc idir Plean Gnímh Seirbhísí Custaiméirí 2001-2004, Ráiteas Straitéise 2001-2004 agus obair Aonaid Ghnó aonair na Roinne a neartú.

Tá mionléiriú sa Phlean Gnímh Seirbhísí Custaiméirí ar chur chuige na Roinne i dtaca leis an 12 Phrionsabal Seirbhísí Custaiméirí a ghlacadh. Leagadh síos roinnt táscairí feidhmíochta do gach Prionsabal. Tá an dul chun cinn a rinneadh i dtaca le hiad a bhaint amach leagtha amach thíos.

Caighdeáin Seirbhíse Cáilíochta
Scaipeadh an Plean i mí Lúnasa 2001 ar an bhfoireann, ar údaráis áitiúla, ar ghníomhaireachtaí an Rialtais, ar Ranna agus Oifigí Rialtais eile, ar Choistí Oireachtais agus ar ghrúpaí eile. Foilsíodh freisin é ar láithreáin ghréasáin an Rialtais. Cuireadh póstaeir suas, lenar léirmhíníodh spriocanna seirbhíse na Roinne, ag ionaid fheiliúnacha ar fud na Roinne, lena n-áirítear Lárionaid Tástála Tiomána.

Tá cur síos mion ar an dul chun cinn i ndáil le hiarratas ISO 14001 na Roinne leagtha amach faoin alt ar an gComhshaol sa Tuarascáil.

Comhionannas/Dibhéirseacht
Leanadh i rith na bliana leis an bhfeasacht ar cheisteanna comhionannais/dibhéirseachta a mhéadú trí eolas a sholáthar don fhoireann, amhail an Pacáiste Taca ar Ghnéithe Comhionannais/Dibhéirseachta den tSeirbhís Chustaiméirí Ardcháilíochta.

Rochtain Fhisiciúil
Leanadh d'iarrachtaí i rith na bliana 2001 chun a chinntiú go gcoinnítear oifigí na Roinne glan agus go gcomhlíonann siad caighdeáin ghairme agus sábháilteachta.

I ndáil le rochtain do dhaoine atá faoi mhíchumas agus daoine eile a bhfuil sainriachtanais acu, tá socruithe curtha sa siúl don rochtain sin in Oifigí na Roinne i dTeach an Chustaim (Baile Átha Cliath), i mBéal an Átha, i mBaile na Sionainne, ENFO agus i bhFoirgnimh ***Irish Life***. Tá pleananna faoi lánseol chun rochtain a fheabhsú i dTeach an Chustaim agus in oifig Bhaile na Sionainne. Tá 31 de na 51 Lárionad Tástála Tiomána inrochtaine ag daoine atá faoi mhíchumas agus táthar i mbun iarrachtaí d'fhonn a chinntiú go mbeidh teacht go réidh ar gach aon Lárionad Tástála.

Tá seomraí agallaimh príobháideacha ar fáil in oifigí Bhéal an Átha agus ag ENFO agus tá pleananna faoi lánseol chun seirbhísí den chineál sin a sholáthar i dTeach an Chustaim agus in oifig Bhaile na Sionainne. I gcás oifigí eile na Roinne, is amhlaidh a chuirtear socruithe cuí ann ar bhonn leanúnach.

Leanadh de mhonatóireacht a dhéanamh ar ghlanadh oifigí na Roinne i rith na bliana agus dúisíodh gach aon cheist maidir leis na caighdeáin a bhí le baint amach leis an bhfoireann ghlantacháin, de réir mar ba ghá sin.

Próiseas leanúnach is ea comhlíonadh na gcaighdeán gairme agus sábháilteachta in oifigí na Roinne faoi stiúir Aonad Cóiríochta na Roinne agus Choiste Sláinte agus Sábháilteachta na Roinne. Chuir an Roinn tús leis an obair ar dhréachtadh Ráitis Sábháilteachta don Roinn i rith na bliana 2001.

Faisnéis
D'fhonn láithreán gréasáin Rannach a chruthú a bheadh níos inúsáidte ag daoine agus níos inrochtaine, is amhlaidh a coimisiúnaíodh athdhearadh i 2001. An láithreán gréasáin nua, dearadh é ar chaighdeán Tionscnaimh Inrochtaine Leibhéal 3 agus dá réir sin is amhlaidh a chinntítear go dtig leis na custaiméirí sin atá faoi mhíchumas nó leo siúd a bhfuil caighdeáin éagsúla teicneolaíochta in úsáid acu láithreán a bhreathnú ar bhealach níos furasta. Ina theannta seo, tugtar tús áite sa láithreán nua do na réimsí sin is minice cuairt orthu ag custaiméirí amhail preaseisiúintí, foilseacháin agus réimsí seirbhíse. Tá súil leis go rachaidh an láithreán nua 'beo' i 2002. Ba mhó ná 3.5 milliún líon na gcuairteanna ar láithreán gréasáin na Roinne i rith na bliana 2001; tá cur síos mion ar líon na gcuairteanna ar láithreáin ghréasáin eile na Roinne in ailt eile den Tuarascáil seo.

Glacadh an chéad chéim i 2001 i dtaca lena chlár chun seirbhísí poiblí leictreonacha a sholáthar le seoladh an láithreáin ghréasáin tástála tiomána dhátheangaigh, www.tastailtiomana.ie (www.drivingtest.ie, lena gcuirtear ar a gcumas do chustaiméirí iarratas a dhéanamh ar a gcuid tástálacha agus íoc astu ar an idirlíon. Tá tuilleadh sonraí faoin láithreán gréasáin sin leagtha amach i rannóg na mBóithre den Tuarascáil seo.

Forbraíodh In-líon feadh na Roinne i 2001 agus tá sé ag teacht i dtreis mar príomh-mhodh chun faisnéis a roinnt laistigh den Roinn, agus is ann a fhoilsíonn lucht na foirne gach aon ábhar is díol spéise leo i bpáirt. Tá sé beartaithe i bhfad na haimsire go bhforbróidh an t-in-líon seo ina in-líon earnálach lena gcumasófar páirtiú faisnéise laistigh den earnáil, agus na húdaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí na Roinne san áireamh.

Tá crua-earraí agus bogearraí cuí á bhfáil i láthair na huaire d'fhonn rochtain a sholáthar ar fhaisnéis leictreonach do na comhaltaí den fhoireann sa Roinn a bhfuil máchail ar a radharc. Rinneadh an Ráiteas Straitéise, an Plean Gnímh Seirbhíse Custaiméirí agus na Treoirlínte Foirne a fhoilsiú i mBraille do na comhaltaí d'fhoireann na Rannóige a bhfuil máchail ar a radharc.

Leanadh d'athbhreithnithe a dhéanamh i rith na bliana ar fhoirmeacha agus ar bhileoga faisnéise na Roinne d'fhonn a chinntiú go mbíonn siad ag teacht le riachtanais an chustaiméara.

I rith na bliana 2001, fuarthas 303 iarratas i dtaca le Saoráil Faisnéise sa Roinn agus tá miondealú ar na hiarratais sin sa ghraf thíos.



Diúltaíodh do bheagnach 60 de na hiarratais i dtaca le Saoráil Faisnéise ar an mbonn nach raibh aon taifid iomchuí a thagann faoi scóip an Achta leagtha amach sa Roinn. Rinneadh achomhairc i gcás 13 acu chuig an Athbhreithniú Inmheánach sa Roinn i rith na bliana 2001; in 11 de na cásanna sin is amhlaidh a dhaingnigh an tAthbhreithneoir Inmheánach an cinneadh a ghlac an cinnteoir bunaidh; agus i 2 chás, bhí athrú ar an gcinneadh bunaidh.

Leanadh den leathnú den Acht um Shaoráil Faisnéise chuig gníomhaireachtaí na Roinne i 2001. Mar thoradh ar chinneadh Rialtais i mí Iúil 2001, tiocfaidh an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath, an Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe agus an Binse Cíosa laistigh de scóip an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997, i mí na Samhna 2002; fágfaidh sin gur 11 líon na ngníomhaireachtaí na Roinne a thiocfaidh faoi scóip an Achta.

Lean ENFO de rochtain éasca a sholáthar ar fhaisnéis maidir leis an gcomhshaol i rith na bliana 2001 agus tá mionléiriú ar a bhfuil bainte amach ag ENFO sa rannóg ar an gComhshaol sa Tuarscáil seo.

Tráthúlacht agus Cúirtéis
San in-líon ar tagraíodh dó cheana féin, is amhlaidh atá cairt eagrúcháin atá cothrom le dáta mar aon le heolaí teileafóin a fhágann ar chumas fhoireann na Roinne glaonna teileafóin a aistriú ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla is féidir. Táthar i mbun réiteach bogearraí a aimsiú chun faisnéis chruinn a sholáthar faoin méid ama a thógann sé glaonna teileafóin a fhreagairt in oifigí na Roinne. Fágfaidh sé sin a deis ag an Roinn tomhas a dhéanamh ar a bhfuil bainte amach i gcás an táscaire feidhmíochta chun glaonna teileafóin a fhreagairt.

I suirbhé a rinneadh ar údaráis áitiúla agus ar ghníomhaireachtaí na Roinne i rith na bliana 2001, tuairiscíodh go raibh céatadán ard de na húdaráis áitiúla agus de na gníomhaireachtaí sásta le hamanna freagartha phríomh-mhalartán na Roinne agus an Aonaid nó Rannáin Gnó, a ndearnadh teagmháil leo, leis an am freagartha ar aon teachtaireachtaí glórphoist a fágadh agus le láimhseáil aistrithe glaonna. Bhraith gach aon ghníomhaireacht agus beagnach gach aon ghníomhaireacht gur déileáladh lena bhfiafraí ar an teileafón ar bhealach éifeachtach agus go prapúil.

Ina theannta seo, tuairiscíodh sa suirbhé gur bhraith gach aon údarás áitiúil agus gach aon ghníomhaireacht gur déileáladh leo ar mhodh cáirdiúil cúirtéiseach nuair a ghlaoigh siad ar an teileafón nó nuair a bhuail siad isteach chuig oifigí na Roinne.

I ndáil le comhfhreagras, cuireadh staitisticí ar fáil sa suirbhé maidir leis na hamanna freagartha ar theachtaireachtaí ríomhphoist agus ar chomhfhreagras eile. Léiríodh sa tuarascáil ar na suirbhéanna gur dealraitheach gurb é an teachtaireacht ríomhphoist an bealach is fearr chun freagra tráthúil a fháil ar chomhfhreagras leis an Roinn. Léiríodh sna tuarascálacha freisin, ainneoin nach bhfuil a sprioc bainte amach ag an Roinn - 15 lá oibre chun freagairt do gach aon mhír chomhfhreagrais ó údaráis áitiúla agus ó ghníomhaireachtaí - go bhfuil dul chun cinn nach beag déanta ina leith sin.

Rinneadh dul chun cinn ar Chóras Treacála agus Freagra Cuiridh/Ionadaíoch a fhorbairt i 2001 agus críochnaíodh é go luath i 2002. Cuideoidh an córas chun na dtascairí feidhmíochta a bhaint amach chun freagra a thabhairt ar chomhfhreagras a mheas agus a chinntiú go ndéileáiltear le custaiméirí in am cuí.

Chuaigh an chéad chéim de chóras chun deontais tithíochta a riaradh beo i Nollaig 2001. Cuirfidh an tionscadal, a chríochnófar i 2002, ar chumas foirne cur go suntasach leis an tseirbhís a sheachadaítear ar chustaiméirí. Tá mionsonraí ar bhaint amach na dtáscairí feidhmíochta do Dheontais do Thithe Nua leagtha amach sa roinn Tithíochta den Tuarascáil seo.

Mar an gcéanna, tá mionsonraí ar bhaint amach na dtáscairí feidhmíochta do Thástálacha Tiomána agus d'Aonad Clárúcháin Feithicle leagtha amach i ranna Bóithre agus Obair le hÚdaráis Áitiúla faoi seach sa Tuarascáil seo.

Gearáin
Ó foilsíodh leabhráin Nósanna Imeachta Ghearáin Chustaiméirí, fuair an Roinn os cionn 140 gearán. Bhain formhór na ngearán sin le tástálacha tiomána, tugadh ar aird áfach gur bhain 40% de ghearáin leis an gcinneadh a rinne an Scrúdaitheoir Tiomána fad is a bhí an 60% eile go ginearálta faoi chaighdeán na seirbhíse ar nós stiúradh na tástála tiomána, easpa freagra ar chomhfhreagras agus faoi mar a chaitear le custaiméirí. Próiseáladh na gearáin seo agus táthar ag déileáil le ceisteanna a haithníodh. Le linn anailísiú ar ghearáin leagadh amach roinnt réimsí breise gnímh lena n-áirítear nósanna imeachta soiléireachta do phróiseáil clárúcháin feithiclí agus treoir bhreise d'fhoirne agus do chustaiméirí.

Achomhairc
I rith na bliana 2001, lean an Roinn ag cinntiú go raibh custaiméirí ar an eolas maidir leis na roghanna a bhí ar fáil dóibh nuair a bhí siad míshásta le cinneadh na Roinne maidir le seirbhísí. Mar atá leagtha amach thuas rinneadh roinnt achomharc ar chinní maidir le iarratais um Shaoráil Faisnéise i 2001.

Comhairleoireacht agus Measúnú
Tugadh faoin suirbhé ar údaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí, a tagraíodh dó níos túisce, in Eanáir 2001 chun a ndearcadh a fháil ar an tseirbhís a sholáthraíonn an Roinn dóibh agus é i gceist monatóireacht a dhéanamh agus feabhas a chur ar an leibhéal seirbhíse a sholáthraítear. Rinneadh anailísiú ar fhreagraí na n-údarás áitiúil agus na ngníomhaireachtaí agus tá tuarascáil ar thuiscint gach grúpa ar an tseirbhís a sholáthraítear scaipthe ar an bhfoireann, ar údáráis áitiúla agus ar ghníomhaireachtaí.

Mar chuid den Phlean nua, leagadh amach go foirmeálta Cártaí Moltaí agus cuireadh i bhfeidhm iad ag Oifigí na Roinne i mBaile Átha Cliath, i mBéal an Átha, sa tSionainn, ENFO agus Ionaid Tástálacha Tiomána. Rinneadh iarrachtaí i 2002 úsáid na gCartaí Moltaí a spreagadh. Rinneadh anailísiú ar mholtaí a fuarthas ó chustaiméirí, go háirithe trí aiseolas ar láithreán gréasáin na tástála tiomána, agus rinneadh freagairt oiriúnach orthu chomh maith le gníomh oiriúnach a ghlacadh.

Tá an Roinn níos rannpháirtí anois lena páirtithe leasmhara i bhforbairt agus i bhfeidhmiú polasaí ná mar a bhíodh san am a caitheadh. Mar shampla, is gnáthnós anois dian-chomhchomhairleoireacht le húdaráis áitiúla le socruithe i bhfeidhm do chainteanna struchtúrtha ag leibhéal polaitiúil agus oifigiúil chomh maith le grúpaí oibre speisialtóireachta do thascanna ar leith. Tá breis mionsonraí ar chomhchomhairleoireacht ar fud na Ranna leagtha amach i ranna eile den Tuarascáil seo.

Leanadh ag feidhmiú Chlár ar Athchóiriú Reachtaíochta na Ranna i rith na bliana 2001. Rinneadh 5 Acht, 48 Rialachán agus 29 Ordú - tá na mionsonraí leagtha amach in Aguisín 1. Bhí an Roinn rannpháirteach i nGrúpa Ard Leibhéil an Rialtais ar Rialachán a bunaíodh chun tuarascáil ***I dTreo Rialála Níos Fearr*** na hEagraíochta um Chomhar Eacnamaíochta agus Forbartha (OECD) a scrúdú agus chun feidhmiú chlár athchóirithe rialachán a chomhordú. D'fhorbair an Grúpa cáipéis comhchomhairleoireachta poiblí, ***I dTreo Rialála Níos Fearr*** i 2001 agus foilsíodh í seo go luath i 2002.

I Samhain 2001 reachtáladh ceardlann sa Roinn a dhírigh ar cheisteanna a bhain le hÚdarás Iomaíochta Ba é an cuspóir ná na srianta a bhí ar an Roinn agus ar Údaráis Áitiúla maidir le athchóiriú rialachán/ Údarás Iomaíochta a phlé leis an Údarás Iomaíochta.

Rogha
Lean an Roinn ag féachaint le deiseanna a fháil chun roghanna a sholáthar i seachadadh a seirbhísí. Is sampla amháin é láithreán gréasáin na tástála tiomána a chuireann iarratais ar-líne ar fáil don tástáil tiomána. Tá úsáid an iarratais ar an tástáil tiomána agus an córas íocaíochta an-spreagúil agus bhuail os cionn 500,000 ar an láithreán ó seoladh é i Iúil 2001 go deireadh na bliana. Rinneadh beagnach 2,600 iarratas bailí ar-líne sa tréimhse chéanna. Ó seoladh é, tá méadú seasta tagtha ar an líon daoine a bhuaileann air agus an líon iarratas agus lean sé sin i míonna tosaigh 2002. Tá mionsonraí breise leagtha amach i roinn Bóithre na Tuarascála seo.

Lean an obair i rith na bliana 2001 ar fhorbairt Ionad Glaonna don Roinn.

Comhionannas na dTeangacha Oifigiúla
I nglacadh leis an bPrionsabal Chomhionannas na dTeangacha Oifigiúla lean an Roinn ag soláthar seirbhís trí Ghaeilge i leith Deontas Tithe Nua, Tástálacha Tiomána, Aonad Clárúchán Feithicle, ENFO agus i réimsí eile na Roinne. Cuireadh roinnt foilseachán dhátheangacha ar fáil lena n-áirítear Ráiteas Straitéise agus cáipéisí Seirbhís Chustaiméirí, tá mionsonraí leagtha amach in Aguisín 2.

Comhordú Níos Fearr
Chuidigh ***Straitéis Cumarsáide Céim a hAon*** a tagraíodh dó sa roinn ***Ár gCumas Féin*** den tuarascáil seo agus an inlíne lena chinntiú go bhfuil cur chuige níos comhordaithe agus níos lánpháirtiúla ann i leith seirbhísí na Roinne a sheachadadh.

Cuireann socruithe idir an Roinn agus údaráis áitiúla ag leibhéil oifigiúil agus baill tofa fóram rialta agus structúrtha ar fáil chun tuairimí agus eolas a mhalartú idir an dá thaobh chun forbairt polasaí agus seachadadh seirbhísí níos fearr a bhaint amach.

Custaiméir Inmheánach
Leag an deasc cúnaimh ICT réimse caighdeán dúshlánach amach d'amanna freagartha ar fhadhbanna teicniúla a bhain do chustaiméirí inmheánacha. Thug an deasc cúnaimh níos fearr fós ná na caighdeáin a bhí leagtha amach ag cinntiú go raibh lochtanna réitithe go tapa agus go héifeachtach. Réitíodh 83% de gach fadhb tuairiscithe laistigh den lá amháin oibre le beagnach 100% de na catagóirí lochtanna is práinní réitithe laistigh den am sin.

I rith na bliana 2001, reachtáladh roinnt séisiún achoimre d'fhoirne i nBéal an Átha, lena n-áirítear fócas speisialta ar Phlean Gnímh do Sheirbhís Chustaiméirí na Roinne. Ina theannta seo sholáthair oiliúint do bhaill foirne nua agus oiliúint ar an gCóras Bainistithe agus Forbartha Feidhmíochta deiseanna chun feasacht ar an bPlean agus chun níos mó feasachta go ginearálta a ardú i measc custaiméirí.

Cuireadh Cúrsa Oiliúna ar Chúram Custaiméirí ar fáil do Chigirí Tithíochta agus do roinnt de na Scrúdaitheoirí Tiomána i 2001; tá na Scrúdaitheoirí eile ag fáil na hoiliúna sin i 2002. Soláthraíodh roinnt oiliúna speisialtóireachta d'Oifigigh QCS i 2001 agus tá oiliúint bhreise beartaithe i 2002.

Feidhmiú straitéis r-rialtas do sheachadadh ar-líne ár seirbhísí nuair is féidir

Mar atá leagta amach thuas, d'éascaigh roinnt forbairtí i réimse theicneolaíocht an eolais agus cumarsáide feabhsúcháin i seachadadh seirbhísí do chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha na Roinne.

Críochnaíodh ***Straitéis Seirbhísí R-Phoiblí*** i 2001 agus cuirfear i bhfeidhm í den chuid is mó laistigh de thrí bliana. Tá trí ghné i bhfeidhmiú an chláir, eolas, idirghníomhach agus lánpháirtiú. Tá gné an eolais beagnach críochnaithe le forbairt an in-líon agus athdhearadh ar láithreán gréasáin na Roinne.

Clúdaíonn an ghné idirghníomhach tionscadail mar athnuachan ar mhótarcháin ar-líne agus iarratais ar thástáil agus ar cheadúnais tiomána. Tá an t-iarratas ar-líne don tástáil tiomána críochnaithe agus beidh an Roinn ag dul i mbun margaíochta d'fhorbairt córas mótarchánach i 2002. Tá anailísiú leanúnach á dhéanamh ar riachtanais teicniúla d'fhorbairt iarratas ar cheadúnas tiomána ar-líne ach tá sé ag brath ar fhorbairt seirbhísí fíordheimhnithe Reach.

Ag soláthar eolas poiblí inrochtaine agus cuimsitheach ar ár ngníomhaíochtaí agus ar cheisteanna polasaí a thugann taca dóibh.

Sholáthair an Roinn trí láithreáin ghréasáin na Roinne, foilseacháin na gcáipéisí comhchomhairleoireachta agus cáipéisí eile agus trí fhóraim comhchomhairleoireachta éagsúla eolas ar a gníomhaíochtaí agus ar na ceisteanna polasaí a thugann taca dóibh. Tá breise eolais leagtha amach i ranna eile na Tuarascála seo.

Ag Obair leis na hÚdaráis Áitiúla

Cuspóir
An córas rialtais áitiúil a fhorbairt agus tacaíocht a thabhairt dó chun go mbeidh sé ar chumas cur le forbairt náisiúnta agus seirbhísí poiblí áitiúil maithe a sheachadadh

Tá sé riachtanach go mbeadh córas maoinithe cothrom agus leordhóthanach ar fáil do rialtas áitiúil chun cur ar chumas na n-údarás áitiúil a gcuid feidhmeanna a fheidhmiú agus chun seirbhísí poiblí áitiúla maithe a sholáthar ar fud réimsí leithne ag cur le forbairt pobail, aitiúil agus náisiúnta. Lean iarrachtaí i 2001 chun a chinntiú go nglacann lucht déanta polasaí ag leibhéal náisiúnta san áireamh riachtanais airgeadais na n-údarás áitiúil.

D'fheabhsaigh an Roinn struchtúir chomhchomhairleoireachta le húdaráis áitiúla i 2001 agus féachfaidh siad le cumarsáid níos éifeachtaí a dhéanamh ionas go gcothóidh an tacaíocht atá ar fáil forbairt fhorchéimnitheach ar fud an chórais rialtais áitiúil.

Tá mionsonraí na ngníomhaíochtaí éagsúla ar tugadh fúthu i raibh na bliana 2001 chun na príomhstraitéisí a fheidhmiú agus atá leagtha amach i Ráitéas Straitéise 2001-2004 leagtha amach thíos.

Príomhstraitéisí
A chinntiú, chomh mór agus is féidir, go bhfuil maoiniú leordhóthanach ag rialtas áitiúil

Meastar gurb é caiteachas na n-údarás áitiúil i 2001 ná ¤ 5,484 milliún. Den iomlán sin bhí caiteachas caipitil de ¤ 2,819 milliún i gceist agus caiteachas reatha de ¤2,665 milliún. Maoinítear caiteachais caipitil údaráis den chuid is mó le deontais Stáit ó roinnt Ranna Rialtais agus forlíonta ag maoiniú ó iasachtaí agus ó acmhainní inmheánacha na n-údarás áitiúil. Maoinítear caitheachas reatha trí ioncam ó rátaí tráchtála, muirir, táillí, roinnt deontas sonrach Rialtais agus an Ciste Rialtais Áitiúil. Sholáthair an Ciste, atá comhdhéanta de ranníocaíochtaí ón Státchiste agus fáltais ghlana ó mhótarcháin, ¤ 989 milliún i maoiniú d'údaráis áitiúla i 2001.

Ritheadh reachtaíocht i 2001 a d'athraigh rátaí mótarchánach, leis sin ag méadú an mhaoinithe ar fáil d'údaráis áitiúla tríd an gCiste Rialtais Áitiúil. I gcaitheamh na bliana 2001 freisin sholáthair an Roinn comhairle agus tacaíocht d'údaráis mhótarchánach agus phróiseáil sí giotaí reachtaíochta chun athrú réidh ghnó mótarchánach go dtí an córas Euro a chinntiú. Tá mionsonraí ar ghníomhaíocht reachtaíochta i rith na bliana 2001 leagtha amach in Aguisín 1.

Seirbhís chlárúchán feithiclí éifeachtach a sholáthar agus an córas nua Comhad Tiomána agus Feithiclí Náisiúnta a fheidhmiú

I rith na bliana 2001, rinne Aonad Clárúchán Feithiclí na Roinne dul chun cinn suntasach i bhfeidhmiú an chórais nua Comhad Tiomána agus Feithiclí Náisiúnta (NVDF) in Oifigí Mótarchánach agus i bhfo-oifigí nó in ionaid ilseirbhísí ar fud na tíre. D'éascaigh an NVDF, a sholáthraíonn bunús do bhilleáil agus do bhailiú mótarchánach agus táillí ceadúnas tiomána agus seachadadh seirbhísí custaiméirí a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin, don chéad uair i rith na bliana 2001 cur le chéile bunachar sonraí lánpháirtiúil amháin ar thiománaithe náisiúnta. Beidh an bunachar sonraí seo mar bhunús do riarachán an chórais pointí pionóis a tagraíodh dó níos luaithe i roinn Bóithre na Tuarascála seo. Faoi dheireadh 2001, bhí 16 Oifig Mótarchánach agus 6 fo-oifig, ag déanamh ionadaíocht ar 35% de gach gnó mótarchánach, ag déanamh a ngnó ag baint leasa as an NVDF nua.

D'éascaigh na struchtúir nua NVDF seachadadh ar sheirbhís chustaiméirí ardchaighdeáin níos fearr agus baint amach na spriocanna atá leagtha amach i bPlean Gnímh Sheirbhís Chustaiméirí 2001-2004 don Aonad Clárúchán Feithicle. I 2001 baineadh amach na príomhspriocanna seo a leanas:

- eisíodh 96% d'fhógraí athnuachana mótarchánach/meabhrúcháin ar a laghad 15 lá roimh an dáta dlite; léiríonn sé sin ardú de 1% ar an sprioc atá leagtha amach i bPlean Gnímh Sheirbhís Chustaiméirí;

- eisíodh 55% de Theastais Cheadúnais Feithiclí chuig úinéirí feithiclí nua-chláraithe laistigh de 10 lá oibre; táthar ag súil go bhfeabhsóidh an sprioc seo go mór i 2002 nuair a bheidh an córas NVDF i bhfeidhm go hiomlán i ngach Oifig Mótarchánach; agus

- eisíodh Teastais nua Ceadúnais Feithiclí ar 85% d'úinéirí nua a raibh feithiclí cláraithe dóibh roimh sin laistigh den sprioc 6 lá atá sa Phean Gnímh Sheirbhís Chustaiméirí; eisíodh timpeall 55% de na Teastais laistigh de 2 lá agus eisíodh os cionn 70% laistigh den 4 lá.

Tá mionsonraí breise ar dhul chun cinn i bhfeidhmiú an Phlean Gnímh Sheirbhís Chustaiméirí leagtha amach i roinn Ag Freastal ar ár gCustaiméirí na tuarascála seo.

Cur chun cinn córas agus struchtúir chun an leas is fearr a bhaint as éifeachtacht airgeadais, freagracht agus luach do chuid airgid.

Baineadh leas as an tSamhail Acmhainní agus Riachtanas, a bhaineann leas as critiéir cuspóireach chun leithdháiltí chuig údaráis áitiúla a chinneadh, chun an Ciste a dháileadh i 2001 agus 2002. Reachtáladh ceardlanna réigiúnacha go luath i 2001 chun tuiscint níos fearr a thabhairt d'údaráis áitiúil ar conas mar a oibríonn an tSamhail. Ina dhiaidh sin bunaíodh grúpa athbhreithnithe, a bhí comhdhéanta d'ionadaithe ó údaráis áitiúla agus ón Roinn chun athruithe riachtanacha ar an tSamhail a aithint agus a scrúdú. Mhol an grúpa leasuithe a dhéanamh ar pharaiméadair ar leith an tSamhail agus inchorpraíodh na hathruithe sin do chuspóirí phróiseas leithdháilte 2002.

Éascaíodh comhoibriú le húdaráis áitiúla agus Bord Seirbhísí Ríomhairí Rialtais Áitiúil i bhforbairt polasaithe cuntasaíochta agus rialacháin don Chóras Bainistíochta Airgeadais nua na n-údarás áitiúla trí obair leanúnach na ngrúpaí oibre ionadaíocha i 2001. Soláthróidh an córas nua, atá bunaithe ar phrionsabail cuntasaíochtachta, feidhmíocht níos fearr agus bainistíocht níos fearr ar eolas, ag éascú an leas is fearr a bhaint as éifeachtacht airgeadais, freagracht agus luach a gcuid airgid d'údaráis áitiúla. Tháinig Céim 1 den chóras (módúl caiteachais) i bhfeidhm i ngach údarás áitiúil rannpháirteach i rith na bliana 2001 agus chuir Céim 11(módúil ioncaim) tús le forbairt suímh phíolótaigh agus tástála le linn na bliana agus leanfar leis i 2002. Tá breis mionsonraí ar ghníomhaíochtaí a bhfuil an Bord Seirbhísí Ríomhairí Rialtais Áitiúil foilsithe ina dTuarascáil Bhliantúil (féach Aguisín leis na sonraí teagmhála a fháil).

Ina theannta seo, tionscnaíodh próiseas comhchomhairleoireachta chun nósanna imeachta agus cleachtais airgeadais údaráis áitiúil a athbhreithniú agus é beartaithe iad a thabhairt suas chun dáta agus a shruthlíniú.

Iniúchtaí a dhéanamh de réir Cleachtais Iniúchta Rialtais Áitiúil

I rith na bliana 2001, rinne Seirbhís Iniúchta Rialtais Áitiúil na Roinne iniúchtaí do réimse comhlachtaí lena n-áirítear comhairlí contae, comhairlí cathrach, comhairlí buirge, comhairlí baile, údaráis réigiúnacha agus feidhmeannais réigiúnacha chomh maith le hOifigí Mótarchánach. Is éard a bhí i gceist leis an obair seo ná 33 iniúchadh Oifig Mhótarchánach, tuairimí iniúchta/ teastais ar 222 ráiteas airgeadais bliantúil, 216 tuairisc iniúchta ginearálta agus 252 litir bainistíochta.

Seirbhís Iniúchta Ardchaighdeáin ar Luach don Airgead d'Údaráis Áitiúla

I 2001, d'fhoilsigh Aonad Luach don Airgead (VFM) na Seirbhíse Iniúchta Rialtais Áitiúil tuairisc luach don airgead ***Lámhleabhar Treorach d'Iniúchadh Inmheánach (***Uimh Tuarascála 21) leis an gcuspóir seachadadh éifeachtach ar sheirbhís iniúchta inmheánach laistigh d'údaráis áitiúla a chur chun cinn. Eisíodh an Lámhleabhar i ndiaidh Thuarascáil Uimh. 20 VFM , ***Iniúchadh Inmheánach in Údaráis Áitiúla***, a foilsíodh i Nollaig 2000.

Cur chun cinn a dhéanamh ar láidriú na hacmhainne bainistíochta sa rialtas áitiúil a thabharfaidh tacaíocht níos fearr do na próisis cinnteoireachta polaitiúla agus, rud tábhachtach, is fearr a fheisteoidh an córas chun a sheirbhísí a sheachadadh.

I rith na bliana 2001, cuireadh struchtúir nua bhainistíochta ar bun sna húdaráis áitiúla faoin gclár leasaithe ***Rialtas Áitiúil níos Fearr***. Áiríodh leis sin ceapadh Stiúrthóirí Seirbhíse sna príomhréimsí feidhmíochta.

Déantar ionadaíocht thar ceann na Roinne i nGrúpa Comhpháirtíochta Comhairleach Náisiúnta na Rialtas Áitiúil agus cuireadh ¤3.455 milliún ar fáil i 2001 chun a chur ar chumas an Ghrúpa maoiniú a dhéanamh ar thionscadail chuí comhpháirtíochta sna húdaráis áitiúla.

Foirfeacht i mbainistiú acmhainní daonna sa rialtas áitiúil a chur chun cinn, trí, inter alia, ról Bhord Seirbhísí Bainistíochta an Rialtais Áitiúil a mhéadú, cineachadh údaráis ón Roinn agus sár-chleachtas a chur chun cinn.

Áirítear san Acht Rialtais Áitiúil, 2001, creat oibre cuimsitheach de dhlí pearsanra na n-údarás áitiúil chun níos mó de rogha a thabhairt d'údaráis áitiúla i nithe maidir leis an bhfoireann. Forálann an tAcht do chineachadh feidhmeanna áirithe chuig Boird Seirbhísí Bainistíocta na nÚdarás Áitiúil agus chuig údaráis áitiúla agus bhí scóip chineachadh den sórt sin á breithniú ag deireadh 2001.

Cuireadh tús leis an obair ar fhorbairt shocruithe cuí do thabhairt isteach Bainistiú Feidhmíochta agus Breithmheas sna húdaráis áitiúla.

Breithníodh feidhmiú Obair Am Téarma (Am an tSamhraidh) – ceann de thionscnaimh oibre oiriúnach don teaghlach an Rialtais – i gcomhar le Bord Seiribhísí Bainistíochta na nÚdarás Áitiúil. Chuathas i gcomhairle leis an mBainistíocht agus le leasanna foirne chomh maith.

Tá tuilleadh mionsonraí faoi na gníomhartha a ghlac Bord Seirbhísí Bainistíochta na nÚdarás Áitiúil foilsithe ina Thuarascáil Bhliantúil (féach Aguisín 6 leis na sonraí teagmhála a fháil).

Tacú leis na húdaráis dóiteáin i bhforbairt agus i gcothabháil sheirbhís ardchaighdeáin rialú dóiteáin agus tarrthála.

Ba í an fhorbairt ba shuntasaí i 2001 ná coimisiúnú ar athbhreithniú straitéiseach ar Shábháilteacht Dóiteáin agus Seirbhísí Dóiteáin in Éirinn, arbh é an chéad athbhreithniú dá shórt é le os cionn 20 bliain. Fostaíodh comhchomhairleoirí neamhspleácha i Meitheamh 2001, chun iniúchadh a dhéanamh ar na socruithe, agus tuairisc a thabhairt orthu, lena chinntiú go mbíonn daoine, maoin agus an comhshaol faoi chosaint ó dhóiteáin agus ó chúinsí éigeandála eile, trí sheirbhís ardchaighdeáin sábháilteachta dóiteáin agus éigeandála a sholáthar. Bhain mórphróiseas comhchomhairleoireachta poiblí agus grúpaí leasmhara leis an athbhreithniú agus bunaíodh Grúpa Comhairleach Athbhreithnithe chun comhchomhairleoirí a chur ar an eolas agus aiseolas a chur ar fáil dóibh. Bhí an t-athbhreithniú ag teacht chun críche i dtreo dheireadh 2001 agus bhíothas ag súil go dtabharfadh an tuarascáil faisnéis ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm beartais don treo a ghlacfaidh na seirbhísí dóiteáin agus éigeandála sna blianta amach romhainn. Foilsíodh an tuarascáil in Aibreán 2002.

In 2001, cuireadh ¤19.05 milliún ar fáil do chlár caipitil na seirbhísí dóiteáin, arb é an leithdháileadh is airde riamh é agus ar beagnach dúbailt é ar leithdháileadh na bliana 2000 de ¤10.16 milliún. Leis an leibhéal méadaithe infheistíochta seo bhíothas in ann clár luathaithe a chur ar bun lena chur ar chumas údaráis dóiteáin 27 tionscadal stáisiún dóiteáin a chur ar aghaidh trí staideanna éagsúla forbartha, tairiscintí a iarradh do 40 fearas dóiteáin nua agus dul chun cinn suntasach a dhéanamh i suiteáil an Tionscadail Soghluaiseachta Ríomhchuidithe.

Tacú le húdaráis dóiteáin ina gclár sábháilteachta dóiteáin agus coisc.

In Aibreán 2001, foilsíodh an Bille um Cheadúnú agus Imeachtaí Laistigh, 2001. Is é cuspóir an Bhille sin ná foráil do chóras nua ceadúnaithe ar imeachtaí siamsaíochtaí áirithe laistigh agus chun roinnt

leasuithe a dhéanamh ar an Acht Seirbhísí Dóiteáin 1981, go háirithe chun forálacha forfheidhmithe a láidriú.

Déanann clár lárnach oiliúna a ritheann an Chomhairle Seirbhísí Dóiteáin forlíonadh ar obair an údaráis dóiteáin féin chun scileanna agus eolas i measc phearsanra na seirbhíse dóiteáin a fhorbairt agus a thabhairt cothrom le dáta. I rith na bliana 2001, d'eagraigh an Chomhairle 22 cúrsa a d'fhreastail ar 432 rannphairtí. Foilsíodh Lámhleabhar Rialaithe Dóiteáin agus Lámhleabhar Oifigeach Sinsearach i rith na bliana agus críochnaíodh Lámhleabhar Oifigeach Sóisearach den chuid is mó agus bhí obair ag dul ar aghaidh ar Lámhleabhair Ábhar Tarrthála agus Contúirteach ag deireadh na bliana. Tá tuilleadh mionsonraí de na gníomhaíochta ar thug Comhairle na Seirbhísí Dóiteáin fúthu foilsithe ina Tuarascáil Bhliantúil (féach Aguisín 6 leis na sonraí teagmhála a fháil).

Tacú le húdaráis áitiúla, laistigh den chreat oibre náisiúnta do fhreagairt éigeandála, ina bpleanáil d'éigeandálacha móra agus ina bhfreagairt ina leith

Laistigh den chreat oibre náisiúnta do fhreagairt éigeandála agus faoi chúram Thascfhórsaí an Rialtais, ba iad na príomhdhúshláin ná treoir agus tacaíocht a thabhairt do na húdaráis áitiúla i gcomhordú a bhfreagartha ar an ráig den Ghalar Crúb is Béil go luath sa bhliain agus in athbhreithniú a dhéanamh ar a mórphleananna éigeandála agus a bpleananna áitiúla, lena n-áirítear pleananna do shlándáil agus do chosaint acmhainní uisce agus soláthairtí uisce le hól, lena chinntiú go raibh siad cothrom le dáta agus éifeachtach, tar éis na n-ionsaithe i Stáit Aontaithe Mheiriceá an 11 Meán Fómhair.

Chomh maith le comhairle a chur ar údaráis áitiúla agus ar an bprótacal idirghníomhaireachtaí mar fhreagairt ar eachtraí lenar bhain amhras faoi antrasc, d'fhorbair agus d'eisigh an Roinn treoir do na seirbhísí éigeandála ar na bearta freagartha sa chás go scaoilfí oibreáin cheimiceacha.

I mí Aibreáin 2001, foilsíodh an Tuarascáil ar athbhreithniú an Choiste Idir-Rannach ar Mhór-Éigeandálacha ar thuilte Shamhain 2000. Thug an Tuarascáil imlíne ar na gníomhartha a ghlac eagraíochtaí poiblí i leith na dtuilte agus rinne moltaí d'athruithe nó d'fheabhsúcháin ar na socruithe atá ann cheana chun freagairt na seirbhísí éigeandála i gcás eachtraí tuilte a fheabhsú.

Tugadh faoi obair chomh maith ar rannpháirtíocht na hÉireann sa Mheicníocht AE chun comhoibriú neartaithe a éascú in idirghabháil chabhair cosanta cathartha laistigh den Aontas, nó lasmuigh de, ar cuireadh dlús faoi tar éis 11 Meán Fómhair.

Tacú le húdaráis áitiúla i bhforbairt chóras leabharlann poiblí ionas go mbeadh an córas sin in ann a phríomhról a chomhlíonadh i rochtain ar Shochaí an Eolais a leathnú.

Lean an Roinn, i gcomhoibriú le húdaráis na leabharlann agus leis an gComhairle Leabharlann, de chur i bhfeidhm na bpríomhchlár infheistíochta d'fhorbairt an chórais leabharlann poiblí a chur chun cinn, agus ar an gcaoi sin a chur ar chumas an chórais a phríomhról i leathnú rochtana ar Shochaí an Eolais a chomhlíonadh. Soláthraíodh deontas i gcabhair de bheagnach ¤4,091,874 do thionscadail chaipitil leabharlann i rith na bliana 2001, lena n-áirítear ¤1,269,691 do stoc leabhar. Osclaíodh 7 leabharlann nua i rith na bliana. Soláthraíodh deontas i gcabhair de ¤568,286 do thionscnaimh lenar bhain seachadadh leictreonach seirbhísí áirithe leabharlainne, oiliúint foirne leabharlainne in úsáid a bhaint as an idirlíon, agus foilsiú na treorach, ***Using the Internet*** a d'fhorbair seirbhís na leabharlann poiblí in-tí agus beidh sé in úsáid ag foireann na leabhlainne agus ag úsáideoirí leabharlainne araon.

Tháinig an Grúpa Stiúrtha a cuireadh ar bun chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na moltaí in ***Branching Out – A New Public Library Service***, le chéile ar bhonn rialta i gcaitheamh na bliana 2001 agus ar an gcaoi sin ag cinntiú go leanfar de mholtaí ***Branching Out*** a bheith á gcur i bhfeidhm ar bhealach struchtúrtha. Go háirithe, bhain mionsonraí do chlár taighde na leabharlann poiblí leis seo, socrú a dhéanamh do shuirbhé náisiúnta úsáideoirí leabharlann poiblí, agus moladh ar dheontas i gcabhair méadaithe chuig údaráis leabharlann do sheirbhísí teicneolaíochtaí an eolais agus cumarsáide. Léirigh an suirbhé ar uaire oscailte na leabharlainne méadú 7% i gcomhiomlán ar uaire oscailte ó 1998. Ina theannta seo, cheadaigh an Grúpa Stiúrtha measúnú ar thionscadal

píolótach ar úsáid shaoráidí scanála optacha i leabharlanna poiblí, a seoladh i Meán Fómhair 2000 le moltaí do threoirlínte náisiúnta agus síneadh na saoráide chuig gach údarás leabharlann.

Féachaint le feabhas a chur ar ár gcumarsáid agus ar ár bpróisis chomhchomhairleach agus ar ár socruithe le húdaráis áitiúla ionas go gcuirfear feabhas ar chomhthuiscint agus ar chomhoibriú.

In 2001, cuireadh próiseas suntasach nua comhchomhairle ar bun chun taithí a roinnt níos fearr le rialtas áitiúil. Tá taca á chur go láidir faoi chlár oiliúna do chomhairleoirí ag gach Rannán sa Roinn, agus bhí cruinniú idir oifigigh sinsearacha agus cathaoirligh Choistí Beartas Straitéiseach. Bhí an próiseas seo mar fhorlíonadh ar na gnáthchonarthaí a bhíonn á gcoimeád le Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach, Cumann Údaráis Bhardasacha na hÉireann agus Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil. Ag leibhéal oifigiúil, bhí cruinnithe ráithiúla ann idir Coiste Comhairleach Bainistíochta na Roinne agus cathaoirligh choistí Chumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach. Tugtar tacaíocht dó seo le cruinnithe ráithiúla idir na Rannáin agus na Bainisteoirí Contae/Cathrach iomchuí agus Stiúrthóirí na Seirbhíse.

Mar atá imlíne tugtha thuas air, leanadh de shocruithe ad-hoc a úsáid chun sainréimsí beartas a fhorbairt ar nós an tSamhail Riachtanas agus Acmhainní agus Córas Bainistíochta Airgeadais na n-údarás áitiúil. Rinne an Grúpa Oibre, a bunaíodh in 2000 agus atá comhdhéanta d'ionadaithe ó údaráis áitiúla agus an Roinn, Athbhreithniú ar an Dlí Rátála in Éirinn agus thuairisc chuig an Aire i mBealtaine 2001. I gcomhar le foilsiú a dtuarascála, tugadh faoi próiseas comhairleach leathanréimsiúil agus tionscnaíodh dréachtadh reachtaíochta a bhí dírithe ar an dlí rátála a thabhairt cothrom le dáta agus a chomhdhlúthú i rith na bliana 2001, agus bogadh ar aghaidh é.

Lean an Roinn de shocruithe dearfacha idirchaidrimh le cumainn ionadaíocha na n-údarás áitiúil trí chomhghníomh agus comhchomhairle i roinnt príomhréimsí, idir oibríochtúil agus reachtach, a chuir go dearfach le ról na gcomhaltaí tofa i rialtas áitiúil.

Tugtar imlíne i gcodanna eile den Tuarascáil seo faoi na réimsí feidhme éagsúla ar mhionsonraithe comhshocruithe eile le húdaráis áitiúla i bhforbairt comhthuisceana agus comhoibriú.

Ag Obair le Comhlachtaí Eile

Cuspóir
Tacú agus comhoibriú le comhlachtaí eile do chur i bhfeidhm rathúil chuid mhaith dár mbeartas agus baint amach ár spriocanna agus ár gcuspóirí

I rith na bliana 2001, thacaigh agus chomhoibrigh an Roinn, chomh maith le hidirchaidreamh a dhéanamh, le raon comhlachtaí eile, lena n-áirítear gníomhaireachtaí a oibríonn faoi choimirce na Roinne, Ranna agus Oifigí eile Rialtais, eagraíochtaí neamhrialtais agus gníomhaireachtaí eile, i gcur i bhfeidhm a beartas.

Tugtar imlíne thíos ar na gníomhartha a ndeachthas ina mbun chun tacú leis an gcuspóir thuas.

Príomhstraitéisí
Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar oibríocht ár ngníomhaireachtaí

I gcaitheamh na bliana 2001, rinne an Roinn monatóireacht agus athbhreithniú ar oibríocht ghníomhaireachtaí na Roinne agus tugtar imlíne ar mhionsonraí na ngníomhaireachtaí ar tugadh fúthu i gcodanna eile den Tuarascáil seo. Tá liosta de ghníomhaireachtaí na Roinne mionsonraithe in Aguisín 6.

An Tionscnamh Bainistíochta Straitéisí (TBS) a shíneadh chuig ár ngníomhaireachtaí

Leanadh de shíneadh an TBS chuig gníomhaireachtaí na Roinne in 2001. Faoin ***gClár um Rathúnas agus Cothroime***, éilíodh ar roinnt gníomhaireachtaí Rialtais táscairí feidhmíochta a aithint do bhogadh chun cinn chlár nuachóirithe na seirbhíse poiblí agus leanadh de dhul chun cinn i mbaint amach na dtáscairí sin i rith na bliana 2001.

I ***bPlean Gníomhartha na Seirbhíse do Chustaiméirí 2001 – 2004***, thug an Roinn tiomantas ceardlann a shocrú dá gníomhaireachtaí chun cabhrú le gníomhaireachtaí Prionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí a ghlacadh agus sárchleachtas a éascú ar fud na ngníomhaireachtaí. Bhí forbairt den sórt sin bogtha ar aghaidh ag deireadh 2001 agus tionóladh seimineár/ceardlann do na gníomhaireachtaí dá thoradh sin i Márta 2002.

Lean an Roinn da hiarrachtaí chun socruithe níos struchtúrtha agus níos córasaí a fhorbairt chun cumarsáid mhaith laistigh de na gníomhaireachtaí, agus eatarthu, a chinntiú agus chun sinéirgí a bhreithniú idir na gníomhaireachtaí agus ba chéim thábhachtach sa phróiseas seo an seimineár a tionóladh i Márta 2002.

Féachaint cur lenár gcaidreamh le comhlachtaí eile agus é a fheabhsú

Tugadh tacaíocht do roinnt de ghníomhaíochtaí na Roinne trí dhul i mbun foirne tras-rannacha. Sa réimse tithíochta, áiríodh orthu sin an Fhoireann Tras-Rannach ar Thithíocht a thuairisc chuig an gCoiste Comh-Aireachta ar Thithíocht, an Coiste Comh-Aireachta ar Uilechuimsitheacht Shóisialta, an Foireann Tras-Rannach ar Easpa Dídine agus Foireann na Straitéise Náisiúnta Drugaí. Tá imlíne tugtha ar mhionsonraí phríomhghníomhaíochtaí na gcoistí sin i rith na bliana 2001 sa chuid Tithíochta den Tuarascáil seo.

Chomh maith le húdaráis áitiúla, leanann an Roinn ag obair le roinnt comhlachtaí eile i seachadadh a cuspóirí i réimse na tithíochta. Mar shampla, is tionscnamh é an tAonad Tithíochta, a bhfuil a phríomhghníomhaíochtaí do 2001 mionsonraithe sa chuid Tithíochta den Tuarascáil seo, atá á chómhaoiniú ag an Roinn agus ag údaráis áitiúla leis an aidhm feabhas a chur ar ghnéithe bainistíochta de thithíocht údarás áitiúil.

Tá dhá chomhlacht faoi choimirce na Roinne an-rannpháirteach chomh maith i gcur i bhfeidhm an

chláir Tithíochta. I rith na bliana 2001, chuir an Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe go mór le seachadadh chlár tithíochta sóisialta, le méadú i luach na n-iasachtaí a tugadh (suas go dtí 40% in 2001). Bhí méaduithe suntasacha i luach na n-iasachtaí a tugadh d'éadáil talún (¤175 milliú) agus d'úinéireacht roinnte thithe ar phraghas réasúnta (¤200 milliún). Leanann an Ghníomhaireacht Foirgníochta Náisiúnta (GFN) de ról tábhachtach a bheith aici i gcur le cuspóir tithíochta sóisialta méadaithe trí phleananna tithíochta ar phraghas réasúnta, dheonach agus údarás áitiúil. In 2001, thug an GFN os cionn 500 teach chun críche ag glacadh tithíocht ar phraghas réasúnta, dheonach agus údarás áitiúil le chéile, i gcomparáid le 408 teach a tugadh chun críche in 2000. Bhí os cionn 1,400 teach nua á dtógáil ag an GFN ag deireadh 2001. Léiríonn rannpháirtíocht an GFN i dtograí a fhorbairt do scéimeanna tithíochta lánpháirtithe ar fud na tíre a hacmhainneacht agus a tiomantas d'uilechuimsitheacht shóisialta i soláthar tithíochta.

I rith na bliana 2001, bhí an ESRI i mbun stiúradh an tsuirbhé deichbhliantach ar bhail tithe thar ceann na Roinne agus tá imlíne tugtha ar mhionsonraí breise faoin suirbhé seo i gcuid Tithíochta na Tuarascála seo.

Tionóladh comhdháil mhór náisiúnta tithíochta in Aibreán 2001, a chomheagraigh an Roinn agus Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann. Mheall an chomhdháil dar teideal "Dúshláin Nua Tithíochta" éagsúlacht leathan rannpháirithe ón earnáil phoiblí agus phríobháideach.

Ar fud na Tuarascála seo, cuirtear mionsonraí ar fáil ar ghníomhartha ar thug an Roinn fúthu i gcomhoibriú agus in idirchaidreamh le Ranna eile Rialtais, a ngníomhaireachtaí, eagraíochtaí neamhrialtais, údaráis Thuaisceart Éireann agus comhlachtaí eile. Tá go leor dul chun cinn déanta agus bhí páirt shuntasach ag dea-chaidreamh oibre i rathúlacht na ngníomhaíochtaí sin.

Ag Obair leis an Earnáil Phríobháideach

Cuspóir
An earnáil phríobháideach a spreagadh, agus tacaíocht a thabhairt di, i gcur le soláthar bonneagair agus seirbhísí agus chun tacaíocht a thabhairt do bhearta chun acmhainneacht agus caighdeáin sa tionscal foirgníochta a ardú.

Léiríonn Comhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha (CPP) bealach nua spreagúil chun seirbhísí agus bonneagar poiblí a sheachadadh mar go soláthraíonn siad deis do luach níos fearr ar an airgead, caighdeáin fheabhsaithe, bainistiú níos éifeachtaí tionscadal agus timpeallacht feabhsaithe iomaitheachta ar féidir leo oibriú laistigh di. Tá an Roinn chun tosaigh i mbogadh ar aghaidh thionscadal CPP agus i meicníochtaí a cheapadh lena chinntiú do ndéantar go héifeachtúil iad. Ní ráthaíocht ann féin go n-éireoidh le tionscadal ós rud é go dtugtar faoi ag baint úsáide as socruithe CPP. Tá an-tábhacht le feidhmiú. Tá rolladh-amach réidh na gclár bonneagar criticiúil chun go n-éireoidh leis an ***bPlean Forbartha Náisiúnta 2000 – 2006*** (PFN) agus tá ról tábhachtach ag PPP chun go dtarlóidh sin.

Tá dul chun cinn suntasach déanta agus tugtar imlíne thíos ar mhionsonraí na ngníomhaíochtaí éagsúla ar tugadh fúthu i gcaitheamh na bliana 2001 i gcur i bhfeidhm na bpríomhstraitéisí a aithnítear i ***Ráiteas Straitéise 2001 – 2004*** chun tacú le baint amach na gcuspóirí thuasluaite.

Príomhstraitéisí
Athbhreithniú rialta feidhmíochta, forbairtí agus ionchais sa tionscal foirgníochta a chinntiú le tagairt ar leith d'acmhainneacht an tionscail an *Plean Forbartha Náisiúnta 2000 – 2006* a sheachadadh

Is ionann aschur foirgníochta anois agus isteach agus amach le 20% den OTN agus fostaíonn an earnáil tógála duine as seachtar den 1.7 milliún duine atá ag obair san eacnamaíocht. Thuairisc athbhreithniú bliantúil an tionscail foirgníochta, ***An Tionscal Foirgníochta: Athbhreithniú 2000; Réamhfhaisnéis 2001 – 2003***, a foilsíodh i Meán Fómhair 2001, go raibh ráta fáis na gníomhachtaí foirgníochta ag lagú ó mheán de bhreis is 10% in aghaidh na bliana thar an tréimshe 1994 go dtí 1999, go dtí meastachán de 6% i 2000, agus tuar de 3% in aghaidh na bliana thar an tréimhse 2001 go dtí 2003. Tá an aschur tógála ag brath go mór ar fhás eacnamúil. Bhí tionchar diúltach, áfach, ag gach ar tharla don eacnamaíocht de bharr na n-imeachtaí tragóideacha i Stáit Aontaithe Mheiriceá an 11 Meán Fómhair 2001 ar nithe a ndearnadh talamh slán díobh agus a bhí mar bhonn do na tuair bhliantúla athbhreithnithe. Admhaíonn réamhaisnéiseoirí neamhspleácha eacnamaíochta go bhfuil neamhchinnteacht as cuimse ann maidir leis na tuair do 2002 agus do na blianta ina dhiaidh sin.

Leagann an ***Plean Gnímh chun Acmhainneacht an Tionscail Foirgníochta a Leathnú***, a foilsíodh i Meitheamh 2001, amach pacáiste cuimsitheach bearta chun acmhainneacht foirgníochta a leathnú i 4 phríomhréimse – soláthar daonchumhacht oilte a mhéadú, an timpeallacht pleanála agus rialála a fheabhsú agus forlíonadh a dhéanamh ar acmhainneacht baile ón gcoigríoch. Tá an Plean Gnímh á choimeád faoi athbhreithniú i gcomhthéacs an nuachóirithe sa leibhéal teilgthe maidir le gníomhaíocht foirgníochta.

Comhpháirtíocht a éascú idir cliaint na n-earnálacha poiblí agus príobháideach agus an tionscal foirgníochta, tríd an bhFóram don Tionscal Foirgníochta, chun feabhas a chur ar an bpróiseas tógála agus ar sholáthar tógála.

Tá an Fóram don Tionscal Foirgníochta, a dhéanann maoirsiú ar chur i bhfeidhm mholtaí Thuarascáil an Choiste Straitéiseach Athbhreithnithe ar an Tionscal Foirgníochta, ionadaíoch ar gach páirtí don phróiseas foirgníochta ón earnáil phríobháideach agus ón earnáil phoiblí araon. I rith na bliana 2001, rinne an Fóram athbhreithniú ar a líonra de Thascfhórsaí ag léiriú an dul chun cinn atá déanta i bhfeidhmiú mholtaí an Choiste Straitéiseach Athbhreithnithe. Ina theannta seo, chomhaontaigh an Fóram moltaí ar a obair amach anseo agus d'fhoilsigh ***Treoir Chliant i leith Fáisnéisithe agus an Phróisis Tógála*** i rith na bliana 2001.

Reachtaíocht a chur chun cinn maidir le cumhachtaí forfheidhmithe údarás áitiúil a neartú i dtaca le rialú foirgníochta lena chinntiú go gcloítear le caighdeáin foirgníochta

I mí na Samhna 2001, cheadaigh an Rialtas dréachtú Bille Rialaithe Foirgníochta d'fhonn cumhachtaí forfheidhmithe Údarás áitiúil Rialaithe Foirgníochta a neartú agus d'fhonn socrú a dhéanamh maidir le clárú na dteideal "Ailtire", "Suirbhéir Cainníochta" agus Suirbhéir Foirgníochta" ar mhaithe le cosaint tomhaltóirí.

Rinneadh an chéad chaighdeán comhchuibhithe do tháirge traidisiúnta foirgníochta (suimint) a ghlacadh sa bhliain 2001 faoi Threoir na dTáirgí Tógála (89/106/CEE); thug Comhlachas Caighdeán Náisiúnta na hÉireann an caighdeán sin isteach mar IS: EN 197 (Codanna 1 agus 2). Sa bhliain 2001, lean an Roinn de chur chun cinn a dhéanamh, chun críocha rialaithe foirgníochta, maidir le haistriú réidh ó chaighdeáin náisiúnta go caighdeáin chomhchuibhithe Eorpacha.

Rinneadh dul chun cinn i rith na bliana 2001 i dtaca le feabhas a chur ar fhorfheidhmiú na Rialachán Foirgníochta ag an leibhéal áitiúil. Faoi lár na bliana 2001, measadh go raibh iniúchtaí ar-láithreáin á ndéanamh ag tuairim is 90% de na hÚdaráis áitiúla Rialaithe Foirgníochta. Bhí thart ar 75% de na húdaráis i ndiaidh an spriocleibhéal iniúchtaí (12%-15% d'fhorbairtí) a bhí leagtha síos ag Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach a bhaint amach agus tá rún daingean ag na húdaráis eile an sprioc sin a bhaint amach a luaithe is féidir.

Foirgníocht atá inchothaithe i gcomhthéacs timpeallachta a chur chun cinn, lena n-áirítear caighdeáin inslithe foirgnimh a fheabhsú mar chuid de *Straitéis Náisiúnta na hÉireann maidir le hAthrú Aeráide*

Mar atá luaite anseo roimhe seo sa chuid den Tuarascáil seo a bhaineann leis an Timpeallacht, chabhraigh an Comhlacht Comhairleach um Rialacháin Foirgníochta leis an Aire le linn forbairt a dhéanamh ar Dhoiciméid Chomhairliúcháin ar leasuithe a bheartaítear a dhéanamh ar Chuid L de na Rialacháin Foirgníochta (Breosla agus Fuinneamh a Chaomhnú) d'fhonn méadú a dhéanamh ar fheidhmíocht theirmeach/chaighdeáin inslithe tithe nua. Foilsíodh na Doiciméid Chomhairliúcháin i Meán Fómhair 2001 agus tháinig deireadh leis an tréimhse chomhairliúcháin i mí na Samhna 2001. Fuarthas 50 aighneacht agus tá breithniú á dhéanamh orthu ag an gComhlacht Comhairleach um Rialacháin Foirgníochta. Táthar ag súil go ndéanfaidh Cuid L Chinntitheach agus leasuithe ar Dhoiciméad Treorach Teicniúla L a fhoilsiú sa bhliain 2002.

Rinne an tAire Stáit, Roibeard Ó Maoildhia, an tríú Gradam Foirgníochta Inchothaithe a bhronnadh ar Oifigí Ceantair an Chlocháin Léith de chuid Chomhairle Chontae Dhún na nGall i mí na Samhna 2001.

I gcomhar le Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí eile, polasaí náisiúnta a fhorbairt maidir le cur chun feidhme Comhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha (CPP) mar mhodh chun bonneagar a sholáthar agus seirbhísí a thabhairt faoin *bPlean Forbartha Náisiúnta (PFN) 2000 - 2006*

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis an gclár CPP a thabhairt ar aghaidh i rith na bliana 2001 agus leirigh an earnáil phríobháideach spéis mhór i líon áirithe Tionscadal CPP a tháinig ar an margadh i rith na bliana.

Tá an Roinn ag tacú leis an bpróiseas CPP trí fhorbairt a dhéanamh ar dhoiciméid chreata polasaí, ar nótaí treorach agus ar nótaí teicniúla. Is é an cuspóir atá ann ná a chinntiú go bhfuil próiseas éifeachtach comórtais ann agus go bhfuil cóimheá chothrom ann i dtaca le comhroinnt freagrachtaí idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach. I Meán Fómhair 2001, rinneadh Creat Polasaí do Thionscadail CPP sna Seirbhísí Uisce, mar aon le nótaí teicniúla ar cheapadh comhairleoirí agus ullmhú Measúnachtaí CPP, a eisiúint. Ag deireadh na bliana 2001, cuireadh tús le hobair ar ullmhú doiciméad den tsamhail céanna don earnáil bainistithe dramhaíola. Bhí dul chun cinn mór déanta ag deireadh na bliana 2001 i dtaca le forbairt múnla-chonarthaí do Chonarthaí Deartha, Tógála agus Oibrithe dramh-uisce agus i dtaca le córas faireacháin feidhmíochta le haghaidh conarthaí CPP in earnáil na seirbhísí uisce faoi choimirce an Ghrúpa Náisiúnta Oiliúna Seirbhísí Uisce. I mí Bhealtaine

2001, bhunaigh an Roinn painéal 3 bliana de chomhairleoirí dlí agus airgeadais chun cabhair a thabhairt maidir le forbairt agus fáil tionscadal CPP san earnáil seirbhísí uisce agus san earnáil bainistithe dramhaíola.

Déanann an Roinn iarracht freisin a chinntiú go scaiptear faisnéis faoi CPP go forleathan agus fágann an próiseas cumarsáide sin gur féidir coincheap an CPP a chur chun cinn agus go bhfuil deis ann chun constaicí ar chur chun feidhme a d'fhéadfadh a bheith ann a phlé agus aird a tharraingt orthu. Tá iarracht déanta ag an Roinn, trí chiorcláin, nuachtlitreacha, seisiúin eolais agus seimineáir (lena n-áirítear 2 sheimineár réigiúnacha CPP d'údaráis áitiúla), eolas a mhéadú ar CPP i measc daoine i rialtas áitiúil agus san earnáil phríobháideach araon.

Ag deireadh na bliana 2001, bhí ceadú tugtha do 53 thionscadal leanúint ar aghaidh ar bhonn CPP agus táthar ag súil go mbeidh airgeadas príobháideach ar fiú ¤1 bhilliún é le fáil do na tionscadail sin, is é sin le rá, 55% den sprioc atá leagtha amach sa PFN. Tugtar miondealú sa tábla anseo thíos ar staid an dul chun cinn ag deireadh na bliana 2001 i dtaca leis na 53 thionscadal a ceadaíodh.

Tionscadail CPP a Ceadaíodh				
Staid an Dul Chun Cinn ag deireadh 2001	**Bóithre**	**Uisce**	**Dramhaíl**	**Iomlán**
Conradh bronnta agus				
• Ag céim na tógála	1	7	-	8
• I ngníomh	-	2	-	2
	1	9	-	10
Tionscadal ceadaithe agus				
• Ag céim na fála	4	7	-	11
• Ag fanacht le dul go céim na fála	6	25	1	32
	10	32	1	43
Iomlán	**11**	**41**	**1**	**53**

Nótaí:
- Tá mioneolas faoi na tionscadail seo le fáil ar an láithreán gréasáin, www.ppp.gov.ie.
- Chomh maith le tionscadail atá sa tábla seo, tá roinnt tionscadal beaga eile ann a bhfuil ceadú CPP faighte acu (i.e. tionscadail ar lú ná ¤5 mhilliún a luach caipitiúil agus ar lú ná 5 bliana a dtréimhse oibríochta)

I dteannta earnáil na mbóithre, earnáil an uisce agus an earnáil bhainistithe dramhaíola, tá an cur chuige CPP á chur chun cinn anois san earnáil tithíochta agus, i mí Lúnasa 2001, iarradh ar údaráis áitiúla moltaí a dhéanamh d'fhonn roinnt tionscadail phíolóta oiriúnacha a chur ar aghaidh.

Ó tharla go bhfuil an Roinn seo i measc na Ranna ina bhfuil an líon is mó tionscadal CPP, tá ról tábhachtach aici maidir le forbairt polasaí náisiúnta agus is rannpháirtí gníomhach í sa Ghrúpa Idir-Roinne CPP agus sa Ghrúpa Comhairleach CPP. Ba iad na nithe is tábhachtaí a tharla ag an leibhéal náisiúnta i rith na bliana 2001 ná foilsiú ***Creat do Chomhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha*** ag an Roinn Airgeadais, a aontaíodh leis na Comhpháirtithe Sóisialta, agus foilsiú an Bhille um Údaráis Stáit (Socruithe le haghaidh Comhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha), 2001, ag an Aire Airgeadais ar Bille é a bhí ceaptha chun a chinntiú go bhfuil dóthain cumhachtaí ag údaráis Stáit chun socruithe CPP a dhéanamh.

Struchtúr a fhorbairt a dhéanann socrú maidir le roinnt chothrom chóimheáite freagrachtaí idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach agus maidir le timpeallacht iomaíoch i dtaca le soláthar bonneagair agus seirbhísí thar an réimse earnálacha a bhfuil an Roinn freagrach astu agus i leith ghníomhaíochtaí de chuid údarás áitiúil

Ceanglaítear leis an ***gCreat do Chomhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha*** go mbeidh na priacail a ghabhann le soláthar bonneagair agus seirbhísí á roinnt go cothrom idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach. Ag an am céanna, tá spreagadh á dhéanamh ag an Roinn, tríd an bpróiseas CPP, i leith iomaíochta méadaithe maidir le soláthar seirbhísí d'fhonn táirgiúlacht agus éifeachtúlacht a fheabhsú agus, faoi dheireadh, d'fhonn seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar don phobal.

Cuireann an Roinn an straitéis seo chun feidhme trí creataí polasaí agus treoir eile a fhorbairt ag an leibhéal earnálach agus, ar an tslí sin, cuirtear san áireamh an Creat Náisiúnta CPP agus an taithí atá

faighte trí thionscadail phíolóta a chur chun cinn. I rith na bliana 2001, tugadh treoir shonrach i ndáil leis na seirbhísí uisce agus na hearnálacha tithíochta mar atá luaite thuas. Is gnéithe tábhachtacha den straitéis seo freisin cur chun feidhme clár cumarsáide agus oiliúna mar thaca le comhlachtaí poiblí agus comhlachtaí príobháideacha atá páirteach in CPP agus soláthar airgeadais le haghaidh tionscadal nuálach laistigh den earnáil rialtais áitiúil. Tá údaráis áitiúla, a bhfuil tacaíocht acu ó Chiste Deontas CPP na nÚdarás Áitiúil, tar éis éirí níos gníomhaí de réir a chéile i dtaca le roghanna CPP a shaothrú lasmuigh de na príomhchláir bhonneagair rud atá soiléir i gcomhthéacs an líon iarratas chuig an gCiste. Leithroinneadh ¤1.301 milliún san iomlán sa bhliain 2001, rud a fhágann gurb é an tsuim iomlán a leithroinneadh ó cuireadh tús leis an gCiste sa bhliain 2000 ná ¤2.663 milliún. Tugtar miondealú anseo thíos ar na 15 iarratas a ceadaíodh sa bhliain 2001.

Iarratais a ceadaíodh sa bhliain 2001 faoi Chiste Deontas CPP na nÚdarás Áitiúil, de réir chineál an tionscadail



Scrúdú a dhéanamh, i gcomhairle leis an earnáil phríobháideach agus le páirtithe leasmhara eile de réir mar is cuí, ar an scóip le haghaidh ról níos mó a bheith ag ionstraimí eacnamaíochta agus tionscnamh freagrachta táirgeora sna polasaithe éagsúla timpeallachta

I rith na bliana 2001, leanadh den obair a bhaineann le tacaíocht a thabhairt, agus forbairt a dhéanamh, i leith tionscnamh nua freagrachta táirgeora agus ionstraimí eacnamaíochta mar shampla an tobhach ar mhálaí siopadóireachta agus an tobhach ar dhramhaíl a dhiúscairt ar láithreáin líonta talún. Tugtar tuilleadh sonraí sa chuid den Tuarascáil seo a bhaineann leis an Timpeallacht.

Cuid 3 Aguisíní

Aguisín 1 Gníomhaíocht Reachtúil

Leagtar amach thíos sonraí maidir le gníomhaíocht Reachtúil don Roinn i rith na bliana 2001.

ACHTANNA OIREACHTAIS

An tAcht Rialtais Áitiúil (Uimh. 37 de 2001)
I mí Iúil 2001 achtaíodh An tAcht Rialtais Áitiúil 2001 tar éis don Oireachtas forálacha an Achta a bhreithniú. Déanann an tAcht comhdhlúthú ar an reachtaíocht rialtais áitiúil, déanann sé dlí atá as dáta a aisghairm agus déanann sé creat nua-aimseartha reachtúil a sholáthar do chóras rialtais áitiúil. Tacaíonn sé leis an gclár athnuachana rialtais áitiúil agus tugann sé isteach réimse athchóirithe chun cur le nádúr bunúsach baonlathach rialtais áitiúil. Is iad príomhaidhmeanna an Achta ról an chomhalta tofa a mhéadú, tacú le rannpháirt an phobail leis na húdaráis áitiúla i ndaonlathas áitiúil rannpháirtiúil, nuashonrú a dhéanamh ar an reachtaíocht rialtais áitiúil agus creat a sholáthar do chórais nua bainistíochta airgeadais agus do nósanna imeachta eile chun cur leis an éifeachtacht agus leis an éifeachtúlacht.

An Bille Toghcháin (Leasú), 2001 (Uimh. 38 de 2001)
Díríonn An Bille Toghcháin (Leasú), 2001 ar na bacainní a bhíonn roimh chlárú vótálaithe agus roimh vótáil sa chóras reatha agus déanann sé socrú maidir le réimse ceisteanna a spreagfaidh vótálaithe chun rannpháirtíochta. Ar na bearta a áirítear san Acht tá: forálacha d'úsáid grianghraf agus feathal ar pháipéir bhallóide, d'oscailt níos moiche na stáisiún vótaíochta, do chóip mhór clóite de na páipéir bhallóide a bheith á taispeáint sna foirgnimh vótaíochta, d'eolas breise ar na cártaí vótaíochta, do vótáil chompánach do dhaoine a bhfuil deacrachtaí litearthachta acu, agus vótáil ag oibrithe vótaíochta. Déanann sé socrú freisin do chlár toghthóirí faoi eagarthóireacht ina bhfágfar ar lár sonraí na ndaoine nach mian leo go mbainfí úsáid as a n-ainm chun críche seachas críoch toghcháin nó críoch reachtúil eile; déanann sé socrú chun go mbeidh vótálaí cláraithe a athraíonn a sheoladh nó a seoladh in ann iarratas a dhéanamh ar iontráil ar ar bhforlíonadh; déanann sé soiléiriú ar an gcritéir cáilíochta aoise d'iontráil ar an bhforlíonadh; cuireann sé síneadh ama leis an spriocdháta d'iontráil ar an bhforlíonadh agus déanann sé freagracht maidir le faomhadh scéimeanna vótaíochta a chineachadh ón Aire ar údaráis áitiúla. Ina theannta seo, soláthraíonn an tAcht an bonn reachtach chun vótáil leicreonach agus comhaireamh leictreonach vótaí a thabhairt isteach.

An tAcht um Mótarfheithiclí (Dleachtanna agus Ceadúnais) 2001 (Uimh. 22 de 2001)
Déanann an tAcht seo socrú d'athruithe ar rátaí cánach mótair agus ar cheadúnais pláta trádála.

Acht an Reifrinn 2001 (Uimh. 53 de 2001)
Déanann Acht an Reifrinn 2001 leasú ar fheidhmeanna Coimisiúin Reifrinn. Déanann sé an ceanglas go n-ullmhódh sé ráiteas nó ráitis lena leagfaí amach na hargóintí ar son an togra agus ina aghaidh a aisghairm agus tugann sé feidhm nua don Choimisiún, an pobal a dhéanamh eolach ar an reifreann agus saoránaigh a spreagadh chun vótála.

An tAcht um Bainistiú Dramhaíola (Leasú) 2001 (Uimh. 36 de 2001)
Déanann an tAcht seo socrú do mheicníocht lena bhféadfar próiseas pleanála na bainistíochta dramhaíola, atá breis agus ceithre bliana ar siúl, a thabhairt chun críche go sásúil. Déanann an tAcht socrú do leasú ar alt 30 d'Acht 1996 chun go bhféadfar athghabháil nó diúscairt aicme sonraithe dramhaíola i saoráidí sonraithe dramhaíola a chosc nó a theorannú; do thobhach nua comhshaoil go ¤0.15 ar sholáthar málaí plaisteacha siopadóireachta ag miondíoltóirí; do thobhach ar líonad talún dramhaíola, ag ráta tosaigh nach mó ná ¤15 an tonna; agus do bhunú 'Ciste Comhshaoil' trína ndéanfar fáltais ó na tobhaigh seo a íoc amach chun cistiú a dhéanamh ar thionscnaimh thairbhiúla comhshaoil i réimsí éagsúla.

Na Rialacháin fán Acht um Thruailliú Aeir 1987 (Sonraíochtaí Comhshaoil do Bhreoslaí Peitril agus Díosail) (Leasú) 2001 (I.R. Uimh. 234 de 2001)
Déanann na Rialacháin seo leasú ar na Rialacháin fán Acht um Thruailliú Aeir 1987 (Sonraíochtaí Comhshaoil do Bhreoslaí Peitril agus Díosail) 1999 (I.R. Uimh. 407 de 1999) agus déanann siad Treoir 2000/71/CE ón gComhairle a thraschur go reachtaíocht na hÉireann. Déanann na Rialacháin seo socrú d'úsáid modhanna tástála áirithe uasdátaithe agus oiriúnaithe chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh sonraíochtaí comhshaoil do bhreoslaí peitril agus díosail.

Na Rialacháin fán Acht um Thruailliú Aeir 1987 (Gléasra Tionscail a Cheadúnú) (Leasú Táillí), 2001 (I.R. Uimh. 575 de 2001)
Déanann na Rialacháin seo leasú ar na Rialacháin fán Acht um Thruailliú Aeir 1987 (Gléasra Tionscail a Cheadúnú) 1988 (I.R. Uimh. 266 de 1988) trí na suimeanna iomchuí Euro a chur in ionad na dtáillí atá liostáilte sna Rialacháin.

Na Rialacháin fán Acht um Thruailliú Aeir 1987 (An Cion Sulfair in Ola Bhreosla Throm agus in Ola Gháis) 2001 (I.R. Uimh. 13 de 2001)
Tugann na Rialacháin seo éifeacht do Threoir 1999/32/CE ón gComhairle a bhaineann leis an gcion sulfair i mbreoslaí leachtacha áiithe agus lena leasaítear Treoir 93/12/CEE. Cuireann na Rialacháin cosc sa stát ar úsáid olaí breosla trom ina bhfuil cion sulfair is mó ná 1% maise ón 1 Eanáir 2003 agus cuireann siad cosc ar úsáid olaí ina bhfuil cion sulfair is mó ná 0.2% maise in ionad an choisc ar mhargaíocht ar na holaí seo. Ina theannta seo, déanann na Rialacháin socrú do laghdú breise ar an gcion sulfair go cion sulfair nach mó ná 0.1% maise ó 1 Eanáir 2008. Leagann na Rialacháin amach, den chéad uair, cion reachtúil sulfair (1%) d'ola bhreosla throm, a mbeidh feidhm aige ó 1 Eanáir 2003. Tá ola bhreosla throm á úsáid i ngineadh cumhachta agus i dtioscail áirithe, agus breosla le cion 3% sulfair á úsáid. Tacaíonn na Rialacháin seo freisin leis na rialuithe ar chion sulfair ola gáis (ola téacháin teaghlaigh, ola gháis talmhaíochta agus den chéad uair, ceirisín eitleoireachta agus ola gháis mhuirí). Tá cosc ón mbliain 1994 ar dhíol ola gáis a bhfuil níos mó ná.2% sulfair inti, agus cuireann na Rialacháin seo cosc ar a húsáid os cionn na teorann seo. Éilíonn na Rialacháin seo go laghdófaí de leath go 0.1% an teorainn sulfair faoin 1 Eanáir 2008.

An tOrdú um Theorainn Cheantar Uirbeach Bhéal an Átha a Athrú 2001 (I.R. Uimh. 603 de 2001)
Déanann an tOrdú seo socrú maidir le teorainneacha an bhaile lena mbaineann a athrú agus maidir le nithe iarmhartacha.

An tOrdú um Theorainn Cheantar Uirbeach Bhéal an Átha a Athrú (Forlíontach) 2001 (I.R. Uimh. 604 de 2001)
Déanann an tOrdú seo socrú maidir le teorainneacha an bhaile lena mbaineann a athrú agus maidir le nithe iarmhartacha.

An tOrdú um Theorainn Cheantar Uirbeach Chaisleán an Bharraigh a Athrú 2001 (I.R. Uimh. 638 de 2001)
Déanann an tOrdú seo socrú maidir le teorainneacha an bhaile lena mbaineann a athrú agus maidir le nithe iarmhartacha.

An tOrdú um Theorainn Cheantar Uirbeach Chaisleán an Bharraigh a Athrú (Forlíontach) 2001 (I.R. Uimh. 639 de 2001)
Déanann an tOrdú seo socrú maidir le teorainneacha an bhaile lena mbaineann a athrú agus maidir le nithe iarmhartacha.

Na Rialacháin um Láithreáin Thréigthe (Limistéir Uirbeacha) 2001 (I.R. Uimh. 578 de 2001)
Déanann na Rialacháin seo limistéir i gcontaetha an Chláir agus Laoise a fhorordú chun bheith ina limistéir uirbeach chun críocha an Achta um Láithreáin Thréigthe 1990.

An tOrdú fán Acht um Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath, 1997 (Talamh a Aistriú) 2001 (I.R. Uimh. 332 de 2001)
Déanann an tOrdú seo úinéireacht tailte áirithe feadh Cé John Rogerson i limistéar Dhugthailte Bhaile Átha Cliath a aistriú ó Chuideachta Phort Bhaile Átha Cliath chuig Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Faisnéis do Thomhaltóirí maidir le hEacnamaíocht Bhreosla agus Astaíochtaí CO_2 Gluaisteán Paisinéirí Nua) 2001 (I.R. Uimh. 339 de 2001)
Tugann na Rialacháin seo éifeacht do Threoir 1999/94/CEE ón gComhairle maidir le fáil a bheith ar fhaisnéis do thomhaltóirí maidir le heacnamaíocht bhreosla agus Astaíochtaí CO_2 i leith margaíochta gluaisteán paisinéirí nua. Sonraíonn na Rialacháin na ceanglais maidir le faisnéis do thomhaltóirí atá le taispeáin ar lipéid gluaisteán nua agus ar phóstaeir ag díolphointí. Ceanglaítear treoir faisnéise do thomhaltóirí a chur ar fáil ag comhlacht údaraithe (Cumann Thionscal Mótair na hÉireann) agus í a chur ar fáil saor in aisce ag gach díolphointe. Ní mór don litríocht phoiblíochta agus d'aon ábhar poiblíochta faisnéis iomchuí do thomhaltóirí a bheith iontu freisin.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) (Leasú) 2001 (I.R. Uimh. 538 de 2001)
Díríonn na Rialacháin seo, i dteannta na Rialachán Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt) (Leasú) 2001, ar an rialú ó Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa i Meán Fómhair 1999 nach ndearna Éire an Treoir um Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT) a thraschur go cuí maidir le foraoisiú agus eastóscadh móna. Déanann na Rialacháin socrú do thabhairt isteach, ag Aire na Mara agus Acmhainní Nádúrtha, córais nua tola reachtúla i leith an fhoraoisithe. Ina theannta seo, tá an tairseach éigeantach MTT don fhoraoisiú íslithe ó 70 heictéar go 50 heictéar agus déantar socrú d'fhéidearthacht MTT faoi bhun an tairsigh sin i gcás gur dóigh go mbeadh tionchar mór ag tionscadal ar an timpeallacht. I gcás eastóscadh móna, tá an tairseach éigeantach MTT íslithe ó 50 heictéar go 30 heictéar. Ina theannta seo, tugtar isteach leasuithe ar an Acht um Fhiadhúlra (Leasú) 2000 agus ar Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnáthóga Nádúrtha) 1997 chun go bhféadfar MTT a dhéanamh i gcás an eatósctha móna i Limistéir Gnáthóg Nádúrtha agus i Limistéir Chaomhantais Speisialta, faoi seach, i gcás inar dóigh go mbeidh tionchar suntasach ag tionscadal atá faoi bhun an tairsigh phleanála 10 heictéar (féach nóta maidir le I.R. Uimh. 539).

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Tiománaithe a Cheadúnú) 2001 (I.R. Uimh. 168 de 2001)
Déanann na Rialacháin socrú maidir leis an Tástáil Teoirice Tiomána a thabhairt isteach.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Feithicil Inneallghluaiste do Dhul i Seirbhís) 2001 (I.R. Uimh. 374 de 2001)
Éilíonn na Rialacháin seo go mbeadh gearrfhoirm de dheimhniú comhréireachta le Treoracha sonraithe ón AE istigh le hiarratais chuig na Coimisinéirí Ioncaim chun feithiclí nua a úsáidfear chun líon níos mó ná 8 bpaisinéir a iompar agus feithiclí earraí nua a chlárú. Déantar socrú sna Rialacháin maidir le díolúintí áirithe.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gluaisteán Paisinéirí do Dhul i Seirbhís) 2001 (I.R. Uimh. 373 de 2001)
Éilíonn na Rialacháin seo go mbeadh gearrfhoirm de dheimhniú comhréireachta le Treoracha sonraithe ón AE istigh le hiarratais chuig na Coimisinéirí Ioncaim chun feithiclí nua a úsáidfear chun líon níos mó ná 8 bpaisinéir a iompar. Déantar socrú sna Rialacháin maidir le díolúintí áirithe. Toirmeascann siad catalóir ionaid a shuiteáil ar fheithicil mura bhfuil sé cineálcheadaithe.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Trácht ar Bhóithre) (Árachas Éigeantach) (Leasú) 2001 (I.R. Uimh. 463 de 2001)
Tugann na Rialacháin seo éifeacht dhlíthiúil d'fhorálacha na Chéad Treorach um Árachas Mótair (72/166/CEE), arna leasú, i ndáil le socruithe cómhalartacha éigeantacha árachais tríú páirtí a leathnú chuig an tSlóivéin, an Chróit agus an Chipir, de bhua a mBiúrónna Árachais Mótair a bheith ina bpáirtí sa Chomhaontú Iltaobhach Rathaithe idir na Biúrónna Náisiúnta Árachais (O.J. Uimh. L177 of 5.7.1991) agus cinntí sainithe ón gCoimisiún i ngach cás. Déanann siad foráil freisin maidir le seiceálacha randamacha teorann agus inmheánacha ar fheithicil as tíortha atá ina bpáirtithe den Chomhaontú thuasluaite.

Na Rialacháin um Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe (Úsáid Choimeádta) 2001 (I.R. Uimh. 73 de 2001)
Is é bunchríoch na Rialachán éifeacht a thabhairt do Threoir 90/219/CEE ón AE, arna leasú le Treoir 98/81/CE, ar úsáid choimeádta micreaorgánach géinmhodhnaithe. Is é cuspóir na Rialacháin a chinntiú go gcosnófar daoine agus an comhshaol ar aon drochthorthaí a eascraíonn as úsáid

choimeádta orgánach géinmhodhnaithe. Tá éifeacht ag na Rialacháin ón 15 Márta 2001 agus is í an GCC an t-údarás náisiúnta inniúil.

Na Rialacháin um Acht na dTithe 1966 (Talamh a Fháil) (Leasú) 2001 (I.R. Uimh. 320 de 2001)
Tagann na Rialacháin seo in ionad Fhoirmeacha 4 agus 9 sna Rialacháin um Acht na dTithe 1966 (Talamh a Fháil) 2000.

Rialacháin na dTithe (Deontais le haghaidh Daoine Míchumasaithe agus Deisiúchán Bunriachtanach) 2001 (I.R. Uimh. 607 de 2001)
Déanann na Rialacháin seo comhdhlúthú agus nuashonrú ar na Rialacháin a chuaigh rompu a bhí ag déileáil leis na scéimeanna seo. Ar na hathruithe tá: méadú ar an uasmhéid is féidir a chúiteamh le húdaráis tithíochta, Deontas le haghaidh Daoine Míchumasaithe, uasmhéid éifeachtach de ¤12,700 i gcás tithe atá níos lú ná 12 mhí d'aois, méaduithe ar an gcéatadán de chostas faofa oibreacha is féidir le húdarás áitiúil a íoc i bhfoirm deontais i leith tí phríobháidigh faoin Scéim Deontais do Dhaoine Míchumasaithe, íocaíocht an dara Deontas le haghaidh Deisiúchán Bunriachtanach agus leathnú na Scéime Deontais le haghaidh Deisiúchán Bunriachtanach chuig limistéir uirbeacha.

Rialacháin na dTithe (Deontais Fheabhsúcháin) (Díonta Tuí) 2001 (I.R. Uimh. 610 de 2001)
Déanann na Rialacháin seo foráil dhlíthiúil don Scéim Deontais Tuíodóireachta. Déanann na Rialacháin nuashonrú ar na suimeanna deontais atá ar fáil agus tugann siad isteach leibhéal ardaithe deontais d'iarratasóirí atá i seilbh cárta leighis.

Rialacháin na dTithe (Liúntas Morgáiste) 2001 (I.R. Uimh. 606 de 2001)
Déanann na Rialacháin seo foráil dhlíthiúil d'athruithe ar an Scéim Liúntais Morgáiste. Déanann na Rialacháin nuashonrú go ¤11,450 ar an liúntas morgáiste agus ardaíonn siad an t-íoscheanglas maidir le morgáiste ó ¤12,700 go ¤38,000. Déanann siad socrú chun go mbeidh cónaitheoirí i dtionscadail Scéimeanna Fóirdheontais Cíosa agus Cúnaimh Chaipitiúil tairbhe a bhaint as an scéim tar éis cónaí a dhéanamh ar feadh breis agus bliain i dTithíocht Shaorálach. Déanann siad socrú freisin go mbeidh córas teasa seachas córas bunaithe ar ghual biotúmanach i dtithe nua a thógtar i limistéir shonraithe.

Na Rialacháin um Rialacháin na dTithe (Deontas do Thithe Nua etc.) 1990 (Leasú) 2001 (I.R. Uimh. 609 de 2001).
Déanann na Rialacháin seo foráil dhlíthiúil d'athruithe sa Scéim Deontais do Thithe Nua. Méadaíonn na Rialacháin go ¤12,190 an t-uasdeontas atá ar fáil ar Oileáin agus cuireann siad deireadh leis an Deontas ¤3,810 do Thithe Nua do Dhaoine Míchumasaithe a bhí á íoc roimhe seo ag an Roinn (mar gheall ar an leibhéal níos airde cistithe atá ar fáil anois faoin Scéim Deontais do Dhaoine Míchumasaithe i leith tithe atá níos lú ná 12 mhí d'aois. Déanann siad socrú freisin go mbeidh córas teasa seachas córas bunaithe ar ghual biotúmanach i dtithe nua a thógtar i limistéir shonraithe.

Na Rialacháin um Rialacháin na dTithe 1980 (Leasú) 2001(I.R. Uimh. 608 de 2001)
Déanann na Rialacháin seo socrú dlíthiúil d'athruithe ar na Scéimeanna Iasachta d'fheabhsúcháin Tithe Údaráis Áitiúil. Déanann siad nuashonrú ar na critéir cháilitheacha agus méadaíonn siad ó ¤19,046 (¤25,395 ar oileáin chósta) go ¤38,000 (¤50,000 ar oileáin chósta) i gcás ina mbíonn an t-iasacht faoi urrús ag morgáiste ar an teach agus ó ¤7,618 go ¤15,000 i gcás gur iasacht gan urrús atá i gceist.

An tOrdú um an Acht Rialtais Áitiúil 2001 (Tosach Feidhme) 2001 (I.R. Uimh. 458 de 2001)
Tugann an tOrdú seo mionfhorálacha ginearálta agus teicniúla áirithe i ngníomh ar an 9 Deireadh Fómhair 2001. Tugann sé i bhfeidhm freisin ar an 1 Eanáir 2001 Cuid 23 den Acht, a bhaineann le scairshealbhán i Temple Bar Properties Ltd. a aistriú chuig Bardas Átha Cliath.

An tOrdú um an Acht Rialtais Áitiúil 2001 (Tosach Feidhme) (Uimh. 2) 2001 (I.R. Uimh. 551 de 2001)
Tugann an tOrdú seo tosach feidhme d'alt 142 a chumasaíonn don Aire Rialacháin a dhéanamh maidir le luach saothair agus liúntais a íoc le comhaltaí d'údaráis áitiúla.

An tOrdú um an Acht Rialtais Áitiúil 2001 (Tosach Feidhme) (Uimh. 3) 2001 (I.R. Uimh. 588 de 2001)
Tugann an tOrdú seo líon mór forálacha sonraithe i ngníomh, lena n-áirítear aisghairmeacha, le héifeacht ón 1 Eanáir 2002. Déileálann forálacha le nithe ar nós: toghcháin áitiúla, Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach; feidhmeanna údaráis áitiúil; an tseirbhís rialtais áitiúil; idirghníomhaíocht leis an bpobal áitiúil; talamh agus nithe ilghnéitheacha eile.

An tOrdú um an Acht Rialtais Áitiúil 2001 (Boird Forbartha Cathrach agus Contae) 2001 (I.R. Uimh. 589 de 2001)
Tugann an tOrdú seo éifeacht reachtúil do bhunú Bord Forbartha Cathracha agus Contae i ngach aon cheann de na 34 údarás Contae agus Cathrach.

An tOrdú um an Acht Rialtais Áitiúil 2001 (An Lá Bunaithe) 2001 (I.R. Uimh. 591 de 2001)
Luann an tOrdú seo gurb é 1 Eanáir 2002 an lá bunaithe chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil. Mar shampla, déanann Cuid 2 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 an bonn reachtúil a sholáthar amhlaidh, le héifeacht ón dáta sin do gach údarás áitiúil, lena n-áirítear teidil nua d'údaráis áirithe.

Na Rialacháin um an Acht Rialtais Áitiúil 2001 (Forálacha Forlíontacha) 2001 (I.R. Uimh. 590 de 2001)
Déileálann na Rialacháin seo le nithe idirthréimhseacha áirithe ar nós: cruinnithe údarás áitiúil go dtí go ndéanfar forálacha eile an Achta agus nithe nós imeachta a bhaineann le cumainn aitheanta faoi alt 128 a chur chun feidhme.

Na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt) (Leasú) 2001 (I.R. Uimh. 539 de 2001)
Ba é críoch na Rialachán seo foraoisiú tosaigh a bhaint amach as an gcóras rialála pleanála, i gcomhthráth le tabhairt isteach córais toilithe reachtúil ar leith ag Aire na Mara agus Acmhainní Nádúrtha faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) (Leasú) 2001 agus an tairseach pleanála a ísliú d'eastóscadh móna ó 50 heictéar go 10 heictéar.

Na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt) (Táillí) 2001 (I.R. Uimh. 525 de 2001)
Is é bunchríoch na Rialachán socrú a dhéanamh maidir leis na táillí pleanála atá ann cheana agus a íoctar le húdaráis phleanála agus leis an mBord Pleanála a aistriú go dtí méideanna caoithiúla in Euro. Tá na táillí nua, a mbeidh éifeacht acu ón 1 Eanáir 2002, bailchríochnaithe síos i bhfabhar an chustaiméara arna n-aistriú. Déanann na Rialacháin socrú freisin do cheathrú táille a bheith i gceist i gcás iarratais phleanála arna n-údarú le cead atá faoi réir na rialach seargtha 2 bhliain faoi alt 96 (15) den Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt) 2000.

Treoir Ghinearálta Polasaí Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt) (Siopadóireacht) 1998 (Ordú Cúlghairme) 2001 (I. R. Uimh. 1 de 2001)
Déanann an tOrdú seo socrú nach mbeidh feidhm a thuilleadh ag an Treoir Ghinearálta Polasaí maidir le haon iarratais ar fhorbairt a bheidh faighte ag údaráis phleanála ar an 2 Eanáir 2002 nó dá éis sin.

Na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Íocaíocht Ionadaitheach do Chomhaltaí) 2001 (I.R. Uimh. 552 de 2001)
Déanann na Rialacháin seo socrú d'íocaíocht ionadaitheach do chomhaltaí údarás áitiúil de réir alt 142 den Acht Rialtais Áitiúil 2001, le feidhm ón 1 Eanáir 2002.

Na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) (Táillí) 2001 (I.R. Uimh. 573 de 2001)
Déanann na Rialacháin seo socrú maidir le táillí atá iníoctha faoi na hAchtanna Rialtais Áitiúil a aistriú go dtí méideanna caoithiúla in Euro. Tá éifeacht ag na táillí nua ón 1 Eanáir 2002 agus rinneadh bailchríochnú síos i bhfabhar an chustaiméara orthu arna n-aistriú i ngach cás.

An tOrdú fán Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (Tosach Feidhme) 2001
Tugann ann tOrdú seo gach alt de Chuid XVI (Events and Funfairs) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 i bhfeidhm, seachas alt 239 a bhaineann le dálais agus áineaslanna. Tugann sé tosach feidhme freisin d'ailt ghaolmhara áirithe san Acht, lena n-áirítear na hailt sin maidir le hionchúiseamh i leith cionta a shonraítear i gCuid XVI.

An tOrdú fán Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (Tosach Feidhme) (Uimh. 2) 2001 (I.R. Uimh. 599 de 2001)
Tugann an tOrdú seo Caibidil I de Chuid VI den acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 i bhfeidhm agus baineann sé le comhdhéanamh an Bhoird Pleanála agus comhaltacht ar an gcéanna. Déantar na forálacha sna hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 1963 go 1999, a dtagann an Chabidil seo ina n-ionad, a aisghairm.

An tOrdú fán Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (Tosach Feidhme) (Uimh. 3) 2001 (I.R. Uimh. 599 de 2001)
Déanann an tOrdú seo socrú do theacht i bhfeidhm na bhforálacha eile uile beagnach, den Acht um Pleanáil agus Forbairr 2000 ar bhonn céimnithe. Ar 21 Eanáir 2002, tháinig Cuid IV (Oidhreacht Ailtireachta), Caibidil II de Chuid VI (Eagrúchán, foireann an Bhoird Pleanála), Cuid VII (Leasanna a Nochtadh) and Cuid XIII (Taitneamhachtaí), mar aon le forálacha gaolmhara eile i bhfeidhm. Ina theannta seo, tugtar ailt áirithe eile den Acht i bhfeidhm ar an dáta sin. Is iad sin na forálacha sin i gCuid I den Acht a bhaineann le forbairt, le forbairt dhíolmhaithe. development, agus le cumhachtaí scrúdaithe agus suirbhéireachta an údaráis pleanála agus le cumhacht an chéanna faisnéis a éileamh. Tugtar tosach feidhme freisin d'Alt 180 a bhaineann le dul i bhfeighil ar eastáit. Déantar na forálacha sna hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 1963 go 1999, a dtagann na forálacha seo ina n-ionad, a aisghairm. Ar 11 Márta tagann gach Cuid eile den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 i bhfeidhm. Déanann an tOrdú seo na forálacha sin de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 1963 go 1999 nach raibh aisghairmthe roimhe sin, a aisghairm. Ina theannta seo, déantar na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt) 1994 go 2001 a chúlghairm.

Na Rialacháin fán Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (Ócáidí Lasmuigh a Cheadúnú) 2001 (I.R. Uimh. 154 de 2001)
Is é is críoch do na Rialacháin seo an cineál dálais a n-éileofar ceadúnas ina leith faoi Chuid XVI den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, agus socrú a dhéanamh do nithe a bhaineann le nós imeachta agus riarachán maidir le hiarratais ar dheonú ceadúnas agus maidir le ceadúnais do dhálais agus maidir le dálais a bheidh á reáchtáil ag an údarás áitiúil.

Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Cathaoirleach agus Gnáth-Chomhaltaí den Bhord Pleanála a Cheapadh) 2001 (I.R. Uimh. 336 de 2001)
Baineann na Rialacháin seo le Cathaoirleach agus gnáthchomhaltaí an Bhoird Pleanála a cheapadh, faoi Chaibidil 1 de Chuid VI den Acht um **Pleanáil agus Forbairt**

Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (I.R. Uimh. 600 de 2001)
Is é is críoch do na Rialacháin seo an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 a chur chun feidhme. Déanann na Rialacháin seo comhdhlúthú ar na Rialacháin uile arna ndéanamh roimh sin faoi Acht 2000 agus tiocfaidh siad in ionad na Rialachán Rialtas Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt) 1994 go 2001. Tiocfaidh Codanna 1, 2, 3, 5, 6, 14, 15, 16 agus Caibidil 1 de Chuid 7 agus Sceidil 1, 2, 11 agus Foirmeacha Uimh. 1 agus 2 de Sceideal 4 de na Rialacháin seo i ngníomh ar 21 Eanáir 2002. Tiocfaidh an chuid eile de na Rialacháin seo i ngníomh ar an 11 Márta.

Na Rialacháin um Cháilíocht Uisce Snámha (Leasú) 2001 (I.R. Uimh. 22 de 2001)
Déanann na Rialacháin seo an trá ag an tSrúibh, Co. Dhún na nGaill, a ainmniú mar limistéar ionnalta chun críocha na Rialachán um Cháilíocht Uisce Snámha 1992. Déanann siad freisin feidhm a shannadh ar an GCC maidir le difrithe a dheonú faoi airteagal 5 de Rialacháin 1992. Déanann na Rialacháin líon na limistéar ionnalta ainmnithe a mhéadú ó 130 go 131 (áiríonn an líon seo sáile agus fíoruisce).

Na Rialacháin um Cháilíocht Uiscí Iasc Sliogáin (Leasú) 2001 (I.R. Uimh. 459 de 2001)
